


Biseach 2004



**Iris Chumann Forbartha
Chois Fharraige**

€4.00

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal

Is fiú go mór duit a bheith i do bhall

- Ráta iomaíoch úis ar iasachtaí bíodh siad beag nó mór
- Gan costas ná táille á ghearradh ar na seirbhísí
- Rátaí tarraingteacha ar do choigilteas
- Clúdach árachais saoil saor in aisce ar d'iasachtaí
- Is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa

Tar isteach agus labhair linn ag aon am, beidh fáilte romhat.

Bíonn muid ar oscailt ar na laethanta seo a leanas

	Oifig an Chnoic	Tír an Fhia
Dé Luain	10.30 – 4.00	
Dé Máirt	10.30 – 4.00	
Déardaoin	10.30 – 5.00	
Dé hAoine	10.30 – 5.00	12.30 – 1.30
Dé Sathairn	9.30 – 2.30	

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

Bíonn oifig Thír an Fhia oscailte ar an Aoine, óna 12.30 i.n. go dtí 1.30 i.n.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.





pobal



forbairt



teanga

cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>



CE THÚ FÉIN?

BISEACH

Iris Chuuman Forbartha Chois Fharraige

NOLLAIG 2004

Eagarfhocal

I gcaitheamh na bliana atá caite ghlac Cumann Forbartha Chois Fharraige seasamh láidir sa díospóireacht faoin aird ba cheart a thabhairt ar an nGaeilge sa chóras pleanála maidir le tithíocht sa Ghaeltacht. Thug an Cumann tacaíocht leanúnach freisin d'fheachtais náisiúnta dírithe ar ionad na Gaeilge sa saol poiblí a bhuanú agus a fhairsingiú agus ar aitheantas cuí a bhaint amach don teanga i gcaidreamh na tíre leis an Aontas Eorpach. Is údar áthais dúinn an dul chun cinn atá tarlaithe le déanaí sna réimsí seo —feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceapadh Choimisinéir Teanga, éileamh an Rialtais ar stádas mar theanga lánoifigiúil oibre don Ghaeilge san Aontas Eorpach, agus an t-aitheantas atá tugtha don Ghaeilge sa chóras pleanála i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

Is céimeanna cinniúnacha iad sin go léir do thodhchaí na teanga agus in ainneoin na míshástachta a léirigh an Cumann le gnéithe de na forbairtí seo le linn don phlé a bheith ag dul ar aghaidh, is maith an ceart dúinn anois an moladh is dual a thabhairt dóibh siúd a thug i gcrích iad. Thar aon duine eile tá an moladh sin ag dul don Aire Éamon Ó Cuív as a dhúthracht ag cur na mbeartas seo chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. agus is ceart freisin tréaslú leis an gComhairle Contae as an nGaeltacht a aithint ina bPlean Forbartha mar cheantar speisialta ó thaobh pleanála. Ar aon dul leis an gcuid eile den tír, bhí fáilte mhór sa phobal seo roimh cheapachán Sheáin Uí Churraín mar Choimisinéir Teanga. Ba dheacair duine níos feiliúnaí ná é a shamhlú leis an bpost agus guímid gach rath air i mbun a chuid oibre.

Is fada pobal na Gaeltachta cleachtaithe ar an nGaeilge a chur ina bpóca agus géilleadh do bhrú an Bhéarla nuair a bhímid ag plé le heagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí, ranna áirithe Rialtais ina measc. Cuireann feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ceapachán an Choimisinéara tús le ré nua i gcaidreamh lucht labhartha na Gaeilge leis na dreamanna seo. Anois den chéad uair riamh, beidh ceangal reachtúil ar chomhlachtaí poiblí seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar i réimsí sonraithe dá ngnó. Fáiltímid roimh an socrú seo agus tuigimid gur fúinne anois atá sé an chéad chéim eile a thógáil, mar atá, leas a bhaint as na seirbhísí Gaeilge atá á soláthar faoi láthair agus a sholáthrófar amach anseo de réir fhorálacha an Achta.

Pádraig Ó Héalaí

CLÁR

	Lth.
Iubhaile Órga	2
Muintir na Cathrach	4
Ógánaigh an Chnoic	7
Tigh Mholly	8
Beo go Deo	11
An Tulaigh	13
Scríbhneoirí Óga	15
Naíonra agus Naíolann	16
Liathróid Láimhe	17
Glór na nGael	18
Na Stáisiúin	20
Ó Shelerno go Sailearna	22
Coláiste Lurgan	25
Comhar Creidmheasa	27
Seo Uait	28
Lóchrann	30
Ionad Leighis	32
Cumann Forbartha	35
Scéim Shóisialta	36
Imeachtaí na Scoilbhliana	39
Drámaíocht	40
Óige	42
Obair an Chumainn Forbartha	44
Scríbhneoirí	47
Reilig an Chnoic	48
An Brat Glas	49
Camógaíocht	49
Ionad Tacaíochta	50
Fíricí an Pharóiste	55

In eagar ag Gaelscript Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-505555
Priontáil: Clódóirí Lurgan Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-593251

Iubhaile Órga An Athar Colm

Is ócáid áthais is comhghairdis dúinn sa bpobal seo go bhfuil an tAthair Colm Ó Ceannabháin ag ceiliúradh a Iubhaile Órga. Tá leathchéad bliain caite aige ina shagart, bail ó Dhia is ó Mhuire air. Corr-uair a thárlaíonn a leithéid i bpobal. An rud is annamh, is iontach.

Rugadh Colm, mac le Páraig Ó Ceannabháin agus Máire Ní Chonghaile as na hAille, ar 3/3/1928 agus bhaist an tAth Liam Ó Catháin é i Séipéal Naomh Ainnín an Chnoic ar an 4/4/1928 in éineacht le beirt pháistí eile as an bpobal. Buaileadh branda Chríost ar an triúr, rinneadh páirteach i sagartacht Chríost iad ar an lá.

Tá sé ráite sa seanfhocal go bhfuil sé deacair an slat a chruann le haois a shníomh ina gad. Fáisceadh Colm as teaghlach agus as baile a raibh meas ar chreideamh agus ar chleachtadh creidimh agus muinín láidir ag a mhuintir as Dia.

“Thuas atá an Chabhair – anuas atá a haghaidh”.

Is goire Cabhair Dé ná an doras; Tá Dia láidir agus Máthair mhaith aige”. B’shin í an ghnáthchaint a bhí le cloisteáil sa mbaile agus an teagasc céanna faoi Ghrá Dé agus grá na gcomharsan le fáil ag an scoil. Ag breathnú siar ar an gcomhluadar as ar fáisceadh Colm ní hiontas ar bith go mbeadh smaointe faoi sheirbhís do Chríost agus dá Eaglais ag snámh trí intinn an bhuachalla óig ag éirí aníos i gcomhluadar freastalachta. Mhéadaigh an dúil, an fonn chun freastalachta ar an duine óg i rith na mblianta i gColáiste Iarfhilatha mar scoláire agus bhí sé de mhisneach aige an ghairm ó Dhia chun a bheith ina shagart a chur chun cinn agus a fhorbairt ar feadh na seacht mbliana a chaith sé ina ábhar sagairt i gColáiste Mhá Nuad. Oirníodh ina shagart é agus chuir sé cóta bán Chríost air féin leathchéad bliain ó shin go ham seo le freastal ar phobal Dheoise Thuama.

Bhí sé féin agus tríocha de na sagairt a hoirníodh ar an lá céanna leis ar ais i Má Nuad arís i mbliana ag ceiliúradh a Iubhaile Órga agus ag gabháil buíochais do Dhia na Glóire faoi na grástaí agus buanna a bronnadh

orthu le freastal ar an ngairm sagartóireachta a fuair siad ó Dhia. Tá sé ar ais ag a phobal féin anois agus an phribhléid tugtha dúinn bheith ag ceiliúradh a Iubhaile Órga leis agus ag glacadh buíochais le Dia faoi sheirbhís Choilm mar shagart ar feadh leathchéad bliain i ndeoise Thuama. “Is fearr an ghaisce a mhaítear ná an ghaisce nach ndéantar” agus ar an nóta sin breathnaigh siar ar sheirbhís an Athar Choilm.

Tús a Shaoil

Chaith sé tús a shaoil i gColáiste Iarfhilaithe lena shaibhreas creidimh, teanga agus cultúir a roinnt le scoláirí Thuama. Is iomaí sin duine a labhraíonn Gaeilge le canúint Chonamara anois a d’fhoghlaim siad ó bhéal Choilm agus is iomaí sin leathchois a buaileadh ar chlár agus is iomaí sin clár a lúbadh faoi thorann na ndamhsóirí mar gheall ar an gcleachtadh a tugadh do dhaoine óga lena gcur faoi réir le haghaidh fleánna, is feiseanna. Mar gheall ar a scil féin i liathróid láimhe agus cúrsaí peile – sé fhéin is Sean Purcell a ghruaigh Craobh Hogan na hÉireann do Choláiste Iarfhilatha i 1947 – bhí sé in ann dul i bhfeidhm ar dhaoine óga ag éirí aníos agus iad a striúriú le bealach Chríost a chleachtadh.

Cuireadh siar go Cill Chiaráin ina dhiaidh sin é agus níl le déanamh agat ansin le toradh a chuid oibre a fheiceáil ach breathnú timpeall agus feicfidh tú halla mór Chiaráin a thóg Colm le freastal ar Phobal Chill Chiaráin.

I ndiaidh Chill Chiaráin cuireadh go dtí An Chrois é, i gCo. Mhaigh Eo, mar Shagart Paróiste. Níor lig sé a mhaidí le sruth ansin ach oiread agus chuir sé slacht is athchóiríú ar an seanséipéal is ar theach an tSagairt.





Foireann Peile Micheál Breathnach 1952 ar a raibh an tAth Colm Ó Ceannbháin

Ar chúl ó chl: Maurice Kavanagh, Máirtín Ó Cualáin, Colm Ó Ceannbháin, Maidhceo Sailí Ó Flatharta, Paddy (Mheait) Mac an Iomaire, Colm Mhicilín ??, Cóilín Mac Donncha, Lorcán Ó Cualáin, Tomás Ó Conghaile;

Chun tosaigh, ó chl: Seamus Gilroy, Peety Ó Sé, Willy Pháidín Mac Donncha, Máirtín Ó Márta, Tomás Mac Donncha, ? O'Donnell agus Peait (Thaidhg) Ó Conaire atá sa bpictiúr beag thíos ar chl.

Ní raibh sé ach roinnt bheag de bhlianta ina shagart Paróiste ar an gCeathrú Rua agus leag sé go talamh an seanteach don shagart Paróiste agus chuir ceann nua as an bpíosa ina áit.

Cé go raibh a scileanna in obair thógála cruthaithe go maith aige, 'sí an oíche agus an ócáid is mó a chuirfeadh gliondar ar Cholm, an oíche faoi Nollaig agus faoi Cháisc is séipéal na Ceathrún Rua lán go doras ag an bpobal ag searmanas an Athmhuintearais. D'fheicfeá an gáire le sásamh intinne céanna ar a bhéal is atá le feiceáil fós ar a bhéal i seanphictiúir de fhoireann Mhicheál Breathnach théis Craobh an Chontae a bhuachtáil.

Tá obair mhór déanta ag an Ath. Colm ar an Tulaigh cheana féin ach ba dheas uaidh filleadh ar a dhúchas nuair ba léir nach raibh sagart ar bith eile ann le teacht ann. In áit a mhaidí a ligean le sruth tar éis leathchéad bliain de sheirbhís sa deoise níor chuimhnigh sé ar éirí as mar sí seirbhís freastalachta an manaigh atá sa bhfear.

Déanaimis uilig comhghairdeas le Colm ar cheiliúradh a Iubhaile Órga. Guímis fad saoil air, sláinte an bhradáin agus dea-thoradh ar a chuid oibre i bpobal Colm Cille ar an Tulaigh.

Tá sagairt gann sa deoise faoi láthair. Tá an fómhar fairsing ach an Meitheal Oibre beag. Guígí Máistir an Fhómhair tuilleadh a chur amach le fómhar Dé a bhaint.



Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 091-593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Muintir na Cathrach

Pádraic Tom Bán Breathnach

Tá baile fearainn na Cathrach suite dhá mhíle dhéag taobh thiar de chathair mhór na Gaillimhe ar an bpríomhbhóthar as Gaillimh go Conamara Thiar. Dhá mhíle siar ó shráidbhaile an Spidéil, ag síneadh leis ar an taobh thoir, tá an Púithrín agus ar an taobh thiar tá An Chéibh Nua, nó Coill Rua Thiar mar a tugtar air le blianta beaga anuas.

Tugtar Baile na gCoiníní air freisin ach tá roinnt áibhéile i gceist anseo agus is leasainm é i ndáiríre. Go deimhin níor thaithnigh sé le muintir na Cathrach agus tharraing sé roinnt conspóide san am a chuaigh thart. Is baile breá aerach, sceirdiúil é atá crochta suas go breá os cionn leibhéal na farraige.

Tá an t-ainm féin bunaithe ar charnán mór cloch, ar nós crannóige, atá amuigh ar loch ach 'sé an tuairim is coitianta de réir na leabhra staire gur balla cosanta a bhí ann, nó dún. Agus mé ag déanamh taighde, dúirt fear amháin liom gurb é an scéal a chuala sé féin agus é ag fás suas ná go raibh coillte ag fás in aice an chladaigh agus dath rua orthu. Thaispeáin sé an spota dom.

Tá na mapáí ón séú céad déag ag taispeáint "Collerye" nó "Coyleroe" agus 'sé mo bhreithiúnas pearsanta féin go raibh Coill Rua ag síneadh ó Abhainn an Chnoic go Sruthán an tSagairt idir teorann an Phúithrín agus Saile Thúna, agus go raibh na bailte fearainn seo a leanas sa gceantair sin: Baile na mBroghach, Baile na hAbhann, An Chéibh Nua, Cathair Poillíní agus níos deireanaí Púithrín. Déanadh scrios iomlán ar na Poillíní oíche na gaoithe móire agus is dóigh nár chuidigh An Gorta Mór leis ach an oiread agus níor fágadh cleithín ann.

Thóg na daoine na tithe níos faide soir sa ngleann agus tugadh

ainm nua ar an bPúithrín. Tá na seanbhallaí le feiceáil go follasach fós ann. De réir dhaonáirimh 1855 bhí tríocha a trí teach ann.

Tá dhá sheanbhóithrín ann ó roimh aimsir an Ghorta agus an t-uafás staire agus scéalta ag baint leo. An ceann atá taobh thoir den bhaile, le teorann an Phúithrín agus daoine ag baint úsáid agus tairbhe as fós, tá trí ainm air, Bóithrín an tSagairt, Bóithrín Phaidí Ceannaí agus An Bóithrín Buí. Níl aon chuntas ar sagart paróiste nó séiplíneach a bhí ann nó an raibh aon pháirt gníomhach aige, agus chuala mé luaidreáin agus cogarnaíl agus mé i mo ghasúr go mb'fhéidir gur sagairt é a bhí coinnealbháite. Bhíodh go leor gasúir ag teacht isteach aige agus cúpla fód móna ag cnádadh ar an tine. Chuireadh sé comhairle orthu gan aon áird a thabhairt ar an dream a bhí ag dul thart ag iompú daoine in aghaidh an creidimh agus an séipéal Protastúnach a bhí ag an Spidéil a sheachaint.

Ach Paidí Ceannaí bocht, bhí feilm mhór ag a mhuintir i dTiobraid Árann agus dúradh leis bean áithrid a phósadh agus dhiúltaigh sé. Dúirt sé nach raibh sé i ngrá léi, agus tugadh an bhuatais amach dó. Bhíodh sé ina chónaí i gcampa agus tá sé ráite go raibh foghlaim mhaith air. Aisteach go leor b'as Tiobraid Árann an sagart freisin.

Bhíodh taibhse an tsagairt le feiceáil sa seanbhóithrín blianta ina dhiadh sin, agus chonaic m'athair féin é, Tom Bán. D'inis sé an scéal go minic. Bhíodh sé ag cúirtéireacht ann agus é ar a bhealach abhaile ó "Time".

Bóithríní

Bóithrín na Réagánaigh: Tá sé ag síneadh leis an gCéibh Nua. Bhí clann Réagáin agus cúpla teach eile ina gcónaí ann roimh an nGorta nó fiú amháin cúpla céad bliain ó shin. Chuaigh siad ar fad go Meiriceá. Tá an bóithrín seo dúnta isteach ar fad anois ach tá na seanbhallaí fós ann.

Bóithrín na gCurraoiní: Seo an Bóithrín a bhfuil mé féin im' chonaí air. Tógadh é mar pháirt de scéim Bhord na gCeantar Cúng thart ar 1880. Bhí go leor talaimh ag na Curraoiní anseo. Fiú amháin an garraí a bhfuil mo theach féin tógtha air, Garraí Mór na gCurraoiní an seanainm a bhí air. Tá sé ráite nach raibh clái ná fál ar an taobh seo den bhaile.

I dtús na naoú haoise déag seanbhóithrín eile a bhí an-áisiúil le dul síos go híochtar an bhaile go dtí an cladach ná an Bóithrín Páirteach, díreach amach ar aghaidh Ard Iothlainn Shéamais agus is léir ón ainm go raibh scata de na comharsanaí páirteach le chéile ann.

Dheisigh Bord na nOibreacha Poiblí cuid de na bóithre seo sna caogaidí agus chuir siad caoi agus cóir mhaith orthu chomh maith le saothrú a thabhairt do mhuintir na háite. Dhá phunt deich scillingeacha an pháigh a bhí ann. Bhí mo sheanmháthair féin, Jude Ní Mhárta, ag obair ar na bóithre seo thart ar 1880 agus í ina cailín óg ag iompar cloch ar a droim le cliabh a bhí déanta as coll. Bhíodh na clocha seo tógtha as na leachtaí a bhí piochta as an talamh. Bean mhór láidir chnámhach a bhí inti. Ciseog a d'úsáideadh cuid de na mná eile agus bhíodh cuid eile fós acu ag úsáid a naprún. Chuile sheans go raibh cuid acu ag iompar clainne agus cuid eile acu meánaosta.

Sé pingine sa lá a bhíodh na mná a fháil, deich bpingine sa lá a bhí do na fir agus dhá scilling do na carraeirí. D'ainneoin na n-ardaithe a tháinig ar an gcíos níor tháinig mórán ardú ar an ráta páigh ó 1840, beagnach leathchéad bliain roimhe sin. Mar sin fhéin, bíodh coimhlínt mhór le haghaidh na fostaíochta, suaraí, anróití seo.

Tugann sé léargas cé chomh crua is a bhí an saol. Ní thugtar aimsir an drochshaoil air gan fáth. Ach bhí teaghlaigh ann a bhí níos achmhainní ná a chéile, ar nós gaibhne, fíodóirí, táilliúirí, báillí, tuíodóirí, caoladóirí, cúipéirí, siúnéirí, saortha cloch agus fir ceirde eile. Bhí siad sin ar fad ar an gCathair.

Leagan Amach

Scoil: Chuaigh mo sheanmháthair ag scoil bheag a bhí ar cheann an bhóthar. Ní raibh ann ach scioból dáiríre. Bhíodh sé ag scríobh ar sclátaí le píosa cailce. Tá sé ráite go raibh scoil bheag eile ag a haintín, Honor Kilmartin, suas an baile. Ochtar gasúr a bhí sa rang aici sin. Tá an cró beag ina sheasamh fós. Bhí scoil eile ag ceann Bóithrín na Céibhe – duine de Mhuintir Uí Laoi a bhí ag múineadh ansin.

Siopa: Bhí siopa ar an mbaile ó 1890, amuigh ar an mbóthar Mór. Tígh Cheata Jude an sean-ainm a bhí air ach teach ósta agus teach aíochta cáiliúil atá anois ann, Tígh Chualáin agus tá súil agam go mbeidh sé ann céad bliain eile.

Toibreacha agus Srutháin:

Buntáiste mhór a bhí ag an mbaile seo go raibh sruthán ag sníomh anuas tríd ón loch atá dhá mhíle suas bóthar an phortaigh. Sruthán Bhriarta an t-ainm atá uirthi agus níor thriomaigh sí ariamh. Tá trí ainm ar an loch: - Loch Sheáin Bhean, Loch Phaitsín agus Loch Nuala. Tobar Sheáin Dan, ar an mbóthar mór, an tobar fíoruisce ba cáiliúla sa gceantar agus níor thriomaigh sé sin ariamh ach an oiread mar ní raibh sé ach cúpla coiscéim ón sruthán. Bhíodh daoine ag tíocht ó bhfad is i ngearr ag tarraingt uisce as. Thaostáí é chuile shamhradh agus ghiantaí amach an roille bhuí agus aon salachar a bhí ann agus chuirí brat maith aoil ar na taobhanna agus isteach sna clocha. Bhí an-chreistiúint ag na seandaoine san aol.

Bhí garraí ag Tom Mhicilín Ó Cualáin, nach maireann, thuas ar bharr an bhaile agus bhí tobar beannaithe ann. Théadh daoine ar thuras ann, ag guí ag siúl timpeall an tobair agus bhíodh siad ag caitheamh corrhíosa airgid síos ann freisin. Tá tobar fíoruisce eile thuas ar an bportach sin againne, áit a dtugadh muide an “*Tower Beag*” air, nó “*Tobar an Mháille*” agus muid ag fás suas. Tá sé an-deacair a thíocht air mar tá sé istigh i scaip faoi bhun aille. ‘Sé an teocht chéanna atá an t-uisce samhradh agus geimhreadh. Is ann a d’fhághadh muide uisce an tae. Dath buí a bhíodh air, é an-bhlasta go deo agus i bhfad níos fearr ná uisce na locha le haghaidh tae.

Leac na Tine Cnámh: Thart ar míle suas an Bóithrín Thiar atá Leac na Tine Cnámh. Is ann a bhíodh an tine chnámh agus mo dheaide ag fás aníos. Bhí tú in ann í a fheiceáil

as Co. an Chláir, ach roimhe sin bhí cillín nó tornóg ann agus thugtaí na clocha anoir as Cnoc na Cathrach le haol a dhéanamh ann. D’úsáidtí an t-aol leis na tithe ceann tuí a phéinteáil go mór mhór aimsir na stáisiún ar an mbaile. “*Whitewashing*” a thugaidís ar an bpróiseas sin. Scaiptí an t-aol amuigh ar an talamh freisin, go mór mhór ar thalamh a bhí le cur.

Tithe: Go dtí an seachtú céad déag bhí na tithe an-scáinte go deo sa gceantar seo. Is fíorbheagán daoine a bhí ina gcónaí anseo mar gheall ar an iargúlacht agus an drochthalamh ach tháinig athrú mór air sin tar éis ghabháil Chromail. Bhí sé mar shórt dídine agus tearmainn ag an dream a díshealbhaíodh nó a cuireadh as seilbh in áiteachaí eile den tír agus faoin naoú céad déag bhí an áit tiubh le daoine. Mar shampla níor fágadh ach Breathnach amháin i gCill Chainnigh agus cá fhios nach shin an fáth go bhfuil mise anseo inniu. Bhí an seanteach a rugadh mise ann dhá chéad go leith nó trí chéad bliain d’aois agus ba é an peaca gur leagadh é, ach sin scéal eile. Mar a deireadh mo mhama, Kate, “Ina dhiaidh a fheictear a leas don Éireannach, agus roimhe don Sasanach”. Tá mé ag ceapadh nach raibh sí i bhfad amach.

Sa mbliain 1915 bhain An Chathair, atá i dTiobraid Árann, clú amach di féin i gcóras taistil na tíre seo nuair a thosaigh Charles Bianconi an chéad sheirbhís rialta cóiste idir Cluain Meala agus An Cathair – ocht míle bealaigh ar shé pingine do thuras fillte. Tá sé dochreidte nach raibh aon Bhreathnaigh, Coistealbhaigh, Cualánaigh ná Neachtain ina gcónaí ar an mbaile seo. Ó Curraoin agus Ó Conghaile ab ea 80% de na sloinnnte ag an am.

* * *

Garrantaí: Seo trasghearradh de ainmneacha neamhghnácha gharrantaí an bhaile:

Garraí an Leanna, Garraí Sheáinín, Leach Uilic, Garraí Stiofáin Mhóir, An Chreig Mhór, Garraí an Fhíodóra, Garraí Bheairtle Eibhlín, Garraí na hÁith, Garraí an tSraith, Garraí an Tóchair, Garraí na Cóilis', An Tobairín, Cnocáin an bhFíochán, Na Beilteannaí, Rinn Nápla, Currachaín Mháire Ní Fhátharta, An Sclagarnach, Garraí Mór na gCurraoiní, Rinn Shéamais, Garraí Beag Bhríd Óig, Garraí Beag na Jumpers, Na Páirceannaí Rua, Cnocán na Geal Adhairce.

Carraigeacha: Seo iad an cuid is mó de na carraigeacha atá ar thrá na Cathrach. Tá siad ainmnithe i ndiaidh daoine ar fad beagnach, ach cérbh iad na daoine seo. Tuilleadh taighde le déanamh agus scéal do lá eile:

Lochán Nóra Ghoill, Carraig Donnelly, Cloch Phádraig

Bairéad, Cathaoir Antaine, Carraig Nóra, Carraig Joe, Leach Aibhistín, Carraig Áine, An Charraig Liath, Cora na Teorann, An Charraig Fhiáin, Leac na mBod, Na Blacks, Trá an Ghainimh, An Trá Bheag, An Chúl Charraig, An Smutáinín, Carraigín na Carra, Cloch Mhóir an Chlochair.

Tá mé fíorbhuíoch do na daoine ar fad a thug an t-eolas dom agus a chabhraigh liom leis an taighde seo, go mór mhór muintir an bhaile. Tá an t-uafás eile le déanamh agus níl mé ach ina thús. Má tá aon eolas ag éinne, go mór mhór faoi ainmneacha na ngarrantaí, na gcarraigeacha nó aon eolas eile bheinn an-bhuíoch as é a fháil. Faoi cheann cúig nó deich mbliana eile beidh sé rómhall. Ní féidir linn stiall mhór dár n-oidhreacht agus dár ndúchas a scaoileadh le fána anois. Tá se tábhachtach nár ligfeadh muid ár maidí le sruth.

Daonra

	1841	1851	1861	1871	1881	1891	1901	1911
Aille	308	250	239	239	247	217	216	184
Both Chúna Thoir	290	257	263	230	201	237	223	236
Both Chúna Thiar	283	242	208	219	231	214	226	233
Clochar na gCon	1	3	5	11	11	11	10	11
Clochar na Lára	9	10	6	4	5	9	9	5
Doire Choill	21	37	34	40	59	55	65	62
Glionnán	4	3	6	5	5	6	9	8
Coill Rua Thoir	234	168	161	165	77	198	188	193
Coill Rua Thiar	203	179	186	185	308	189	183	167
Leitir Fir	8	18	7	5	10	13	11	6
Lochán Beag	256	393	356	391	434	385	362	336

Líon tithe

	1841	1851	1861	1871	1881	Limistéar Acraí	1891	1901	1911
Aille	55	41	47	48	41	798	43	44	37
Both Chúna Thiar	47	44	36	38	38	494	37	37	37
Both Chúna Thoir	48	45	45	44	39	418	39	39	40
Clochar na gCon	1	1	1	2	2	2324	2	3	4
Clochar na Lára	1	1	1	1	1	716	1	1	1
Coill Rua Thiar	34	34	32	33	49	910	32	34	34
Coill Rua Thoir	43	33	31	30	12	822	32	37	34
Doire Choill	4	6	6	7	8	1428	7	8	8
Glionnán	1	1	1	1	1	1228	1	1	1
Leitir Fir	1	2	1	1	1	2296			
Lochán Beag	46	63	71	79	74	1762	70	75	66

Ógánaigh an Chnoic 2004



Céad Chomaoineach

Tosach, ó chlé: Corey Ó Loideáin, Dean Ó Curraoin, Dominic Ó Coisdealbha, Aindriú Ó Duibheannaigh, Dónall Mac Aodha Bhuí, Antaine Mac Donncha, Pádraig Ó Finneadhá, Seán Hill, Tomás Ó Maoláin.

Lár, ó chlé: Lisa Ní Chadhain, Ciana Ní Churraoin, Doireann Ní Choisdealbha, Aoife Ní Thuathail, Brogan Ní Choisdealbha, Síofra Ní Chlochartaigh, Éabha Nic Dhonnagáin, Michelle Jordan, Tara Mc Craith, Leona Bairéad, Seána Ní Ghríofa.

Cúl, ó chlé: Fearghas Mac Lochlainn, An tAth. Ó Flannabhra, Máire Ní Mháille, Máire Ní Choistealbha, An tAth. Ó Ceannabháin.



Coineartú

Cúl, ó chlé: Traolach Ó Conghaile, Diarmuid Ó Finneadhá, Fiontán Ó Curraoin, An tAth. Ó Flannabhra, S.P., Sinéad Ní Fhinneadhá, Sara Ní Chuirreáin, Daríona Nic Dhonncha, Nóra Ní Chadhain, Aoiheann Nic Dhiarmada, Emma Ní Mháille, Fionnuala Wilkins, Kayla Nic Dhonncha, Fearghas Mac Lochlainn, Joe Ó Márta, Séamus Ó Scanláin. **Lár, ó chlé:** Carmel Ní Churraoin, Yvonne Ní Loideáin, Clíona Ní Shiúrdáin, An tEaspag Micheál Ó Néaraí, Clíona Ní Ghriallais, Clodagh Standún, Méadbh Ní Chomartúin, Róisín Ní Choisdealbha, Súsanna Ní Iarnáin, Ailish Ní Choisdealbha. **Tosach, ó chlé:** James Ó Fátharta, Maitiú Ó Coisdealbha, Leon Breathnach, Oisín Mac Aoidh, Pól D'Eath, Naoise Ó Coileáin, Marcas Mac Donnagáin, Colm Ó Cuív, Jinín Ó Griallais.

Tigh Mholly

Peadar Ó Máille

Tá mé ag dul síos abhaile”, a d’fhreagraíodh mo mháthair, Winnie Mholly, gach uile uair a cheistíodh muintir an Chlocháin í faoi cén áit a raibh sí ag dul ar saoire. Ó tharla gur ar Tigh Mholly a bhíodh a n-aghaidh ní ‘pub’ ná siopa, mar sin, a bhí in Tigh Mholly ar an Lochán Beag dhúinne ach ‘baile’ a raibh stair, seandacht agus préamhacha ag roinnt leis, gnéithe nach raibh le n-aireachtáil againn thiar sa gClochán.

Teachín ceann tuí a bhí ann i dtús ama ach i ndeireadh na 1800adaí cuireadh urlár eile air agus cuireadh méadú freisin leis. Tógadh an pictiúr atá ag gabháil leis an alt seo sa mbliain 1900. Sáibhéirí ab ea na Tuairisceachaí a tháinig anuas as Uachtar Ard an chéad uair agus a raibh baint freisin acu le Corr na Móna. De bhunadh na sáibhéirí sin é Pádraig Ó Tuairisg, mo sheanathair, ach is cosúil nach raibh mianach na ceardaíochta i bPádraig, dubh ná dath.

Phós Pádraig, fear ard, cruai, láidir a raibh an-dúil sa léitheoireacht aige, Molly Ní hAllmhúráin, cailín óg as Uachtar Ard a bhí thimpeall’s deich mbliana níos óige ná é féin. Mar a fheictear ón bpictiúr atá leis seo, beainín bheag bhídeach a bhí inti ach ba í Molly ba mó a chuaigh i gcion

ar mhuintir na háite. Nuair a d’oscail siad an ‘pub’ agus an siopa, “Tigh Mholly” a thug muintir na háite air ó tharla go mba í Molly ba mhó a bhíodh ag freastal orthu. Bhíodh an-sult go deo á bhaint acu as Molly agus í ar a míne ghéire ag pluksáil Ghaeilge chomh maith agus a bhí sí in ann.

“Ó go wore day urn” an nath ba choitianta aici nuair a bheadh sí ag glacadh truaí le duine éicint as an áit. Dá mbeadh aon achran sa ‘bpub’ ba í Molly, dá laghad í, a bheadh istigh eatarthu ag iarraidh eadarscáin a dhéanamh idir na fathacha móra!

Thar éis cúpla bliain chuaigh Pádraig go Meiriceá agus is cosúil go ndearna sé go maith ann mar nuair a dhiúltaigh Molly a dhul anonn ann agus fanacht ann in éindí leis, dhíol sé 150 acra de Jamaica Plains a bhí ceannaithe aige thall agus d’fhill sé ar an Lochán Beag. Bhí an tuiscint ariamh acu go bhfuil saibhreas ann atá i bhfad níos tábhachtaí ná rachmas mór an tsaoil agus sin é saibhreas an teaghlaigh fréamhaithe sa dúchas. Má bhí cáil an chruais ar mo sheanathair níorbh amhlaidh dó i dtólamh mar roinn sé an gabháltas talúna a bhí aige abhus ar a dheartháir féin, Seán, tar éis teacht as Meiriceá dó.

Is léir ó leabhra na gcuntas atá againn i bpeannaireacht Mholly agus a théann siar go dtí 1896 go raibh fíorbhaint ag Tigh Mholly le muintir na háite agus go raibh Tigh Mholly fite fuaite lena saol. Tá ainmneacha seanathaireacha agus sin-seanathreacha na dteaghlach sin lonnaithe sna bólaí thart breactha ar na leathanaigh fré chéile agus stair shóisialta na linne ag brúchtaíl aníos as gach uile leathanach acu.

Bhíodh na gnáthearraí siopa a bhíodh á ndíol le lucht tuaithe ag an am, earraí grósaera, earraí a bhain le cúrsaí talún, le curadóireacht, le portach agus le farraige chomh maith le beoir, pórtar agus biotáille, ar fáil ann. Díol suntais é go mbíodh oráistí agus ‘bananas’ á ndíol acu sna 1890d! 2d (dhá sheanphingin) a bhí ar an bpionta an t-am sin! Ach ar eagla go mbeadh caitheamh i ndiaidh an tseantaoil ort bhí 5/- (cúig scilleacha) ar ghalún ola ag an am! Ba chosúil go ndearna Molly agus Pádraig an oiread as an ngnó agus a choinnigh a gclann beo gan anó as siopa agus as ‘pub’ a bhí 16 throith fá 12 throith!



Molly Ní hAllmhúráin nó Molly Uí Thuairisg



Tús an athchóirithe 2004

Muintir Mholly

Naonúr muirín a bhí orthu, Nóra, May, Thomas, Delia, John, Annie, Kathleen, Michael agus Winnie. Bhí an phearsantacht sin a fheileann do ghnó ag Molly agus bhí muintir na háite fíormhór léi agus fíorcheanúil uirthi. Bhí bua aici daoine a chur ar a suaimhneas agus d'airigh gach uile dhuine iad féin sa mbaile Tigh Mholly dá barr. Bhí sí thar a bheith carthanach lena chois sin. Má bhí cáil an chruais ar Phádraig a mhalairt uilig a bhí fíor faoi Mholly. Níorbh fhada go raibh an oiread cairde tugtha amach aici ar an mbonn 'go dtí arís', agus gan aon arís ann, go mb'éigin Tigh Mholly a dhúnadh ar feadh scathaimhín. D'oscail siad arís é faoi ghéarshúil Phádraig agus ba ghearr go raibh an gnó faoi lán tseoil arís.

Ní mé cén fáth a dtugtaí an leasainm "*Captain Jones*" air agus, go deimhin, shíníodh sé féin litreacha pearsanta leis an leasainm sin. Ba nós leis culaith bhreá éadaigh agus veist a bheith á gcaitheamh i gcónaí aige agus bhí croiméal nó '*moustache*' mhór bealáilte le feiceáil go follasach air. Cá bhfios nach shin é an fáth é. Ach ba léir go raibh géarchúis an chaptaen báid go láidir ann mar choinnigh sé Tigh Mholly ar chúrsa slán ina dhiaidh sin.

Teach mór cuartaíochta a bhí ann ag an am agus ba mhinic an chistineach lán go drad ag muintir an bhaile agus a scéal/nuaíocht féin le n-inseacht ag gach uile dhuine acu do Mholly. Bhí cáil na léitheoireachta ar Phádraig agus dúil mhór aige scéalta de chuid *Zane Grey* a léamh. Bhí a lucht éisteachta féin ag Pádraig, a thiocfadh leis an gcéad mhír eile sa scéal a chloisteáil uaidh. Bhíodh sé chomh báite sa

léitheoireacht go mbíodh cuid dá chlann ag caitheamh 'feairs' amach ar a aghaidh agus ag cur an deataigh suas an simléir lena thaobh agus é ag léamh. Ní thabharfadh sé tada faoi deara. Ach nuair a leagadh sé uaidh a chuid spéacláirí agus nuair a dhúnadh sé an leabhar bheadh an diabhal le n-íoc dá mbéarfadh sé orthu ag caitheamh gail.

Ó thaobh gnó de, bhí cúrsaí ar deil tar éis aimsir an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus ina dhiaidh, nó gur bhásaigh Pádraig in aois a 64 bliain sa bhliain 1927, agus Molly an bhliain ina dhiaidh in aois a 52 bliain. An galra damanta sin, ailse, a chriog iad, agus de réir mo mháthar, ba ghéar an bás a fuair siad. Bhí a n-aghaidh tugtha ag an gcuid ba shine den chlann ar Mheiriceá sul má bhásaigh an tseanlánúin ach bhí rudaí chomh crua ar na gasúir óga sa mbaile gur thug gaolta leo cuid de na gasúir sin go hUachtar Ard agus go dtí an Gleann in aice le hUachtar Ard le iad a thógáil. Ba é Michael anois a bhí ina fhear an tí agus gan é ach ina sheanghasúirín. Seomra stórais a rinneadh den phub agus caitheadh fataí agus gach uile mhangarae eile a bhaineann le feilm isteach ann. Chuir sin deireadh leis an siopa agus leis an 'bpub' i ndeireadh na bhficheadaí.

Ar nós gach uile dhuine eile ar an mbaile, ní raibh sé éasca greim a choinneáil ar an mbord agus thú ag brath ar an bhfeilméireacht amháin. I dteannta a bheith ag obair leis an gcomhairle contae, le capall agus carr, lig na 'Mollies' seomraí ar cíos. Bhíodh múinteoirí náisiúnta ag fanacht sa dá sheomra ba bhreáichte sa teach. Miss Hession i dtosach agus ina diaidh sin d'fhan Miss

O'Connell ann ar feadh na mblianta. Choinnigh siad 'Gaeilgeoirí' chomh maith agus ina measc áirítear Colm agus Mary Gavan-Duffy, beirt leis an bpearsa stairiúil, Charles Gavan-Duffy; Liam Ó Buachalla, Ollamh de chuid Ollscoil na Gaillimhe agus Cathaoirleach ar an Seanad; Liam Ó Riain, deaíde an tSeanadóir, An Seanadóir Brendan Ryan agus go leor eile nach n-áirítear anseo.

Chaith an tAthair Eric Mac Fhinn é féin seáirsí ann. Spéisiúil go leor chaith duine de chlann Noonie, deirfiúr Mholly, as Uachtar Ard agus duine de chlann Mhic Dhonncha as an nGleann blianta fada Tigh Mholly nuair a bhí an saol crua ar a muintir féin. Ó tharla gur tógadh cuid de na 'Mollies' thuas ansiúd sna blianta roimhe sin ba gheall le 'traet' ar shon 'traet' a bhí anseo. Ar eagla go gceapfaí go mba antró, anó agus cruatan amháin a roinn leis an saol an t-am sin níor mhiste a mheabharrú go mba mhór i gceist na cluichí agus na comórtais lúthchleasaíochta a d'eagraí i ngarraí Mholly (an garraí thoir) gach uile bhliain, comórtais a sháródh na Cluichí Oilimpeacha féin, más fíor!

Athoscailt

Bhí cosamar maith de scór bliain caite sul má osclaíodh Tigh Mholly arís mar "phub" agus mar shiopa. Bhí Michael tar éis filleadh abhaile as Sasana agus bhí Annie, Kathleen agus Winnie ann ag an am. Osclaíodh Tigh Mholly arís mar ghnó i 1950. Ba é Joe Kenny as an gCnoc a scríobh ainm Mhichael sa seanchló Gaelach agus atá le feiceáil fós os cionn doras an 'phub', a bhuíochas sin do Mhaidhc Mháirtín Mhoir.

Beairtlín Pheatsa a rinne an cuntar ard atá fós ann. Ba é an rud ba iomráití a tharla an chéad oíche a osclaíodh é ná achrann idir beirt fhear. Ní fearacht dá mháthair é, chuaigh sé go dona do Mhichael agus gheall sé an oíche sin nach dtarlódh a leithéid arís ina theach ósta. Is cuimhin le cuid mhaith atá meánaosta go mbíodh sé géar ar aon duine a mbeadh an chosúlacht ba lú air go mb'fhéidir go raibh sé le achrann a thosaí.

Bhí seanchlog 'pub' ann, agus atá fós ann, a d'fhógraíodh an t-am cúig nóiméad roimh an am agus baineadh leas fóinteach as an gclog sin. Ar ndóigh, tá an deilín a bhíodh aige le cur in iúl dá chuisliméirí go raibh

sé in am baile, "Is gearr go mbeidh mé ag tabhairt daoine uaisle oraibh", gaibhte isteach sa mbéaloideas. De réir na gcuntas atá i bpeannaireacht Annie agus Khathleen, 1/10d a bhí ar an bpionta an oíche ar osclaíodh an 'pub'.

Ba í Annie ba mhó a raibh cloigeann gnó uirthi agus ghearr sí rian a pearsantachta ar an áit. Ní raibh an tsláinte go maith riamh aici. Bhí sí thar a bheith beannaithe agus líonadh sí laimpín an *Sacred Heart* le hola gach uile oíche beo sa gcaoi go mbeadh solas dearg an laimpín ag soilsiú in ómós do Mhac Dé i rith na hoíche. Ní dhearna na Gardaí aon 'raid' riamh ar Tigh Mholly ach bhí an t-ádh glan ar Annie oíche áirithe a raibh toirneach ann nár tugadh os comhair na cúirte í de bharr a cuid beannaíochta.

Las an t-aer le scail agus phléasc plump damanta toirnich an oíche sin. Rith Annie amach sa bpóirse le buidéal uisce choisricthe a bhíodh fágtha i gcónaí ar sheil na fuinneog ann a fháil. Lena chinntiú nach mbuailfí aon duine dá cuisliméirí le scail bháigh sí a raibh istigh leis an uisce coisricthe. Chuir sí tús leis an bpaidreáil ach rinne sí iontas de go raibh daoine ag bolú dá gcuid lámha/éadaí agus ag gáirí, i leaba ómós a thabhairt don phaidreáil a bhí ar siúl.

Nuair a bhí an phaidreáil thart tháinig duine den bheirt gharraí a bhí istigh ag ól an oíche sin agus dúirt i gcogair le Annie, "Maith an bhean, a Annie, ach má tá tú le muid a shábháil ar scaileanna aríst b'fhearr linn go mór fada dá ndéanfá le uisce coisricthe é!", agus shín a mhuinchille faoina srón le go mbolódh sí di. Bhí dhá bhuidéal fágtha ar an bhfuinneog sa bpóirse an oíche sin ach bhí an oiread de dhriopás ar Annie bhocht de bharr faitíos toirní gur rug sí ar an mbuidéal ba ghaire di. In áit breith ar bhuidéal uisce choisricthe nár rug sí ar bhuidéal poitín a bhí fágtha ag Michael ann le cur thríd an mbainne a bhí á thabhairt aige do laoi a bhí tinn!

Cóiriú

Ba í Annie a réitigh agus a chuir caoi ar Tigh Mholly sna 1950dí. Duffy as taobh thoir de Ghaillimh a rinne an obair thógála. Thuas san iothlainn a bhíodh an 'proibí' an uair sin, faoi mar a bhí gach uile áit eile. Bhí sé fiordheacair ar aon duine nach mbeadh an tsláinte aige a bheith ag crágáil amuigh san aimsir fhuar agus theastaigh leithris agus seomra folctha go géar taobh istigh. Ba é an toradh a bhí ar an tógáil seo go raibh cailleadh nó 'lounge', mar a thugadh Michael air, curtha leis an mbeár thíos faoi, i ngeall ar an tógáil thuas staighre. Ballaí leathana cloiche a bhí taobh istigh sa teach agus theastaigh pláistéireacht go géar uathu. Caitheadh an tseanphláistéireacht anuas de na ballaí taobh amuigh freisin agus de na beanna agus athphláistreáladh na beanna agus na ballaí agus cuireadh spallaí beaga dubha agus bána nó 'pebble dash', a bhí go mór sa bhfaisean an uair sin, ar an taobh ó dheas.

ar lean ar lch. 52





Filimíne Uí Dhubhghaill

Ó 1995 tá cúrsa nua Teagasc Críostaí á thabhairt isteach sna bunscoileanna ar a dtugtar “Beo go Deo”. Is cúrsa an-bhreá ar fad é ina ndéantar ceiliúradh ar shaol an linbh agus ina ndéantar iarracht an creideamh a dhéanamh “beo” do na páistí trí cheol, drámaíocht, ealaín, scéalaíocht agus ar ndóigh paidreacha.

Tugtar an cúrsa amach ar dtús trí Bhéarla agus ansin aistrítear é go Gaeilge, rud a chiallaíonn go mbíonn moill bliana ar an leagan Gaeilge ach is fiú fanacht leis toisc go bhfuil an-iarracht déanta caighdeán ard Gaeilge a bheith i ngach gné de. Freisin.

is múinteoirí bunscoile is mó a raibh baint acu leis na haistriúcháin, rud a chinntíonn go bhfuil an Ghaeilge i leabhair na bpáistí soláite agus éasca a thuiscint.

Mar chuid de gach clár tá fístéip, rud atá mar áis íontach don mhúinteoir ranga agus, mar is eol do gach duine cheana féin, tá seanchleachtadh ag formhór na bpáistí agus na múinteoirí a bheith ag féachaint ar an teilifís agus ar fhístéipeanna. Is gné dá saol é sa bhaile agus ar scoil. Tógann taifeadadh na bhfístéipeanna seo a lán ama agus tá costas mór ag baint leo ach mar sin féin níor spáráil an Comhlacht Veritas aon chostas chun a chinntiú go mbeadh ard chaighdeán i ngach fístéip. I gcás na bhfístéipeanna ní aistriúchán ón leagan Béarla a bhíonn i gceist, rud a chiallaíonn go mbíonn script nua le scríobh do gach ceann. Freisin déantar iarracht freastal ar na canúintí éagsúla. Déanadh na fístéipeanna do “Beo go Deo “ agus “Beo go Deo 2” i nGaelscoileanna agus cé go raibh caighdeán an-ard iontu bhí roinnt gearáin ag cuid do na múinteoirí toisc nár baineadh úsáid as cainteoirí dúchais. Mar sin déanadh “Beo go Deo 3” i mBaile an Fheirtéaraigh agus ní amháin go raibh scoth na Gaeilge ann ach baineadh úsáid as áilleacht an dúlra sa timpeallacht.

Na Scoileanna

Toisc go raibh mé féin ar an bhfoireann acmhainne don chlár “Beo go Deo 4” chuir Veritas ceist orm an mbeadh suim agam an leagan Gaeilge do fhístéip an chláir sin a dhéanamh i Scoil na Tulaí. Ós rud é nach raibh mé féin ag múineadh Rang a 2 bhí orm ceist a chur ar mhúinteoir an ranga sin, Yvonne Ní Laife agus freisin bhí ‘fhios agam go mbeadh a lán oibre i gceist chun an clár seo a chur le chéile agus mhol mé do Veritas ceist a chur ar Scoil Shailearna atá sa pharóiste céanna linn féin. Ba iad Máire Ní Mháille agus Luisne Ní Neachtain na múinteoirí a raibh baint acu le rang a 2 sa scoil sin agus d’aontaigh siad é a dhéanamh. Thosaigh na cruinnithe chun leagan amach na fístéipe a shocrú i nDeireadh Fómhair 1999 agus as sin go dtí gur thosaigh an taifeadadh ar an 8ú lá de Bhealtaine bhí a lán cruinnithe eile ag na múinteoirí le Maura Hyland, bainisteoir Veritas, Eileen Good, léiritheoir na fístéipe agus an tAth. Hughie Loftus, an comhairleoir deoise a bhí ag na scoileanna Gaeltachta ag an am.

Rinneamar iarracht cultúr agus áilleacht an cheantair a úsáid chun na gnéithe difriúla den chlár a léiriú. Don cheacht a bhaineann leis an timpeallacht, thug muid na gasúir chomh fada le Trá na Banraigh agus ina dhiaidh sin go dtí Coill an Spidéil áit ar labhair an té a bhí ina Phríomhoide ar Choláiste Cholmcille ag an am, Breandán Ó Callaráin, leo faoin áilleacht a bhí mórthimpeall orthu. Rinne Scoil Shailearna aithris ar Thuras na Croise agus is é Ciarán Ó Coincheanainn atá le cloisteáil ag

canadh “Caoineadh na dTrí Mhuire” sa chúla. Chomh maith leis na seirbhísí paidreoirachta agus na scéalta ón mBíobla atá á n-aithne ar an bhfístéip, déanadh taifeadadh ar Bhaisteadh agus ar Aifreann i Séipéal na Tulaí. Bhí a lán oibre i gceist ach b’fhiú ar fad é agus fuair Veritas an oiread sin moladh faoin bhfístéip áirithe seo ó mhúinteoirí ar fud na tíre gur tháinig siad ar ais arís anuraidh chun “Beo go Deo 6” - Clár Rang a 4 a dhéanamh.

Beo go Deo 6

Sa chlár seo tá an bhéim ar bhuanna an duine agus áilleacht an nádúir. Cén áit is deise ar domhan ná Conamara chun áilleacht an nádúir a léiriú agus déanadh é sin go paiteanta le cuairt ar Bhun a’ Chnoic i Ros a’ Mhíl agus ag bailiú feamainne i gcairrín asail i dteannta Bheairtle Uí Chadhain. Chabhraigh Pól Ó Foighil, Yvonne Ní Laife (TG4) agus an fíodóir, Lelia Uí Chuirrín as na Minna linn léiriú a dhéanamh ar bhuanna éagsúil an duine. Tá áilleacht an dúlra le feiceáil léirithe go hálainn, freisin, ar an bhfístéip seo le hoilithreachta a rinne Scoil na hAirde Móire i dteannta an Ath. Padraig Audley agus a múinteoir, Johnny óg Ó Conghaile, go hOileán Mhic Dara.

Is íontach go deo an iarracht atá á dhéanamh sa chlár nua Teagasc Críostaí seo suim na ndaltaí sa gcreideamh a mhúscailt agus a chothú. Tá 2 bhliain eile go bhfeicfidh muid cláracha Ranganna 5 & 6 as cló i nGaeilge ach mar a deir an seanfhocal “Is fearr go deireanach ná go brách”!



*Scoil Sailearna, 1974 ó chlé ar chúl: Joe Ainde Breathnach; Pádraig Ó Cadhain; Pádraig Ó Fátharta; Beirtí Ó Flatharta; Eoghan Ó Tuairisg; Micheál Ó Neachtain; Micheál Ó Conghaile; Séamus Ó Fátharta; Máire Ní Mhógáin; Peigí Ní Thuathail; Máire Ní Fhátharta agus Áine Ní Chéidigh.
Chun tosaigh: Norita Ní Chearra agus Bríd Ní Fhlatharta.*

RTE RAIDIÓ
NA GAELTACHTA

**Stáisiún Náisiúnta
na Bliana**

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

AN TULAIGH



Céad Chomaoineach (1 Bealtaine, 2004)

Líne cúil, ó chlé: Rita Ní Chonghaile (Múinteoir Ranga), An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Filimíne Ní Dhubhghaill (Múinteoir Scoil na Tulaí). **Líne láir, ó chlé:** Fionnán Ó Neachtain, Samuel Casburn-Trahan, Marty Bairéad, Cathal Lorcán Ó Conghaile, Micheál Ó Fátharta, Cathal Pádraig Ó Conghaile, Eoghan Mac Donncha, Daniel Ó Coisdealbha. **Líne tosaigh, ó chlé:** Sinéad Ní Chadhain, Caitríona Ní Churraoin, Aisling Ní Chonchubhair, Louise Bleasdale, Orla Bolustrom, Marie Seoighe, Áine Ní Bhiaitaigh, Christine Ní Ghiolla Choinnigh.



Coineartú

Líne cúil, ó chlé: Séamus Ó Conghaile (Príomhoide Scoil na Tulaí), An tAth. Micheál Ó Flannabhra (S.P., An Cnoc). **Líne láir, ó chlé (ina seasamh):** Séamus Ó Curraoin, Rian Breathnach, Gráinne Ní Choisdealbha, Aisling Ní Chonghaile, P.J. Bairéad, Naoise Ní Lionáird, Páraic Ó Finneadha, Risteárd Mac Donncha, Eoin Ó Dubhghaill, Cormac Ó Fátharta, Jason Ó Conghaile, Pádraic Mac Donncha, Aonghus Ó Donncha, Caoimhe Ní Mhaoileoin, Eimear Ní Fhlatharta. **Líne tosaigh, ó chlé (ina suí):** Caitríona Ní Chadhain, Lára Ní Chuirrín, Orla Ní Fhinneadha, An tEaspag Micheál Ó Néaraí, Caroline Ní Fhatharta, Róisín Ní Cheannabháin, Méadhbh Ní Fhlatharta, Mairéad Ní Churraoin.



*Neaín Sheáin Pheaid Ní Chualáin as an Sídheán,
aintín le Judeen na mBreathnaigh.*



*Máirtín Phádraig Thaidhg
agus Bríd Mhánais Uí Fhátharta lá a bpósta.*

An Poitín Stíl

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

An Lochán Beag, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593114

Buail isteach agus lig do scíth

Beidh Fáilte Romhat!

Scríbhneoirí Óga

Tá sé soiléir, le fada an lá, go bhfuil bua na scríbhneoireachta ag muintir Chonamara agus is cinnte go bhfuil na tréithe sin go láidir sna scoláirí i gColáiste Cholmcille. Chabhraigh Údarás na Gaeltachta go mór chun an bua seo a spreagadh agus a fhorbairt. Gach bliain eagraíonn an tÚdarás comórtais do scoileanna na nGaeltachtaí ar fad - comórtais aistí, alt iriseoireachta, filíocht agus amhráin, agus cuirtear saothar na mbuaiteoirí sin chuig Comórtais Liteartha an Oireachtais. Gach bliain bíonn buaiteoirí go fairsing againn sa scoil.

Tá scéim eile ag Údarás na Gaeltachta ar a dtugtar Scríob Chleite. Tagann scríbhneoir aitheanta mar aoi speisialta chuig an scoil agus bíonn ceardlann lae ar siúl do na scríbhneoirí óga. Tháinig go leor scríbhneoirí mór le rá chuig an scoil faoin scéim seo agus ina measc bhí Louis de Paor, Ré Ó Laighléis, Máire Holmes, Cathal Ó Searcaigh agus Gearóid Mac Lochlainn.

Eagraíonn Pléaráca Teo. ceardlann chomh maith agus i mbliana bhí ceardlann ar siúl ag Greg Ó Braonáin (scriptscríbhneoir) le grúpa scríbhneoirí. Is deis íontach í do na scoláirí foghlaim faoi cheird na scríbhneoireachta agus baineann siad an-sásamh as. Tugann Maidhc Dainín Ó Sé cuairt ar an scoil gach bliain chun cur síos a dhéanamh ar a shaothar le rang na hArdteistiméireachta. Bíonn an-seisiún ceoil ag na scoláirí le Maidhc chomh maith.

Is iad Éigse Éireann, nó 'Poetry Ireland', a thugann cúnamh airgid le scríbhneoirí ar nós Biddy Jenkinson, Mícheál Ó Conghaile agus Maidhc Dainín a thabhairt

chuig an scoil mar aoi chainteoirí. Tá neart deiseanna ag scoláirí na scoile a dtallann a thaispeáint mar bíonn comórtais scríbhneoireachta ag Conradh na Gaeilge, Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta, An tOireachtas, Comórtas Idirnáisiúnta Liteartha don Óige, Clár Comenius.

Níl dabht ar bith ach go dtugann an scríbhneoireacht misneach, féinmhuinín agus inspioráide do na scoláirí óga seo. Cothaíonn sé bród agus meas ar a dteanga féin agus cuireann sé feabhas ar scileanna labhartha agus scríofa Gaeilge. Tugtar deis do dhaoine óga a saothar a chur os comhair a chéile agus os comhair an phobail agus táthar ag súil go ndéanfar cuid dá saothar a fhoilsiú. Bíonn toradh na hoibre le feiceáil nuair a leanann siad leo ag scríobh tar éis na scoile a fhágáil agus ag buachaint duaiseanna sa scríbhneoireacht agus sna healaíona eile. "Mol an óige agus tiocfaidh sí."



Coláiste Cholmcille

Naíonra agus Naíolann Chois Fharraige

Morgan Ó Conbhubhair

Bunaíodh Naíonra Chois Fharraige i 1999, le seirbhís naíonra a chuir ar fáil do phobal an cheantair. Bíonn an Naíonra ar oscailt ó Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Meitheamh i rith na bliana, le gnáthshaoire curtha san áireamh. Eagraíocht dheonach is ea Naíonra Chois Fharraige atá á reáchtáil ag na tuismitheoirí. Bunaíodh Naíolann Chois Fharraige i 2001 mar gheall ar chomh maith agus a bhí ag éirí leis an Naíonra.

Tá daonra mór sa cheantar anois agus go leor imirceach tar éis filleadh abhaile mar gheall ar an mborradh geilleagrach atá tagtha ar Éirinn le deich mbliana nó mar sin anuas. Os a chionn sin tá roinnt mhaith eachtrannach agus lucht iarrtha tearmainn ag lonnú sa cheantar freisin. Aithníonn pobal an cheantair an brú atá ag teacht ar an nGaeilge dá thoradh seo agus an méadú atá ag teacht ar bhailte ar nós Bhearna agus na Forbacha, a bhfuil an Ghaeilge á caitheamh i dtraipisí iontu. Tá “rabharta an Bhéarlachais” ag creimeadh leis anois as Gaillimh i gcónaí. Má tá muid chun an fód a sheasamh i gcoinne na tuile seo. Caithfidh muid ár bpáistí á thógáil le Gaeilge i gcomhluadar Gaelach, a bheas le fáil go flúirseach nádúrtha mórtimpeall orthu.

Is iad na páistí óga seo todhchaí na teanga, “cliabhán na Gaeilge”, sna blianta atá amach romhainn. Tá sé intuigthe agus cruthaithe mura bhfuil an Ghaeilge go flúirseach ag gasúir faoin am a bheas siad ceithre bliana d’aois, gur beag seans atá ann go bpiocfadh siad suas í agus iad níos sine. Le taighde agus taithí na mblianta, tá sé tugtha faoi deara go dtugann páistí a gcúl leis an nGaeilge sa dara leibhéal den chóras oideachais, ach má bhíonn sí acu ón gliabhán go bhfillleann siad arís uirthi nuair a bhíonn siad sna fichidí.

Riachtanais Teanga

Aithníonn an Naíonra go bhfuil

riachtanais éagsúla teanga ag leanaí agus gur minic go mbíonn a dtuismitheoirí gan Gaeilge. Tá an Naíonra ag freastal ar an éileamh sin in éineacht le Comharchumann Shailearna Teo., ag reáchtáil dhá sheisiún, 09.30r.n. - 12.00 meán lae agus 12.30i.n. - 03.00i.n. le go mbeidh freastal déanta ar gach leibhéal cumais. Cuireann an Comharchumann ranganna teagaisc ar fáil do na tuismitheoirí gan Gaeilge i rith an lae nó san oíche. Is aoibhinn beatha an scoláire a bhíonn ag déanamh léinn, agus bíonn deis caidrimh ag paistí/tuismitheoirí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Fágтар folúntais gach bliain do pháistí le riachtanais speisialta.

Fanann an Naíolann oscailte an bhliain ar fad ach amháin le linn gnáthshaoire. Bíonn an Naíolann ar oscailt ón 08-00r.n. - 06.00i.n., arís ag freastal ar réimse leathan paistí le caighdeáin éagsúla Gaeilge. Tá sé mar chuspóir ag an Naíonra agus ag an Naíolann cabhrú leis an bpáiste é/í féin a fhorbairt agus a mhúnlú ar gach slí i dtimpeallacht atá slán sábháilte.

Tugtar cabhair do na páistí an Ghaeilge a shealbhú ar bhealach taitneamhach trí dhrámaí, spraoi, ealaín, ceardaíocht agus cluichí éagsúla. Bíonn dea-thoradh ar seo go hiondúil - bíonn na páistí in ann an Ghaeilge a shealbhú agus a gcumas labhartha a chur chun cinn nó go mbíonn siad in ann í a úsáid mar ghnáth-theanga cumarsáide.

Spreagann an Naíonra/Naíolann féinmhuinín na bpáistí agus

iad i gcomhluadar agus de réir mar a théann siad i dtaithí ar an nGaeilge feiceann siad gur teanga í atá beo bríomhar spleodrach. Mar a deir an seanfhocal, beatha teanga í a labhairt. Is seoid agus oidhreacht chultúrtha í an Ghaeilge á tháinig anuas ó ghlúin go glúin, agus is ábhar bróid dúinn go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na teangacha is saibhre ó thaobh litríochta agus Béaloidis de in Iarthar na hEorpa.

Buntáistí

Taobh amuigh de chúinsí oidhreachta agus chultúrtha, tá buntáistí móra is féidir á lua mar ábhar margaíochta don teanga. Cruthaíonn sí fostaíocht le heagraíochtaí, tá deontais ar fáil as í a labhairt - tugtar cúnamh do dhaoine fuinneoga nua a chur ar a dtithe mar shampla, agus tógtar bóithre agus céibheanna. Tagann go leor chuig coláistí Samhraidh chun í a fhoghlaim, nó chuig na féilte éagsúla ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt go flúirseach, rud a chuireann go mór le geilleagar an cheantair. Tá Naíonra agus Naíolann Chois Fharraige ag cur síol na teangan sa cheantar agus tá muid ag cur ar a gcumas fómhar ár n-oidhreachta a bhaint sa todhchaí dá bharr, mar a deir an seanfhocal “Tír gan teanga, Tír gan anam”.

Tá an Naíonra/Naíolann thar a bheith buíoch don tacaíocht a fhaigheann siad ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Áthchóirithe Dlí, agus ó Údarás na Gaeltachta chun an tseirbhís a choinneáil ag imeacht.

Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh


Jimí Jó Shéamuis Ó Fatharta

“**M**ura bhfuil siad beag ann ní bheadh siad mór ann”. Is cinnte gur fíor sin agus ní haon eisceacht é spóirt na liathróide láimhe ach an oiread. Tá béim mór leagtha ag an gCumann agus ag an gContae i mbliana ar an óige. Is ar an Scoil Náisiúnta is mó a bhí áird i mbliana. Rinne Fearghas Mac Lochlainn sárobair agus tá an bhunchloch leagtha síos aige. Dar ndóigh is sár-imreoir é Fearghas agus tá bonn Náisiúnta “Chomórtas Peile na Gaeltachta” aige ar son Gaeltacht Rath Cairn. Tá Club Óige Lurgan ag reáchtáil múineadh na scileanna i mbliana chomh maith. Is iad óige an lae inniu fir agus mná an lae amáraigh.

Tá an Cumann ag eagrú an chomórtais “Scothimreoirí na hÉireann” aríst i mbliana i mí na Nollag agus tá áit ag an gcomórtas anois i bhFéilire na Bliana ó d’éirigh chomh maith leis anuaraidh.

Is é an “Comórtas lá Nollag” ar a bhfuil an “Ciseán Torthaí” mar dhuais, is mó a mbaintear craic as. Bíonn réamhbhabhtaí ann blianta ag brath ar an líon imreoirí. Bá le Jerry Springer Ó Fátharta ón gCnocán Glas agus le Jimí Ó Fátharta a bhí an lá ar éigin i mbliana i gcoinne Timín Ó Curraidhín agus Donal Ó Céidigh ó Bhoth Chuana.

Thóg an Cumann páirt i gComórtais an Chontae, an Chúige agus na hÉireann chomh maith aríst i mbliana ach ní raibh an toradh céanna acu agus a bhí anuaraidh. Chuaigh Timín Ó Curraoin agus Colm Ó Cualáin chomh fada le Cluiche Ceannais an Chúige sna “Máistrí Diamainte Grád A”. Chuaigh Jimí Ó Fátharta chomh fada le cluichí Ceannais na hÉireann in éindigh le fir Bhéal Átha na Slua, Peter Mulryan sa gcomórtas “Maistrí



Buaiteoirí Chomórtais an Chiseáin Torthaí 2003

Jimmy Jó Shéamuis Ó Fatharta agus Gerry Ó Fatharta



Dan Mc Cartan, Jimí Ó Fátharta, Peter Mulyrn, Des McNeill i gComórtas na Máistrí Diamainte.

Diamainte Grád B” sa bpinniúr 40x20 agus le Jim Doherty sa bpinniúr 60x30. Ní raibh an t-ádh orthu i mbliana.

Toghadh Timín Ó Curraidhín ina rúnaí Contae i mbliana agus tá sárobair déanta aige. Ár ndóigh ní ar nós cuma liom a bhíonn Timín le aon cheo. Nár laga Dia é ag cur an chluiche ársa seo chun cinn a tháinig anuas againn ó aimsir na gCeilteach ar a laghad.

Chuir an Cumann barrslaicht ar an seomra cruinnithe agus na cisteanáigh i mbliana chomh maith. Cuireadh cisteanach nua isteach chomh maith le clúdach maith nua ar an urlár. Cuireadh córas beag teasa ann chomh maith le bord agus cathaoireacha.

Tá suas agus anuas le céad baill ag an gCumann in éindigh le imreoirí Liathróid Raicéide. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

GLÓR na nGAEL

Bheadh sé deacair áibhéil a dhéanamh faoin tábhacht a bhaineann le Glór na nGael ó thaobh na teanga de agus maidir le saol sóisialta an phobail. Ceann dá bhuntáistí móra is ea nach gcuireann sé isteach ar aon eagrais eile, ach a mhalairt. Láidríonn sé eagrais eile, cuireann sé clár oibre ar fáil agus spreagann sé eagrais chun oibre. Ní amháin sin, ach spreagann sé ceantair le craobhacha d'eagrais mar Chonradh na Gaeilge a bhunú d'fhonn an clár oibre a riaradh. Cothaíonn sé an tuiscint nach rud éigin amuigh ansin í an Ghaeilge, ach rud atá istigh ionainn, in áit éigin, rud luachmhar gur linn féin í, rud atá lárnach inár saol, rud a thugann an ceart dúinn a rá gur Gaeil muid, fiú murar cainteoirí ó dhúchais muid, fiú mura bhfuil muid líofa go fóill.

Glór na nGael 1962

Lag trá dorchá a bhí ann, ó thaobh na Gaeilge de, i seascaidí na fichiú haoise agus bhí léas dóchais ag teastáil ón chuid sin den phobal a raibh suim acu sa chás. Chuir Cumann na Sagart an léas sin ar fáil nuair a ghlac siad le moladh ón Athair Tomás Ó Fiaich comórtas a bhunú do na bailte ab fhearr a bhí ag saothrú ar son na Gaeilge.

Reáchtáladh an chéad chomórtas sa mbliain 1962 agus ghlac 43 bhaile páirt sa bhliain sin. D'éirigh leis an iarracht agus d'fhás sé agus is comórtas náisiúnta i gceart anois é le hiomaitheoirí i ngach contae.

An bhFuil Gá le Glór na nGael?

Tuige a bhfuil gá le Glór na nGael? Bhuel, mar a dúirt an tAthair Pádraig Ó Fiannachta ina leabhar *'Milis An Teanga'*, chuaigh an Ghaeilge *'Le fuacht is le fán'* ó Chath Chionn tSáile i leith. Bhí uasaláicme na nGael scriosta agus d'imigh na scoileanna i léig de réir a chéile. Ba rialtas agus ba státseirbhís de Bhéarlóirí a bhí i mbun na tíre uaidh sin amach. Mar a deir an tOllamh Brian Ó Cuív *'The State Papers...show us that the extirpation of that language remained*

state policy.' Ba bhuille trom é an Gorta. Timpeall na bliana 1851 dúirt an file Séamus Mac Cruitín

'Is doiligh liom gan sult gan scéal caint, comhluadar seanGhael...

*Mór an béal mar chuaigh ar fán
Ár ndáimh léannta gan milleán...*

Ach bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893, d'fhonn, mar a dúirt Dubhghlas de hÍde, 'an Ghaeilge do choinneáil dá labhairt'. Tháinig 1916. Bunaíodh an stát. Rinne an rialtas nua Éireannach socrúithe éagsúla d'fhonn an Ghaeilge a athréimniú mar theanga labhartha agus bhain an chuid is mó de na socrúithe sin leis an earnáil oideachais agus leis an tSeirbhís Phoiblí. Níor shocraigh an rialtas go mbainfí úsáid as an nGaeilge mar theanga oibre, ar scála ar bith, sa Dáil ná sa Seanad, agus, mar thoradh air sin, níor baineadh feidhm aistí mar theanga oibre sa Státseirbhís. Ba thubaist é seo.

Tar éis na bliana 1947 laghdaíodh an tacaíocht don Ghaeilge agus faoin am gur bhunaigh Cumann na Sagart Glór na nGael sa mbliain 1962, bhí an Ghaeilge á tréigint ag na rialtais éagsúla. i 1969 ceadaiodh do

mhúinteoirí éirí as múineadh trí Ghaeilge sna bunranganna. Idir 1960 agus 1964 dúnadh na Coláistí Ullmhúcháin. Dúnadh scoileanna a bhí ag múineadh trí Ghaeilge agus cuireadh na gasúir go dtí scoileanna a mhúin trí Bhéarla. Sa mbliain 1963 cuireadh deireadh leis an Teastas Dátheangach. Idir 1965 agus 1968 d'éirigh cuid de Coláistí Oiliúna na Múinteoirí as a bheith ag múineadh trí Ghaeilge. Níor ghá pas a fháil sa Ghaeilge sna scrúdaithe agus níor ghá Gaeilge a bheith ag duine le post a fháil sa Státseirbhís níos mó.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí diúltacha seo ar fad bhí drochmhisneach ar go leor faoi thodhchaí na teanga. Sin mar a bhí nuair a bunaíodh Glór na nGael.

Glór na nGael ar an gCnoc

Is é Cumann Forbartha Chois Fharraige a riarann Glór na nGael sa bparóiste seo agus chuile bhliain iarrann an Cumann ar gach eagrais agus gnó agus baile agus duine, cúnamh a thabhairt chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a choinneáil á labhairt, agus i gcónaí riamh bhí an comhoibriú sin ar fáil.

Ceann de na nithe atá tábhachtach faoi Ghlór na nGael is ea gur mór an buntáiste don cheantar a chlár oibre a chur i gcrích. Clúdaíonn sé cuid mhór gnéithe den saol. I mbliana clúdaíonn sé Oideachas; Óige; Imeachtaí Sóisialta; Poiblíocht; an tAcht Teanga/Comhphobal Eorpach; Cúrsaí Eaglasta; An Ghaeilge sa Teaghlach agus Tograí Infreastruchtúir.

Fiú mura mbeadh aon duais faighte riamh ag an gceantar, ba obair fhiúntach í. Bíonn an pobal ag comhoibriú le chéile chun sprioc a bhaint amach. Is maith le duine duais, ar ndóigh, agus is iomaí duais a bhain Paróiste an Chnoic amach sa chomórtas. Bronnadh an Príomhdhuais Náisiúnta ar an bParóiste faoi dhó agus go leor duaiseanna eile thar na blianta. Baineadh úsáid as an airgead chun áiseanna a chur ar fáil do Scoil Sailearna, don Óige agus do Comharchumann Sailearna.

Teangacha i mBaol

Deirtear go bhfuil thart ar 5,000 teanga á labhairt ar fud an domhain. Deirtear linn chomh maith, go bhfuil líon mór de na teangacha sin ag fáil bháis in aghaidh na bliana. Tuige?

Tá rud amháin coitianta idir na teangacha atá básaithe, nó atá ag fáil bháis, agus is é sin, nach teanga oibre de chuid an rialtais iad sa tír ina bhfuil siad suite. Tá rud coitianta idir na teangacha sin nach ndeirtear fúthu go bhfuil siad i mbaol agus is é sin gur teanga oibre iad ag rialtas na tíre ina bhfuil siad


suite.

An Rialtas agus Glór na nGael

Ní mór dúinne gach deis a thapú le tabhairt ar Rialtas na hÉireann an Ghaeilge a ghlacadh mar theanga oibre inár dtír féin. Tá geallta ag an Rialtas go ndéanfaidh siad gach iarracht aitheantas a fháil don Ghaeilge mar theanga oibre sa Chomhphobal Eorpach, a bhuíochas sin do STÁDAS, iarracht a raibh baint ag Paróiste an Chnoic leis. Tá an dá rud ag teastáil, STÁDAS mar theanga oibre san Chomhphobal Eorpach, agus STÁDAS mar theanga oibre i nDáil

Éireann. Is trí chlár oibre Ghlór na nGael a thabharfar na comhluadair ar fud na tíre ar ais i dtreo na Gaeilge, a chothófar mórtas cine agus mar a dúirt de hÍde, go ndéanfar *'an Ghaeilge do chur á labhairt'*, agus b'fhéidir, de réir a chéile, na polaiteoirí a dhúiseacht. Lean Pádraig Naofa Glór na nGael. Leanaímísne, na daoine, Glór na nGael freisin. Leanann na polaiteoirí na daoine.

Brian Ó Baoill



Na Stáisiúin

An tAth. Mícheál Ó Flannabhra

Casadh Meiriceánach orm agus é ar bís le n-inseacht dom an nós nuaimseartha atá tosaithe acu san Eaglais sna Státaí ar a dtugann siad 'The Neighbourhood Mass'. Ba bheag nár thit sé as a sheasamh nuair a bhain mé an ghaoth as a chuid seolta a rá leis go bhfuil an nós céanna againn in Éirinn leis na céadta bliain ach go dtugann muid 'Na Stáisiúin' nó 'Faoistineacha' air. Nuair a tháinig sé aige féin chuir sé suim mhór sa scéal agus d'inis mé dhó an stair uilig a bhain leis na stáisiúin.

Ag an am, ní raibh cead ag sagart, faoi dhlí Shasana, aifreann a léamh in Éirinn. Bhíodh corrbhrathadóir íoctha, ar nós Seán a' Cóta, le spíodóireacht a dhéanamh ar shagart agus is iomaí sin sagart a cuireadh chun báis sa tír seo nuair a rugadh air ag Carraig an Aifrinn. Bhí na séipéil leagtha ach coinníodh cleachtadh an chreidimh beo ag na stáisiúin.

Thagadh sagart ag baile áirid san oíche faoi cheilt. Scaipfeadh muintir an tí an scéal ag chuile dhuine ar an mbaile a mbeadh siad neamh-amhrasach faoi go mbeadh aifreann á léamh agus na sacraimintí á gceiliúradh ag an teach ar maidin. Bhíodh faoistin le fáil ag daoine roimh an aifreann agus is uaidh sin a d'éascair an t-ainm 'Na Faoistineacha'. Dá mbeadh páiste le baisteadh ar an mbaile, lánúin le pósadh, cóineartú le fáil, nó sacraimint an ola le cur ar dhuine, bheadh sé sin uilig déanta ar lá na stáisiúin. Bhíodh sé de nós ag an sagart na tithe a mbeadh seandaoine iontu

a shiúl tar éis an aifrinn le freastal comaoineach is ola a chur ar fáil dá mbeadh tinn nó sean agus sula mbuailfeadh an sagart bóthar le freastal ar bhaile beag eile ghabhfadh sé ar cuairt ag an reilig lena huaigheanna a bheannú. D'fhanfadh an sagart i dteach na stáisiúin thar oíche. Bhíodh rann gearr ag muintir an tí le cur i gcuimhne dóibh na rudaí a bheadh ag teastáil ó shagart na stáisiúin agus baistíodh 'Deich nAitheanta an tSagairt' mar ainm ar an rann mar seo a leanas:

Uisce, fuisce, siúcra,
Tine, leaba, rúma (seomra),
Bealadh dá bhuataisí,
Púdar dá pheiriúic,
Coirce dá ghearrán,
'S tabhair dhom do sheachadadh.



Ógánaigh na hÁite

Chun tosaigh, ó chlé: Róisín Ní Neachtain, Tara Mc Craith, Kevin Ó Neachtain, Oisín Ó Fatharta, Cian Ó Fatharta. Ar cúl, ó chlé: Colm Ó Fatharta, Colm Ashford, An tAth. Ó Flannabhra, Laura Mc Craith, Diarmuid Ó Fatharta.

Nuair a d'fheabhsaigh an saol in Éirinn rinne an Cairdinéal Cullen tréan-iarracht le deireadh a chur leis na Stáisiúin ach sheas an tEaspag Mac Éil an fód ina aghaidh ag an am agus dá bharr sin tá nós na Stáisiúin láidir in Iarthar na tíre fós. Chuir an Meiriceánach cluas air féin agus léirigh sé spéis mhór i mo scéal faoi stair na Stáisiúin. Scríobh sé chuile shórt ar nótaí agus ag imeacht uaim ar dheireadh dúirt sé le meangadh gáire "anois beidh ábhar maith seanmóire ag mo shagart thall agus bainfidh an t-ábhar cainte sin deora as súile na nÉireannach a bheas ag éisteacht leis."

Tá nós na Stáisiúin láidir i bparóiste an Chnoic. Bíonn siad ann faoi dhó sa mbliain - Carghas is Fómhar - i chuile baile den scór atá againn. Bíonn an t-aifreann san oíche i chuile theach ar a sheal ar an mbaile agus tugann muintir an tí cuireadh do chuile dhuine, idir óg agus sean, bheith i láthair ag an gceiliúradh mar is ceiliúradh Pobail -Bhaile a bhíonn i gceist.

Pobal an Bhaile

Bíonn aifreann na Stáisiúin á chur ar son pobal an bhaile – iad siúd atá sa mbaile nó i bhfad ó bhaile nó pobal an bhaile atá ar shlí na fírinne - iad siúd atá gaithe abhaile. Ní bhíonn obair bhaile ón scoil le déanamh ag lucht na scoile ar a leithéid sin d’oíche ar mhaithe le hoideachas an duine óig, mar dáiríre is cuid de fhorbairt oideachasúil an scoláire bheith ag ceiliúradh go sóisialta is go spioradálta le pobal an bhaile.

Tugann Oíche na Stáisiúin deis do na daoine nuallonnaithe ar an mbaile castáil agus aithne a chur ar phobal an bhaile. Bíonn cupán tae le fáil ag chuile dhuine agus oíche bhreá shóisialta do na comharsain gan cead ag an telly bheith casta air ar mhaithe le comhlúadar agus le meas ar na haíonna uilig as an mbaile le chéile.

Cothaíonn oíche den tsórt sin meas ar an dúchas, ar shaihbheas an chreidimh, ómós do thraidisiúin an bhaile, cion is grá ar do mhuintir fhéin agus ar na buanna uilig atá á gceiliúradh acu go poiblí. Tá an creideamh, teanga, dúchas, cultúr is an tírghrá fite fuaite le chéile. Sí oíche na Stáisiúin an sampla is fearr atá againn ar Chomaoín na Naomh mar nuair a fheiceann tú na hábhair Naomh ar an mbaile ag tabhairt cúnamh do na hanamacha bochta as an mbaile i bPurgadóir.

Oíche áirneáin dáiríre a bhíonn i gceist agus is minic a thógtar droichead na síochána idir daoine a raibh síol an amhrais curtha mar gheall ar leagan sconsaí, teorainn nó aighneas idir gasúir. Glanann an croitheadh láimhe ag comhartha na síochána san aifreann ceo an amhrais. Bíonn éileamh mór ar bhuidéal den

uisce coisricthe ón mbuicéad mór le chuile shórt sa mbaile a chur faoi bhrí na guí agus le peiríocha an amhrais a bháthadh. Téama buíochais is mó a bhíonn i gceist sa bhfómhar agus aithrí de ghnáth sa gCarghas.

Bíonn léachtaí an aifrinn fágtha faoi chúram mhuintir an tí agus Guí an Phobail roinnte idir daoine óga as an mbaile. Tagann ceo draíochta na spioradáltachta anuas ar phobal an bhaile nuair a shíúlann an sagart go chuile sheomra á mbeannú le huisce coisricthe agus an seanbheannú Tí á rá ag chuile dhuine le chéile,

**Go mbeannaí Dia an teach seo
Óna bhun go dtí a bharr,
Go mbeannaí Sé gach fardoras,**

**Gach cloch is gach clár,
Go mbeannaí Sé an teaghlach,
An bord ar a leagtar bia,
Go mbeannaí Sé gach seomra
Le haghaidh sámhchodladh na hoíche,
Go mbeannaí Sé an doras
A osclóimid go fial
Don stráinséir is don bhochtán
chomh maith is dár ngaol,
Go mbeannaí Sé na fuinneoga
A ligeann dúinn an léas
Ó sholas geal na gréine,
Na gealaí ‘s na réalt,
Go mbeannaí Sé na frathacha
In airde os ár gcionn
Is fós gach balla daingean
Atá ár dtimpeallú inniu,
Go bhfana síocháin dá réir sin,
Do ár gcomharsan cion is grá,
Go mbeannaí Dia an muirín seo
Agus a choinneáil ó gach bhaol,
‘S go stiúra Sé muid uilig
Go dtí a thígh fhéin ar neamh.**

Ag deireadh an aifrinn cuireann an sagart ceist faoin teach a thógadh na Stáisiúin an chéad sheal eile ar an mbaile ar fhaitíos go mbeadh níos mó ná teaghlach amháin ag réiteach lena aghaidh agus cuirtear deireadh leis an aifreann leis an seanphaidir - “Go mbeirimid beo ar an am seo arís.”



Ó chlér: Bríd Uí Chonghaile, Máire Uí Fhlatharta, Neain Tom Pheaidí

Nuair a bhíonn an tae á roinnt pléann pobal an bhaile le chéile cúrsaí an phobail agus na cúraimí gur cheart a roinnt le feabhas a chur ar an mbaile. Thabharfadh duine faoi deara cion na gcomharsan, spiorad na Críostaíochta, na grádiaúlachta agus an dúchais ag éirí aníos mar cheo chosanta a chumhdaíonn Pobal an Bhaile ina chomhlúadar Críostaí ag Aifreann na Stáisiúin. Bíonn Críost le feiceáil ina measc le súilín draíochta an chreidimh,

mar nach fíor gur fhógair Sé féin “Áit a bhfuil beirt nó tríúir bailithe le chéile i m’ainmse, bíonn mise mé féin ina measc.”

Cuirim paidir le hanam Mhic Éil ag chuile stáisiúin. ‘Sé a sheas an fód in aghaidh Cullen. Ná raibh sé le rá fúinn go deo san bparóiste seo nár sheas muid leis!. Tá corrfharóiste i mBaile Átha Cliath faoi láthair ag iarraidh “nós nua-aimseartha Mheiriceá”, ‘The Neighbourhood Mass’, a chur chun chinn sa mbaile. Is aít an Mac an saol. Níl meas fós thoir ar an saibheas dúchasach thiar ach meileann muilte Dé go mall ach go mion. Nach ar bhéal Mhic Éil a bheas Cáirín an Áthais ar an gcladach thall!

Ó Shelerno go Sailearna

Peadar Mac an Iomaire

Rinneadh cur síos cuimsitheach in eagrán 2003 de Bhiseach ar an tacaíocht a tháinig ó phobal an Chnoic do chur chun cinn na hOllscolaíochta trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh óna fichidí i leith agus go háirithe na hiarrachtaí a rinneadh le roinnt de bhlianta le forbairt a dhéanamh ar ollscolaíocht sa Ghaeltacht. Ba feachtas éilitheach a bhí anseo i dtosach, ach leis an aimsir, d'iompaigh sé isteach ina chomhoibriú idir Ollscoil, pobal agus stát.

D'fhoghlaim muid ag dul ar scoil gur i Selerno na hIodáile a cuireadh tús leis an gcéad Ollscoil agus is cúis mórtais do phobal an Chnoic gur i Sailearna atá feachtas don Ollscolaíocht tuaithe agus don Ollscolaíocht trí Ghaeilge fásta agus ag fás. Is diall suntais eagrán 2003 de Bhiseach mar léiríonn sé go bhfuil tionscnamh eolas pobail ar siúl idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus pobal an Chnoic le blianta agus go bhfuil tosaíocht san obair seo againn fiú amháin ar phobail in áiteanna in Éireann agus i Meiriceá a chreideann gurbh iad féin a thionscain an coincheap.

Is éard go bunúsach atá i dtionscnamh eolas pobail, nó an CKI mar a thugtar go hidirnáisiúnta air, pobal na hOllscoile ag roinnt a gcuid scileanna le pobail áitiúla agus ar an mbealach sin, ag fáil taithí don chomhluadar mac léinn ar na bealaí le hoibriú sa saol go nádúrtha.

Tá an tionscnamh seo ar bhonn oifigiúil idir ceantar Choillte Maghach i gContae Mhaigh Eo agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le cúpla bliain. Is léir go bhfuil tionscnamh eolas pobal-lárnaithe go mór sa chaidreamh atá idir baill chomhluadar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus daoine a bhfuil baint mhór acu le forbairt phobail sa taobh seo tíre. Tá sé sin soiléir i réimse pleanála

gníomhaíochtaí Comhar-chumainn, sa réimse pleanála teanga agus sa réimse tacaíochta teaghligh.

Ollscoil, Pobal agus Stát

Tá iarrachtaí go leor déanta ag an Stát le cuidiú le gníomhaíochtaí pobail a chur chun cinn sa Ghaeltacht agus bhain an pobal seo úsáid mhaith as na seirbhísí sin de réir mar a d'fheil. Is é an áit a bhfuil láithreach Ollscoile i bpobal riachtanach sa lá atá inniu ann, go bhfuil deireadh ag teacht de réir a chéile le tionscail déantúsaíochta agus leis na ceirdeanna a bhí ceangailte leo agus gurb í seo aois an eolais agus gur ar thionscnaimh eolais agus ar thionscnaimh teanga a bheidh go leor den fhostaíocht bunaithe uaidh seo amach chomh maith le tionscnaimh seirbhíse don phobal. Mar sin, tá institiúidí agus áiseanna seachadta eolais ag teastáil go géar leis an bpobal a chur bord ar bhord leis an aimsir le go mbeidh sé in ann an saothrú is tairbhí a bhaint amach agus an t-eolas atá aimsithe aige a fhorbairt agus a roinnt leis na glúnta ag teacht ina dhiaidh.

Tagraíodh i mBiseach na bliana seo caite den sruth daoine le meabhair chinn mhór atá á sciobadh as pobail Ghaeltachta le hoideachas tríú leibhéal a fháil agus gurb é an cleachtadh atá ann gur beag acu sin a fhilleann ar a

gceantar dúchais tar éis den oiliúint sin a bheith faighte acu. Tá béim an-mhór sa lá atá inniu ann ar iarchéimeanna agus freisin ar thaithí oibre tar éis de na cúrsaí acadúla a bheith críochnaithe ag daoine a cháilíonn ó institiúidí tríú leibhéal.

Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, trí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, tar éis machnamh a dhéanamh ar Ionaid Bhreise Oiliúna a bhunú sna pobail Ghaeltachta a thabharfadh deis do chéimithe óga iarchéimeanna agus taithí oibre a fháil sna pobail Ghaeltachta sula nglacfaidís fostaíocht lánaimseartha sa saol oibre. Tá tús curtha leis an tionscnamh sin i Seanscoil Sailearna ó thús mhí Deireadh Fómhair 2004 trí dhaoine a bhfuil MA déanta acu i Staidéar an Aistriúcháin a bheith in ann tréimhse a chaitheamh ar thaithí oibre faoi shúil fhoireann an Aistriúcháin in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Tá comhráit ar siúl le hÚdarás na Gaeltachta leis an scéim sin a fhorbairt mar chomhfhiontar idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus an tÚdarás a chinnteoidh go mbeidh deis ag céimithe oiliúint oibre agus cáilíochtaí acadúla a bhaint amach in Ionaid Bhreise Oiliúna sa Ghaeltacht a bheidh ag feidhmiú faoi scáth na nIonad Gaeilge agus Oideachais sa Ghaeltacht.

Is í ár mian go mbeidh na hábhair staidéir a roghnófar úsáideach d'fheidhmiú gníomhaíochtaí pobalbhunaithe, eolasbhunaithe agus teanga-lárnaithe don Ghaeltacht. Is ionann seo agus beartas le meabhair chinn atá imithe ón nGhaeltacht tríd an gcóras oideachais tríú leibhéal a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta agus an taithí chuí faighte ag na daoine sin taobh amuigh den Ghaeltacht ar mhaithe lena feidhmiú tríd an oideachas, tríd an oiliúint, tríd an taithí oibre le dul chun tairbhe d'fhorbairt Ghaeltachta an lae inniu.

Athchumasú na nEagras Stáit agus Forbartha

Tá ról lárnach ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gcumasú daoine atá ag obair in eagrais stáit agus in eagrais fhorbartha leis an tseirbhís is fearr a thabhairt do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá sé tábhachtach go dtabharfar an oscailt súl is mó is féidir do gach uile dhuine atá ag obair i gcur chun cinn na bpobal sin agus go mbeidh moltaí á nglacadh óna daoine féin agus ón bpobal ar na bealaí is fearr cúrsaí oideachais an lae inniu a sheachadadh ar mhaithe leis an bhforbairt is fearr teacht ar an duine agus ar an bpobal.

Tiocfaidh de thoradh ar na cúrsaí seo freisin go mbeidh deis ag daoine atá fostaíte sna heagrais seo agus ag daoine sna pobail ar a mbíonn siad ag freastal aithne a chur ar a chéile taobh amuigh den láthair oibre agus tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus ar dhualgais a chéile.

Mar chuid den tionscnamh eolas pobail idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus pobail Ghaeltachta, tá pleananna curtha le chéile a chuideoidh le pobail pleanáil teanga ar bhealach feidhmiúil a chur chun cinn ina bpobal féin. Seo cur chuige an-úsáideach mar go bhféadfaí breathnú air mar atreorú an stáit i dtreo caomhnú agus forbairt teanga i gcomhar le pobal labhartha na teanga sin. Is athrú treo é seo ón gcur chuige cigiriúil a bhí ag an Stát le caomhnú teanga a fheidhmiú le blianta fada. Níl aon chúis nach n-oibreodh an cur chuige seo níos fearr ná mar a d'oibrigh cur chuigí eile. Samhlaigh an chaoi ar oibrigh comharchumainn phobail ag cur seirbhísí mar scéimeanna uisce ar fáil in áiteanna nach raibh ar chumas an stáit é sin a dhéanamh nó nach raibh sí sásta é a dhéanamh.

Acmhainní Forbartha Pobail

Tá os cionn 150 duine sa Ghaeltacht ag déanamh cúrsaí tríú leibhéal go hiomlán trí mheán na Gaeilge faoi láthair faoi scáth Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gConamara agus i dTír Chonaill. Tá na cúrsaí sin ar siúl i réimsí na ríomhaireachta, na cumarsáide, an aistriúcháin agus sealbhú teanga agus cúram leanaí. Tá an tAcadamh ag pleanáil céimeanna i réimsí éagsúla léinn faoi láthair ina

mbeidh na cúrsaí sin aitheanta le pointí creidiúna a thabhairt i mbuncheim Ollscoile. Is acmhainní forbartha pobail an t-oideachas atá á thabhairt sna hIonaid Ghaeltachta do lucht Gaeltachta i láthair na huaire agus i dteannta leis an eolas atá na daoine a fháil sna hallaí léachta, tá siad ag foghlaim óna chéile, ó léitheoireacht, ón idirlíon agus ó fhoinsí eolais eile timpeall orthu agus tá siad ag roinnt an eolais sin le daoine eile a thagann i dteagmháil leo, go háirithe a gclann. Sna feachtais agus san ugach a tháinig ó phobal an Chnoic, tá Acadamh Ollscoile bunaithe anois ag freastal ar phobail Ghaeltachta ar mhaithe le hacmhainní forbartha pobail a chur chun cinn.

Den triúr a fuair céad onóracha i gcúrsa B.A. na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i 2004, ba as Iorras Aithneach beirt acu, beirt a rinne Cúrsa Rochtain in Áras Shorcha Ní Ghuairim timpeall cúig bhliana ó shin agus a fuair an gradam ab airde sa Ghaeilge tar éis dóibh trí bliana a chaitheamh san Ollscoil. Seans maith nach samhlófaí i gCois Fharraige sna tríochaidí, sna ceathrachaidí ná sna caogaidí go bhféadfadh mná tí a gcuid seolta a chrochadh agus céim Ollscoile

Is athrú treo é seo ón gcur chuige cigiriúil a bhí ag an Stát le caomhnú teanga a fheidhmiú le blianta fada.

a dhéanamh agus ansin teacht ar ais chuig a gceantar féin agus fostaíocht lánaimseartha a bhaint amach ann leis na scileanna a bhí foghlamtha acu a roinnt lena bpobal. Tá sé sin ag tarlú anois, ach tá tuilleadh le déanamh fós le go mbeidh na hionaid seachadta eolas Ollscoile ar leic an dorais ag an bpobal agus istigh i lár an tí acu chomh maith.

Na Foirgnimh don Oideachas Ollscoile sa Ghaeltacht

Ba é Liam Ó Buachalla a chuir ina luí ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ar Choiste Ghairmoideachais Chontae na Gaillimhe an tseanghairmscoil ar an gCeathrú Rua a chur in úinéireacht na hOllscoile. Dá dtiocfadh sé ar ais inniu, tá súil agam go mbeadh sé sásta go bhfuil Ollscolaíocht Tuaithe trí

Ghaeilge á forbairt, ní hamháin ó Áras Mháirtín Uí Chadhain, ach ó ghairmscoileanna eile i gCarna agus i nGaoth Dobhair.

Ba chomhartha dóchais do phobail sna seascaidí agus sna seachtóidí agus fiú amháin go dtí an lá atá inniu ann, monarchana a fheiceáil á dtógáil ina gcuid pobal. Is comhartha dóchais d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Údarás na Gaeltachta a bheith ag tairiscint monarchana don Ollscoil le cóiriú mar fhoirgnimh léinn. Tá sin ag tarlú faoi láthair i nGaoth Dobhair agus i gCarna. Cruthaíonn an beart seo ann féin tábhacht na hOllscolaíochta Tuaithe i bhforbairt phobail agus sású mhianaidhmeanna Údarás na Gaeltachta.

Dá mhéid comaoine dá bhfuil curtha ag an Stát ar phobal Chois Fharraige agus dá mhéid comhoibrithe dá raibh idir an Ollscoil agus an pobal faoi thionscnaimh eolas pobail sula raibh an téama sin sa bhfaisean, is mó fós an chomaoin atá curtha ag pobal Chois Fharraige ar an Ollscoil, ar an Stát agus ar phobail eile ar fud na tíre mar go raibh Ollscoil anseo sular bunaíodh Ollscoil na Banríona i nGaillimh i 1845. Bhí Ollscoil ann mar go raibh an pobal ag seachadadh an eolais agus na scileanna a bhí acu ó ghlúin go glúin, chomh maith le bheith ag caomhnú a dteanga agus ag cur léi.

Ba as an bpobal sin a fáisceadh Joe Steve Ó Neachtain agus go leor eile leis. Roghnaím Joe Steve mar gur le gairid a craoladh clár faoi ar TG4 – clár a léiríonn gur duine é seo atá ina scríbhneoir, ina dhrámadóir, ina fhile, ina cheannródaí pobail agus go raibh sé ina bhainisteoir ar thionscal tógála a ndearna sé féin forbairt mhór uirthi, forbairt a bhí pobal-lárnaithe agus teangabhunaithe.

Is í mo shamhailse d'Ollscolaíocht Tuaithe trí Ghaeilge go n-éireoidh linn an oiread agus is féidir de phobal labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di a oiliúint le hoideachas a chuirfeas lena meas ar a bhfuil acu ag baile agus a leathnóidh a ndearcadh ar ar féidir a foghlaim ón saol mór ar mhaithe le caomhnú agus le neartú an chomhludair ar cuid díobh iad. Ansin, fágfar an oidhreacht sin ag an gcéad ghlúin eile le deis a bheith acusan í a mhúnlú ar an mbealach is tairbhí leis an sochaí a chur chun cinn uaidh sin amach.

Cuairt an Aire




Ar chúil, ó chlé: Shannon Ní Chualáin, Caoimhe Ní Choisdealbha, Ciarán Ó Féinneadha, Dinny Ó hÉallaithe, Tadhg Óg Ó Conaire, Ryan Ó Máille, Daragh Ó Fátharta, Cóil Ó Coisdealbha, Seán Ó Cadhain, Ruaidhri Ó Béarra, Seán Ó Tuathail, Aodán Ó Beoláin, Sharon Ní Bheoláin. **Tosach, ó chlé:** Rebecca Ní Fhátharta, Emma Ní Choisdealbha, Mairéad Ní Chonghaile, An tAire Éamon Ó Cuív, Saoirse Ní Ghríofa-Breathnach, Caoimhe Ní Chonghaile, Fionnghuala Ní Chualáin, Sinéad Ní Mhaoláin. Bhí Micheál Canniffe in easnamh an lá ar



Siopa an Phobail

Indreabhán

Fón: 091-593020 Faics: 091-593338



Taisteal na Cruinne, Unit 4, Spiddal, Co. Galway, Éire

Tel.: 091 - + 353 91-553149 / + 353 91-504997 Facs: 091 - + 353 91-553289

Ríomhphost: coleman@tnacwslmail.com



Fuinneamh Gaoithe Teo.

An Cnoc

“Ginnadóirí Cumhachta”

COLÁISTE LURGAN

D'fhreastail suas le 1,800 scoláire ar Choláiste Lurgan le linn samhradh 2003 agus bhí os cionn 110 duine, idir mhná tí, mhúinteoirí agus fostaithe eile ag obair go lánaimseartha leis an gColáiste le linn an ama seo. Le blianta anois tá an t-éileamh ar chúrsaí sa gColáiste chun cinn ar líon na n-áiteanna a bhíonn ar fáil. Ní féidir glacadh leis, áfach, go bhfanfaidh cúrsaí mar seo. De bharr cúinsí eacnamúla níl daoine chomh caifeach agus a bhí. Bíodh sin mar atá, tá muid fós dóchasach go mbeidh dóthain éilimh ar chúrsaí sa gColáiste chun go mbeidh muid in ann iad a fhorbairt agus a fheabhsú sna blianta atá romhainn.



Coláiste Lurgan, Indreabhán

Faoi láthair tá cúigear againn ag obair in oifig an Choláiste i gcaitheamh na bliana, beirt go lánaimseartha agus triúr go páirtaimseartha. Bíonn daoine den tuairim gur beag a tharlaíonn i gColáiste Gaeilge taobh amuigh de thréimhse an tsamhraidh ach is minic gur déine an t-ualach oibre le linn an ama seo ná nuair atá na cúrsaí faoi lánseol.

Is í an acmhainn is luachmhaire atá ag an gColáiste, seachas an Ghaeilge féin, ná ardchaighdeán na ndaoine a oibríonn ann, idir mhná tí, múinteoirí, cúntóirí agus oibríthe oifige.

Bíonn formhór mór na scoláirí agus a dtuismitheoirí an-sásta leis an teagasc agus leis an aire a fhaigheann siad

sa gColáiste. Léiriú ar seo is ea go dtagann scoláirí ó na clanna, ó na scoileanna agus ó na ceantair chéanna ar ais bliain i ndiaidh bliana. Constaic a tháinig chun cinn le cúpla bliain is ea a laghad mná tí nua a bhí sásta scoláirí a choinneáil. Tá cúrsaí feabhsaithe i mbliana agus ba mhór an cúnamh sa bhfeabhas sin an clár ama nua a cheadaíonn do scoláirí lón a chaitheamh sa gColáiste. Cuireadh cistin leis an gColáiste agus réitíodh suas le 28,000 lón inti i mbliana.

Buntáiste an-mhór a bhaineann le scoláirí a bheith ag caitheamh lóin sa Choláiste ná go bhfuil laghdú 33% ar na haistir bhóthair agus go laghdaítear dá réir ar an gcontúirt a leanann iad.

Coláiste Lurgan ar lean ...

Tá dúshlán romhainn na hathraithe atá ag tarlú i saol na teicneolaíochta a shnaidhmeadh lenár modhanna teagaisc ionas go mbeidh an cur i láthair is éifeachtaí á chleachtadh againn.

Chuirge sin tá infheistiú suntasach déanta i dtrealamh do sheomraí ranga, in imeachtaí cultúrtha agus i bhfearais spóirt, spórt uisce, go háirithe. Is cúis bróid dúinn. gur éirigh linn os cionn €60,000 a chur chuig an eagraíocht charthanachta GOAL le dhá bhliain anuas. Bailíodh an t-airgead ó dhíolachán an dlúthdhiosca *Cuimhní Gaeltachta* agus ó bhrabach an tsiopa milseán sa choláiste. Tá an t-airgead seo curtha i dtreo dhá thogra ar leith, ceann i mBosnia agus ceann eile i Nairobi, Keyna.

Tá glactha leis go forleathan nach bhfuil an foirgneamh atá á úsáid ag Coláiste Lurgan oiriúnach do riachtanais an lae inniu. Feictear dúinn go mbeidh géarchéim ann i gceann roinnt blianta mura ngníomhaítear ar phlean éicint a chinnteoidh go mbeidh áiseanna feiliúnacha ar fáil chun na cúrsaí a rith.

Athchóiriú

Fiú dá ndéanfaí athchóiriú ar an bhfoirgneamh, fós bheadh na heasnamh agus na srianta céanna ag baint leis an bhfoirgneamh athchóirithe rud a d'fhágfadh an réimse úsáide ab fhéidir a bhaint as chomh teoranta céanna agus atá faoi láthair. Ar an lámh eile, dá dtógfaí foirgneamh a bheadh deartha chun díriú ar an réimse is leithne úsáide, is cinnte go mbainfí leas as. Is chun aird a dhíriú ar an easnamh seo thuas a shocraigh Coláiste Lurgan dréachtphlean d'fhoirgneamh ardchaighdeán a réiteach i 2002.

Cuireadh plean le chéile i 2002 chun díospóireacht a thosú faoi céard a bhí i ndán don suíomh agus don fhoirgneamh. Tá roinnt athraithe déanta ar an bplean ó shin. Foirgneamh a bheas dírithe ar imeachtaí oideachasúla / cultúrtha / agus sóisialta atá i gceist leis an bplean nua. (Níl spórtlann mar chuid de). Foirgneamh cóirithe agus críochnaithe ar chaighdeán ard chun go mbeadh sé tarraingteach do phobal leathan daoine a bheas ann. Tá Coláiste Lurgan i gcónaí sásta lántacaíocht a thabhairt agus comhoibriú le haon chumann, eagraíocht nó dream daoine atá ag iarraidh cur le stádas agus le hinmharthanacht na Gaeilge sa bpobal.

Micheál Ó Foighil

Scoil Náisiúnta Sailearna

*Ruaidhri Ó Tuathail,
Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na Scoile*

Faoi láthair tá 212 scoláire agus dhá mhúinteoir déag sa scoil. Tá méadú i mbliana ar an líon scoláire agus is comhartha maith é seo. Chuaigh Bord Bainistíochta nua i mbun gnó sa scoil i mí na Samhna 2003.

Cé go raibh súil le forbairt mhór a bheith tosaithe roimhe seo, Bhí gad níos gaire don scornach le scaoileadh i 2004 mar bhí drochbhraon anuas ag cur as go dona don fhoirgneamh le cúpla bliain. Faoi dheireadh fuair an bord bainistíochta deontas níos mó ná céad míle euro le dul i mbun na hoibre an samhradh seo caite. Bhí an obair seo beagnach curtha i gcrích nuair a d'oscail an scoil tar éis shaoire an tsamhraidh.

Bhí gearrán freisin ag na múinteoirí agus aon dream eile a bhí ag úsáid an halla, mar gheall ar an macalla uafásach a bhí san áit. Socraíodh é seo a leigheas freisin le linn shaoire an tsamhraidh 2004 agus is mór an gar go bhfuil feabhas as cuimse anois ar an áit. Ní bheadh sé ceart ná coir gan a lua nach bhféadfaí an obair seo a dhéanamh gan an coiste tuismitheoirí atá chomh fial sin maidir lena gcuid gníomhaíochta ag bailiú airgid ar shon na scoile agus freisin ar an mbord bainistíochta. Tá súil againn anois gur féidir brú a chur ar an Roinn Oideachais le go bhféadfar tabhairt faoin bhforbairt mhór atá ag teastáil sa scoil.

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag feidhmiú anois le os cionn seacht mbliana déag. Déanann sé freastal ar na pobail ó na Forbacha siar chomh fada leis an gCeathrú Rua, Ceantar na nOileán agus ó thuaidh chomh fada le Gleann Trasna. Thar na mblianta, tá fás agus forbairt tagtha ar an líon ball atá páirteach sa gComhar Creidmheasa. Le léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag an gComhar Creidmheasa is fiú súil a chaith ar roinnt staitisticí:

- 5,500 ball cláraithe leis an gComhar Creidmheasa
- Os cionn €15.5 milliún sábháilte ag na baill
- Beagnach €5 mhilliún tugtha amach ar iasacht i rith na bliana
- €2.7 milliún sábháilte ag na baill i gcuntais speisialta coigiltis (SSIA)
- Luach de bheagnach €20 milliún ar an gComhar Creidmheasa féin

Is léiriú é seo ar an muintín atá curtha ag pobal dheisceart Chonamara i gComhar Creidmheasa Cholm Cille agus is mór é ár mbuóchas as sin. Ar ndóigh tá na comhair creidmheasa bunaithe ar phrionsabail an chomhoibrithe agus na pobail ag cuidiú lena chéile ar mhaithe lena chéile. Go deimhin is é mana na gcomhar creidmheasa ná “Ní le brabús ná mar charthanacht ach le haghaidh seirbhís”. Tá sé soiléir go bhfeiceann go leor daoine na buntáistí a bhaineann le bheith ina mbaill, ina measc:

- Úinéireacht ag na baill féin ar an gComhar Creidmheasa
- Ráta maith díbhinn ar do chuid choigiltis
- Ráta ús réasúnach agus coimhlinteach ar iasachtaí
- Árachais saoil ar do choigilteas agus d’iasachtaí
- Seirbhís d’ardchaighdeán curtha ar fáil go háitiúil

I ndeireadh na dála is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa agus is féidir leo a bheith páirteach i stiúradh agus i bhforbairt imeachtaí an Chomhair Creidmheasa trína bheith páirteach in aon cheann de na coistí deonacha atá gníomhach sa gComhar Creidmheasa. Is fiú freastal ar an gcrúinniú cinnbhliana a bhíonn ar siúl ag deireadh mhí na Samhna nó tús mhí na Nollag le tuilleadh eolais a fháil ar na bealaí ar féidir leatsa a bheith páirteach.

Sa bhliain reatha chinn an Bord Stiúrtha go raibh an t-am tagtha le Bainisteoir Airgeadais agus Forbairt Gnó a fhostú. Faoi mar atá léirithe, táthar anois ag láimhseáil acmhainní atá ag dul i dtreo €20 milliún agus is mór an fhreagracht atá ag dul leis seo. Is aithint freisin é, ar an ngá atá le freastal níos fearr a dhéanamh ar phobail na Ceathrún Rua agus Cheantar na nOileán, áit nach bhfuil aon láthair oibre buan againn faoi láthair. Sna míonna amach romhainn tá súil againn plean forbartha a chur le chéile agus muid ag breathnú chun cinn ar riachtanais na ball. Beidh páirt lárnach ag na baill féin sa bpróiseas seo ionas go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar na seirbhísí a theastaíonn uathu.

Má theastaíonn uaitse a bheith i do bhall sa Chomhar Creidmheasa, nó go deimhin tuilleadh eolais a fháil ina leith, déan teagmháil linn ag ár bpríomhoifig ar an Cnoc nó ag oifig Thír an Fhia. Tá na huaireanta oibre luaite thíos

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

OIFIG AN CHNOIC

Laethanta Oscailte	Uaireanta Oscailte
Dé Luain	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Dé Máirt	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Déardaoin	10.30 r.n. – 5.00 i.n.
Dé hAoine	10.30 r.n. – 5.00 i.n.
Dé Satharn	9.30 r.n. – 2.30 i.n.

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

Bíonn oifig Thír an Fhia oscailte ar an Aoine, óna 12.30 i.n. go dtí 1.30 i.n.

Seo Uait

Idtús na bliana seo bunaíodh an eagraíocht dheonach, *Seo Uait*, i gceantar Chonamara le hairgead a bhailiú do Thaighde Ailse Brollaigh i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Ailse Brollaigh (*National Breast Cancer Research Institute*) i nGaillimh atá faoi stiúir an Ollaimh Given. Grúpa deonach as Gaillimh, *The Merlin Park Walkers*, a chuir tús leis an bhfeachtas nuair a chuir siad fógra sna nuachtáin ag iarraidh cúnamh. Chonaic Margó Ní Chonghaile an fógra agus chuaigh sí i dteagmháil leo. Eagraíodh cruinniú agus as sin a tháinig an eagraíocht *Seo Uait* agus ceapadh coiste ar a raibh Margó féin, Caitríona Uí Bhéarra, Coroline Uí Ráinne, Maria Griffin agus Máire Langan.

Chuaigh *Seo Uait* i mbun feachtais bhailithe airgid ina dhiaidh sin agus eagraíodh siúlóid urraithe ar an Domhnach, an 2ú Bealtaine, ón Spidéal siar go dtí TG4 agus ceann eile ó Bhéal an Daingin aniar go dtí TG4. Ina theannta sin bhí feachtas Glanta Carranna, Tráth na gCeist Boird agus eile agus ba é toradh na hiarrachta ar fad ná gur bailíodh breis agus €42,000 le tabhairt don Institiúid.



Cén uimhir atá ag George Bush?



Ceann scríbe



Siúlóid Urraithe SEO UAIT, 2004

*Ar chúl ó chlé: Martin Geary, Josephine O'Neill, Gerry O'Neill, Caitríona Uí Bhéarra agus Caroline Uí Ráinne.
Chun tosaigh: Ruadhán agus Ruaidhrí Óg Ó Béarra, Maedhbh Ní Ráinne.*



Seic na Siúlóide

*Ó chlé: Caroline Uí Ráinne, Margó Uí Chonghaile, Josephine O'Neill, Caitríona Uí Bhéarra, Gerry O'Neill,
Maidhc agus Mairéad Ní Chonghaile, Joe Ó Conghaile atá ina shuí os a gcomhair.*

Lóchrann

Joe Steve Ó Neachtain

Ná bíodh duine ar bith a rá liomsa nach bhfuil pobal fada fairsing ar bís le dhul ag breathnú ar dhráma maith Gaeilge. Cruthaíodh an méid sin don ghrúpa drámaíochta “Lóchrann” a bunaíodh i gceantar Chois Fharraige an bhliain seo caite. Grúpa gairmiúil a bheartaigh muid a bhunú agus é de aidhm againn drámaí traidisiúnta den ardchaighdeán a chur i láthair an phobail go rialta. Beidh béim againn ar dhrámaí nuascríofa agus ar an nGaeilge shaibhir nádúrtha atá i gcontúirt a tachtadh ag an nua-aois. Bhí sé i gceist againn freisin ár sciatháin a scaradh agus an ealaíon thraidisiúnta a thabhairt chomh fada leis na Gaeil atá sloigte ag an imirce.

Is furasta é rá ná é dhéanamh, a deirtear, mar a fuair muid amach tar éis dúinn bualadh faoi. Níl aimhreas ar bith nach mbíonn beagán saochan céille ar dhuine ar bith a tharraingíonn orthu na himpleachtaí a bhaineann le compántas gairmiúil Gaeilge a bhunú i láthair na huaire. Ní hé nach raibh na fiacla curtha againn ar fad agus na cúpla ribe liath atá fanta ag meabhrú na seanaoise do chuid againn, ach beatha duine a thoil agus seans nach mbaineann daoine a mbíonn iomarca céille acu a leath ndóthain sásamh as an saol.

Is cineál druga nach féidir déanamh dá uireasa atá sa drámaíocht do bhaill na complachta mar atá – Josie Chóilí Óg Ó Cualáin, Diarmuid Mac an Adhastair, Eithne Nic Einrí, Máirín Nic an Iomaire, Maidhc P. Ó Conaola, Seán Ó Flaithearta, Máirín & Joe Steve.

Tharla sé go raibh muid ar fad páirteach sa léiriú a rinneadh sa Taibhdhearc den dráma, *‘Níor mhaith linn do thrioblóid’*, agus ó tharla gur éirigh chomh maith leis agus gur mheas muid gurbh fhiú é thabhairt chomh fada le pobail Ghaelacha eile, roghnaigh muid bualadh faoi in athuair leis an bhfoireann céanna cé is moite de Pheadar Lamb a raibh cúraimí eile air ag an am.

Go faiteach a bhí muid ag fáil faoi réir le dhul os comhair an phobail ach nuair a chuala muid go raibh gach suíochán i seanScoil Shailearna curtha in áirithe agus lán go doras ar feadh ceithre oíche, bhí muid thar a bheith bródúil.

Ba é an cás céanna é nuair a thug muid aghaidh ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne; bhí Halla na Feothanaí lán go doras agus oíche go maidin i dTeach Ósta an Bhóthair againn ina dhiaidh.

Níor leor do dhuine croí amháin ag dul go hInis Oírr agus go Inis Meáin. Dhá dheireadh seachtaine a bhí thar barr agus hallaí lán go doras.

Bréagnaíodh na daoine a bhí den tuairim go raibh

Gaeltacht Acla rólag le suim a chur i ndrámá Gaeilge. Bhí halla an Chorráin lán agus muid ar fad ag baint sásamh as comhluadar a chéile nó go raibh sé in am ag na coiligh tosú ag glaoch. Deireadh seachtaine ar dóigh a bhí againn i nGaoth Dobhair, mar a bhí arís i gCorr na Móna. Bhí slua breá i láthair ins chaon áit acu ach ba iad an slua a chur fáilte go Boston romhainn a chuir an dlaoi mhullaigh ar obair na bliana. Ocht gcéad duine a tháinig ag breathnú ar an dráma in *St. Brendan’s Hall* i Dorchester, a bhformhór as Gaeltacht Chonamara. Ní taobh le babhta amháin a bhain siad an deoir ón tsúil agam nuair a chonaic mé an nádúr a bhí go smior iontu agus an dúil mhillteach a bhí acu i ndrámá a bhain lena ndúchas. Bhí sé deacair a shamhlú gur i Meiriceá a bhí tú leis an nglanGaeilge a bhí le cloisteáil go nádúrtha nuair a casadh i dtoll a chéile iad.

Trí scór babhta atá an dráma seo curtha ar an ardán agus ní cuimhneach liom níos mó ná cúpla babhta nach raibh meán de chéad go leith duine i láthair. Ní ag séideadh na mboilg atá mé ach ag meabhrú do dhaoine, a bhfuil cúram na n-ealaíon orthu, go gcruthaíonn an slua mór daoine sin nár cheart beag is fiú a dhéanamh den drámaíocht traidisiúnta. Má dhéantar, beidh éagóir dhá dhéanamh ar chroí lár an chultúir.

Bheinn ag déanamh bréag dá dtugainn an tuairim gurbh é saol an mhada bháin ar fad a bhí againn. Ní tharlaíonn tada den rath gan anró agus mar a bhfuair muidne ár ndóthain anró ní lá go maidin é. Tá sé damanta ag an am den tsaol a bhfuil coileáin ag an Thíogar Cheilteach go bhfuil ar ghrúpa beag cosúil linne córas suíocháin agus córas soilse a fháil ar cíós agus an deoir deireadh allais a chur ar feadh cheithre lá roimh chuile léiriú ag iompar na bhfearas trom seo isteach i mbáid agus i leoraithe ag iarraidh a bheith dá n-athrú ó halla go halla ar fud na nGaeltachtaí.

Pócaí folamh agus cloigeann tinn a bhí mar luach saothair againn agus brú a chríoighas grúpaí beaga cosúil linne, a chreideann go daingean nach é amháin gur chóir den taispeántas ardáin a bheith den chéadscóth ach gur chóir do chuile dhuine a bheith ábalta an dráma a fheiceáil ar a gcompóirt. Níl oiread agus halla amháin sna Gaeltachtaí ar fad atá ar an gcaighdeán atá sna hAmharclanna beaga atá le fáil i mór chuid bailte beaga sa nGalltacht. Bíonn na cúpla halla atá gar don mharc gafa ag Coláistí Samhradh agus aontaíonn mise go hiomlán gurb é sin is mó tairbhe don cheantar, ach níl an t-ardchaighdeán atá riachtanach i ndán do dhrámaíocht na Gaeilge nó go mbeidh Amharclann cheart chompóirteach ins chuile réigiún agus gach áis dá fheabhas ar fáil iontu.

Tá an t-ádh orainne gur thug Comharchumann Shailearna úsáid na Seanscoile dhúinn. Tá ómós ag dul dhóibh as an gcaighdeán compóirte agus áiseanna atá curtha ar fáil acu. Comhoibriú den chineál seo a thugann misneach dúinne leanacht ar aghaidh agus cur leis an bhfíbin drámaíochta atá sa taobh seo tíre faoi láthair.

Ní dhéanfar dearmad ar an dea-thoil agus ar an gcúnamh ollmhór a fuair muid ins gach áit dá raibh muid ná ar an gcúnamh airgid a thug Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta dúinn. Bíonn muid ag clamhsán corruair ach is i dteannta a chéile is fearr muid i ndeireadh na dála.

Tír Na nÓg

ceol agus craic

Beidh

Fáilte Uí Cheallaigh
romhat



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593853

File Óg Áitiúil

Bean óg as Cor na Rón a bhfuil cáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta bainte amach aici lena cuid filíochta, í Johanna Ní Mháille. Scríobhann sí i mBéarla agus i nGaeilge agus seo thíos dhá shampla dá saothar.

As Mo Meabhair

Tá duine ar aigne agamsa, feicfidh tú é san oíche ag siúl leis ins an gceol agus draíocht éigin ina shúile agus é ag dul as a meabhair.

Éisteoidh mé leat agus beidh sé tamaill sula bhfeicfidh mé arís thú, agus nuair a chloiseann tú an toirneach sin ní bheidh aon scanradh ort. Beidh a fhios agat gur mise atá ann. Chomh alta leis an gaoth ar thuras as mo mheabhair.

An tUaigneas

Creideann tú fós go bhfuil an t-uaigneas i gcónaí leat, ag snámh le na tonnta cois farraige.

Cuidíonn an ghealach leat nuair a bhíonn an oíche brónach agus thú ag caoineadh deora dubha.

Tá do intinn i gcónaí i bhfad ó Chonamara agus thú ag eitilt thuas sa spéir. D'fhág an t-uaigneas anseo leat fhéin thú.

Go tobainn tháinig an griain amach. Chuir tú deireadh leis na scamail uilig; thit tú i ngrá leis an saol.

Johanna Ní Mháille

Ionad Leighis

Céim 4 (an céim deireadh) den fhorbairt atá ar na bacáin againn ná Ionad Leighis (Dochtúra) a thógáil do Phobal Chois Fharraige a bhíonn ag freastal ar an Ionad Leighis ag an Tulaigh - ionad atá suite i bPortacabin le breis is scór bliain - ionad atá mífheiliúnach go hiomlán le freastal ar an bPobal agus ionad atá cáinte ag Dochtúirí, Banaltraí agus gnáthphobal na háite.

Tá suíomh ag Tearmann Éanna Teo. coinnithe go speisialta don fhorbairt seo agus tá cead pleanála faighte leis an Ionad Leighis a thógáil. Tá tairiscint tugtha againn le dhá bhliain do Bhord Sláinte an Iarthair agus tá an suíomh (le cead pleanála) tairgthe againn dóibh ar airgead an-réasúnach. Chomh maith le sin tá tairiscint tugtha againn don Bhord Sláinte leis an Ionad Leighis a thógáil dóibh, é a ligean ar léas fadtéarmach leo agus rogha a bheith acu é a cheannach. Fós féin níl siad sásta bogadh. Sílim go bhfuil sé thar am anois ag an bPobal brú a chur ar ár bpolaiteoirí a bhfuil “cumhacht” acu rud éicint a dhéanamh faoin scannal leanúnach sin.

Dála an scéil, beidh Díolachán Earraí i gCóláiste Lurgan ar mhaithe le Ciste Tógála Thearmann Éanna

Teo. ar an Domhnach, an 10 Nollaig, 2004.

Scéim Scáth Tithíochta

Tá Céim a Trí den fhorbairt atá beartaithe don suíomh ag Tearmann Éanna Teo. faoi lánseoil anois agus tá an Coiste ag súil go mbeidh an obair críochnaithe ag na conraitheoirí tógála faoi Nollaig 2004. Is éard a bheas san ionad seo ná áit cónaí do naonúr. Beidh a seomra leapa (*en-suite*) dó/dí féin ag chuile dhuine den naonúr. Níl aon roghnú fós déanta ar na daoine a bheas san ionad seo ach tá an Coiste ag obair i gcomhair le Coiste Tacaíochta Buaille Ceoinín, An Cheathrú Rua. Cosnóidh an scéim tithíochta seo breis is €1,000,000, gan troscán a chur san áireamh. D'éirigh linn 95% deontas a fháil ón Roinn Comhshaol tríd an gComhairle Contae.



An Ionad Leighis atá ar an Tulaigh faoi láthair



Forbairt bhreise ag Tearmann Éanna ar an Tulaigh

Imirceoirí

Tá Coiste Éanna ag obair ar phlean le imirceoirí atá ar phinsean i Sasana (Londain, Manchester, srl.) a lonnú i bhfoirgneamh atá ar aon dul leis an gceann seo. Is cúis inní dúinn mar Choiste go bhfuil roinnt aosach as Gaeltacht Chonamara ina gcónaí in árasáin gan coir ceart a bheith orthu. Fir agus mná iad seo a chaith a saol ag sclábhaíocht ar na buildeálachaí agus in áiteacha nach iad agus atá anois gan áit cheart cónaí agus iad in

aois an phinsin. Tá cuid acu ag caitheamh saol fánach uaigneach agus tá an Coiste den tuairim láidir go mba cheart dúinn lámh chunta a thabhairt agus seans a thabhairt dóibh filleadh abhaile ar a ndúchas le sásamh agus suaimhneas a bheith acu i measc a muintire i nGaeltacht Chonamara.

Pól Ó Foighil



Foireann Crúite

Seo í Foireann Caitheamh Crúite Chois Fharraige a bhuaigh Craobh na hÉireann i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa seo caite agus a bhuaigh Craobh na hEorpa i Luton Shasana i mí Iúil (ó chlé):

Máirtín Ó Ceallaigh, Seán Ó Conghaile, Máirtín Ó Curraoin, Máirtín Malone, Marcus Ó Conghaile, Colm Ó Fatharta, Pádraic Ó Flatharta, Pádraic Ó Curraoin, Stiofán Ó Cualáin, Tadhg Ó Conghaile, Bertie Ó Conghaile, Gabriel Ó Cualáin, Pádraic Willie Ó Fatharta.

Comhghairdeas ó chroí libh ar fad.



Pictiúr a tógadh taobh amuigh de sheanteach na mBreathnaigh ar an Lochán Beag sna ceathrachadaí, ón tosach: Ultan & Pádraig Kerrigan as Baile Átha Cliath; Máirín na mBreathnaigh (Ní Chualáin); Carmel Ní Mhaolmhuire as Baile Átha Cliath; Mary an Bhreathnaigh; Deirdre Ní Riain as Baile Átha Cliath; John Joe na mBreathnaigh; Seáinín Sheáin Pheaid Ó Cualáin as an Lochán Beag; Caoimhín Breathnach as Baile Átha Cliath.



Coláiste Chonnacht, ó chlé: Judeen na mBreathnaigh agus Maidhc Phádraig Thaidhg Uí Chonghaile; Peait Thaidhg Ó Conaire agus Máirín Mháirtín Bhille Ní Fhátharta; John Joe na mBreathnaigh agus Anne Coyne.

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Pádraig Ó Héalaí (Cathaoirleach)

Oifigigh agus baill choiste an Chumainn

Cathaoirleach: Pádraig Ó Héalaí; Rúnaí: Sara Uí Scanláin; Cisteoir: Séamas Ó Fátharta; Baill: Gormlaith Ní Thuairisc, Brian Ó Baoill, Máirtín Davy Ó Coisdeala, Páraic Willie Ó Fátharta, An tAth. Mícheál Ó Flannabhra; Pól Ó Foighil, Seán Ó Ráighne, Seán Ó Tuairisc, Breandán Ó Tuairisc.

Gníomhaíochtaí

Díríonn an Cumann Forbartha ar mholtaí a chur chun cinn agus ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí fisiciúla agus imeachtaí cultúrtha a rachadh chun tairbhe don cheantair agus a chuirfeadh le saol an phobail.

Cuid mhaith de na nithe a bhíonn á gcur chun cinn ag an gCumann is tograí leanúnacha ó bhliain go chéile iad. Ceann díobh sin is ea brú a chur ar na húdaráis chuí glacadh le gnéithe de phlean forbartha bóthair agus taobh tíre, ó dhroichead an Spidéil go droichead Chromghlinne, plean a réitigh comhlacht suirbhéireachta, innealtóireachta agus comhairleoireachta ar iarratas ón gCumann. Dírítear sa phlean ar leasuithe a chuirfeadh le sábháilteacht bóthair, m.sh., cosáin do choisithe agus do rothair, línte bóthair, luasteorainneacha, fairsingiú ar bhéal bóithríní, agus dírítear ann freisin ar fhorbairtí fisiciúla mar sconsaí slachtmhara agus stadanna bus faoi dhíon.

I mbliana bheartaigh an Cumann cur isteach ar Rannóg na mBuaiteoirí de chomórtas Ghlór na nGael agus tá buíochas an Chumainn ag dul do Bhrian Ó Baoill agus don tAth. Mícheál Ó Flannabhra as an iarratas a réiteach agus an eagraíocht a bhaineann le rannpháirtíocht sa chomórtas a thógáil ar láimh.

Tá an t-ádh orainn i bparóiste an Chnoic go bhfuil

an oiread sin eagraíochtaí atá gníomhach sa phobal. Tá cuid acu seo dírithe ar chúrsaí spóirt agus ar chaitheamh aimsire, tuilleadh acu bainteach le cúrsaí oideachais agus cúrsaí eaglasta, tuilleadh acu a thugann seirbhís i gcúrsaí gnó agus airgeadais, agus tuilleadh fós díobh a dhéanann cúram don óg agus don aosach. Tá tuairisc ar leith ar chuid mhaith díobh le léamh san eagrán seo de Biseach ach ní miste aitheantas a thabhairt anseo don obair go léir a dhéanann na daoine a choinníonn sa tsíúl iad mar is mór an saibhriú ar shaol an cheantair na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag na heagraíochta sin.

Tá cúrsaí pleanála go mór i mbéal an phobail le tamall agus tuigtear don Chumann Forbartha gur rud cinniúnach do thodhchaí na Gaeltachta atá san aitheantas a thugtar do thábhacht na teanga i bpleanáil tithíochta. Dá réir sin, chuir an Cumann dhá aighneacht faoi bhráid na n-údarás pleanála maidir le cúrsaí tithíochta sa cheantar. Fáiltíodh iontu roimh mhír 10.5 den Phlean Forbartha Contae, áit a ndeirtear go ndiúltófar cead pleanála sa Ghaeltacht d'aon fhorbairt a mbeadh drochthionchar suntasach aige ar chúrsaí teanga, agus ar an láimh eile, go mbreathnófar go fabhrach ar iarratais ar thithíocht ó chainteoirí Gaeilge. D'éiligh an Cumann go mbeadh cosaintí soiléire don teanga mar chuid dhílis den phróiseas pleanála agus gur cheart coinníollacha teanga a bheith ceangailte ar fhorbairtí iltithíochta. Ba thubaisteach an buille ar thodhchaí na Gaeltachta é dá gceadófaí forbairtí ina mbeadh suas le scór teach agus gan aon choinníoll teanga luaite leo. Bheadh an Cumann Forbartha go hiomlán ina choinne sin agus leanfar ag cur na tuairime sin chun cinn.



Méadú á chur le seomraí feistis áras Chumann Mhicheál Breathnach

Scéim Shóisialta na Tuaithe

Is iad na feirmeoirí cnámh droma na Gaeilge agus na Gaeltachta ó thús ama. Sheas siad an fód i gcoinne gach cineál brú – ó ionsaithe ag eachtrannaigh, an Gorta Mór suas go dtí díchúpláil an lae inniu. Tá caomhnú teanga, cultúir agus timpeallachta ar siúl acu sa tír seo ó chuir na chéad lonnaitheoirí fúthu i dtuaisceart na hÉireann 10,000 bliain ó shin. Is í an cheird is sine ar domhan í. Tá saibhreas teanga agus scileanna ag feirmeoirí nach bhfuil ag aon aicme eile sa bpobal. Táim lánchinnte gur ag eascairt as na tréithe sin a thug an tAire Ó Cuív aitheantas dóibh le bunú Scéim Shóisialta na Tuaithe an 17 Bealtaine. Cuirfidh an Scéim obair phobalbhunaithe ar fáil, ar bhonn páirtaimseartha, do 2,500 feirmeoir/iascaire (nó dá gcéilí) nach bhfuil in ann slí bheatha inmharthana a bhaint amach dóibh féin ón bhfeirmeoireacht ná ón iascaireacht go lánaimseartha. Tá 250 áit ar fáil i gContae na Gaillimhe agus tá ochtú acu sin sa nGaeltacht. Tá 24 ar an scéim atá á reachtáil ag Comharchumann Sailearna.



An tAire Éamon Ó Cuív in éineacht le Antaine Ó Sé (MFG), Tadhg Ó Conghaile (Údarás na Gaeltachta), ionadaithe agus rannpháirtithe eile den Scéim Shóisialta Tuaithe.

Cinnte, tá scéim REPS ag cuidiú le formhór na bhfeirmeoirí ó thaobh breis ioncaim agus, ag an am céanna, tá an talamh agus an tuath á gcaomhnú dá bharr. Agus 120,000 feirmeoir sa tír faoi láthair agus titim thubaisteach tuartha faoi cheann 10 mbliana go dtí 40,000 feirmeoir, caithfear rud éigin sa mbreis a dhéanamh. Seo deis d'fheirmeoirí buíochas agus ardmheas a tharraingt orthu féin ó mhuintir a gceantair féin mar go mbeidh siad ag obair ar thionscadail agus ar oibreacha éagsúla ina bparóiste féin agus ag cuidiú le forbairt.

Tá an Scéim nua an-fheilteach do na 4,000 feirmeoir i gConamara atá ag baint amach slí bheatha go páirtaimseartha ar an bhfeirm nó a bhfuil cúraimí baile orthu.

Oibreoidh na rannpháirtithe 19.5 uair in aghaidh na seachtaine agus beidh na huaireanta sin bunaithe ar sceideal a bheas feiliúnach d'fheirmeoir/d'iascaire. Mura mbeidh aon duine nua sa gceantar tar éis na chéad bhliana, féadfaidh an rannpháirtí fanacht ar an scéim don dara bliain. Tá an ráta pá cosúil le ráta FÁS.



In éineacht leis an Aire Éamon Ó Cuív tá Seán Ó Tuairisg, Pádraig Ó Biadha, Pádraig Ó Loideáin, Tadhg Ó Conghaile, Seosamh Ó Cuaig, Morgan Ó Conchubhair, Máire Mairéad Ní Mháille, Mairéad Mhic Oireachtaigh agus Bríd Uí Mhaoláin (ina suí)

Is ar an 13ú lá de Mheán Fómhair a sheol an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, Scéim Shóisialta na Tuaithe don cheantar ó Ros an Mhíl go Bearna agus suas go Maigh Cuilinn.

Tá buíochas ar leith ag dul d'Údarás na Gaeltachta agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta atá i gceannas na Scéime. Tá an Comharchumann thar a bheith buíoch de Thadhg Ó Conghaile, Seán Ó Droighneáin agus Máire Margaret san Údarás a chinntigh go mbeadh an Scéim ann. Lena chois seo, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na coistí ar fad agus na coistí pobail dheonacha ar fad a chuir iarratais le chéile ar son a gceantair féin.

Áis Fóilió agus Mapaí Talún

Tá áis nua ar fáil do phobal an cheantair anois mar gur féidir leo fóilió agus mapaí a fháil sa gComharchumann ar an lá. Is áis inmharthana í seo ó thaobh daoine atá ag iarraidh mapaí de láithreáin ó thaobh tógála de nó ó thaobh feirmeoireachta, idir mhapáí REPS agus Area Aid. Tá costas ó €10 suas go dtí €70 i gceist, ag brath ar a bhfuil ag teastáil uait.

Scéim Uisce

Tá Comharchumann Shailearna Teo. ag cur tús le hiarratais a dhéanamh i gcomhair dhá scéim uisce nua sa gceantar; seo na bailte in uachtar an Spidéil agus ceantar Ghleann Mhac Muirinn. Meastar go mbeidh dhá bhliain

caite sula mbeidh na pleananna istigh agus airgead geallta chun tús a chur leis na scéimeanna seo. Feictear dom go bhfuil sé thar a bheith íorónta go mbeadh na bailte atá le taobh an dá loch fágtha ar lár gan aon soláthar uisce acu féin go fóill.

D'eagraigh Comharchumann Shailearna Teo. cruinniú poiblí sa gceantar le deireanas leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Príomh-innealtóir na Comhairle Contae; bhí toradh dearfach ar an gcruinniú, is é sin, go gcuirfí airgead ar fáil do na scéimeanna thuasluaite.

Tá géarghá faoi láthair le huasghrádú a dhéanamh ar chuid mhaith bailte leis an bpíopa soláthair uisce a thabhairt suas go caighdeán. Beidh an Comharchumann ag tabhairt faoi seo de réir a chéile.

Bóithre Portaigh

Fuair Comharchumann Shailearna Teo. sciar mór airgid le haghaidh bóithre portaigh i mbliana nuair a d'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta €114,000 ar fad le haghaidh bóithre portaigh agus áise ó Sheanadh Mhóinín siar go Seanadh Mhacha. Cuideoidh sé seo go mór le saol traidisiúnta a cheantair agus leis an infrastruchtúr. Beidh an Scéim nua Tuaithe in ann cuidiú go mór le hobair an Comharchumainn maidir le bóithre portaigh.

Súil Siar

Miss Crawford a bhí ag múineadh i Scoil Sailearna sna 1920adaí, lá a pósta le Conchubhair (Corney) Ó Cuanaigh. B'as Miltown Malbay i gCo an Chláir do Miss Crawford agus b'as an Spidéal do Chorney. Bhásaigh Miss Crawford ar a céad páiste agus tá sí curtha ar a fód dúchais. Bhásaigh an páiste go hóg freisin.

D'aistrigh Corney go Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin, áit ar chaith sé beagnach an chuid eile dá shaol ina chigire scoile. Tháinig sé ar ais ar an Spidéal sna blianta deireadh dá shaol.

An aithníonn sibh aon duine eile sa bpictiúr?



DRÁMAÍOCHT NA nÓG

Rinne Rang na hIdirbhliana, Coláiste Cholmcille, éacht i mbliana nuair a d'éirigh leo Craobh na hÉireann a bhuachaint lena ndrámá "An Hiopnóisí" i bhFéile an Chumainn Scoildrámaíochta. Sa chomórtas áitiúla fuair Déaglán Ó Cualáin an gradam "An tAisteoir is fearr" agus sa bhFéile Cúige, bronnadh an gradam "Aisteoir na Féile" ar an Hiopnóisí féin, Pádraig Ó Dubhghaill.

Páirteach sa dráma, freisin, bhí Eoghainín Ó hAinmhire, Maitiú Ó Fátharta, Cian O Flatharta, Rónán Ó Conghaile, Máirtín Ó Conghaile, Seosamh Ó Ceallaigh, Pádraic Ó Ceallaigh, Seán Seosamh Seoighe, Jack Ó Tuathail, Treasa Ní Cholmáin, Sarah Bhreathnach agus Fíona Ní Fhátarta.

Tigh Neil

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
091 593386



Luan - Sath. 8 a.m. go dtí 10 p.m.
Domh. & S.B. 9 a.m. go dtí 10 p.m.

- Siopa • Tae & Caife • Video/DVD ar Cíos • Peitreal & Díosail saor • Suimint
- Crua-earraí éadtrom • Bia Ainmhithe • Gual, Brícííní & Gás • Níochán Carranna
- Seachadadh in Aisce • Ola Téite • Alloys •

**Boinn Nua & Seirbhís Ghasta
Deisithe Bonn**

Imeachtaí na scoilbhliana seo caite

Bailiúcháin Charthanachta

- **Díolachán Earraí** ag Rang a 6 faoi Nollaig le airgead a bhailiú do Chumann Naomh Uinseann de Pól, do dhaoine gátaracha sa gcomharsanacht agus do Chumann Alzheimers.
- **Boscaí Bróg:** Lón muid boscaí bróg le bréagáin do ghasúir bhochta sa Bhrasaíl.
- **An Cór** (Rang a 5) ag casadh ag Siopa an Phobail le airgead a bhailiú do Sergei - buachaill as Belarus na Rúise.
- **Lá gan Éide Scoile:** Bhí cead ag na gasúir gan aon éide scoile a chaitheamh ar an lá ach €2 a thabhairt ar scoil. Chuaigh an t-airgead seo i dtreo gasúir bhochta as Lima sa bPeiriú.
- **Lá Pyjamas:** Bhí cead *pyjamas* a chaitheamh os cionn a gcuid éadaí scoile le haghaidh an spraoi ach €2 a thabhairt ar scoil. Chuaigh an t-airgead chuig Seán Ó Conghaile (Cor na Rón) atá ag obair go deonach san Afraic an samhradh seo.
- **Tráth na gCeisteanna** (Rang a 5) do ghasúir Rang 3, 4, 5 & 6. D'íoc na gasúir €2 le páirt a ghlacadh chuaigh an t-airgead i dtreo Sergei as an mBelarus.

Spórt

- Cuireadh tús leis an **gClub Spraoi** faoi stiúir Chaitríona Uí Bhéarra. Bíonn an Club Spraoi ar bun san oíche De Céadaoin do ghasúir ó Naíonáin go Rang a hAon.
- Ghlac muid páirt sna *mini-sevens*, Peil Ghaelach.
- Ghlac muid páirt sna *mini-sevens* san **iománaíocht** agus bhuaigh muid sa gcrabhbh.
- Ghlac muid páirt i sraithchomórtas Chumann na mBunscoil sa bPeil Ghaelach. D'éirigh linn a ghabháil chomh fada leis an gcrabhbh.
- Ghlac muid páirt i sraithchomórtas Chumann na mBunscoileanna san iománaíocht. D'éirigh linn a ghabháil

chomh fada leis an gcrabhbh!

- Ghlac muid páirt i sraithchomórtas Chumann na mBunscoileanna sa gcamógaíocht. D'éirigh linn a ghabháil chomh fada leis an gcrabhbh!
- Ghlac muid páirt i mBlitz TG4 sa gcamógaíocht. D'éirigh linn a ghabháil chomh fada leis an gcrabhbh!
- Bhuaigh muid **Comórtas Peile Ghael-Linn**.
- Bhuaigh muid **Blitz Phádraicín Conroy**.
- Bhuaigh muid **Corn Orla Ní Neachtain** sa gcispheil.
- Bhí **Lá Spóirt** againn.

Coiste na dTuismitheoirí

- D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí scéim na **mBoscaí Bróg** le bréagáin a chur chuig gasúir bhochta sa mBrasaíl.
- D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí **Oíche Rásaí Capall**. D'éirigh thar barr leis agus bailíodh slám airgid chomh maith.
- D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí cóisir do ghasúir na Céad Chomaoineach i Halla na Scoile.

Ceolchoirm/Drámaíocht

- Ghlac chuile rang 6 Naíonáin Bheaga suas go Rang a 6 páirt i gCeolchoirm na Nollag.
- Ghlac Rang Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra ("*Seo Scéal Dorothy*") páirt sa bhFéile Scoildrámaíochta. Bhuaigh siad i nGaillimh, i gConnacht agus bhain siad amach Craobh na hÉireann. Bhuaigh an t-aisteoir is fearr agus scothléiriú na Féile i nGaillimh. Léiríodh an dráma seo arís i Seanscoil Shailearna agus déanadh físeán gairmiúil dhe.
- Ghlac Rang a 4 ("*Cindy Eile*") páirt sa bhFéile Scoildrámaíochta freisin. Bhuaigh siad i nGaillimh agus bhuaigh an t-aisteoir is fearr freisin.
- Ghlac Rang a 5 ("*An Paca Cáirte*") páirt sa bhFéile Scoildrámaíochta freisin.
- Ghlac Rang a 6 ("*Lá Saoire*") páirt sa

bhFéile Scoildrámaíochta chomh maith. Bhuaigh siad i nGaillimh, i gConnacht agus chuaigh siad ar aghaidh go dtí Craobh na hÉireann. Bhuaigh an t-aisteoir is fearr agus duais an mholtóra i nGaillimh. Chuireadar an dráma céanna isteach ar chomórtas dráma raidió ar RTÉ. Bhuaigh siad agus craoladh ar RTÉ Raidió 1 é.

- Ghlac Rang a 6 páirt i gCoirm (Gael-Linn) i Halla na Cathrach. Bhí seó curtha le chéile acu - meascán d'amhránaíocht, ceol, damhsa, agallaimh beirte, lúibíní, tomhaiseanna, srl. Bronnadh dhá ghradam orthu.
- Bhí Ceolchoirm dheireadh na bliana ag Rang a 6 i Seanscoil Shailearna. Bhí amhránaíocht, ceol, damhsa, agallaimh bheirte acu. Bhí aónna speisialta in éineacht leo, gaolta leo fhéin den chuid is mó agus buaiteoirí móra Oireachtais. Bhí oíche den chéad scoth againn.

Na Sacraimintí

- Bhí **Aifreann Scoile** againn ag tús na scoilbhliana i nDeireadh Fómhair. Chuir **Cór na Scoile** go mór leis an ócáid.
- Rinne Rang a 2 a **gCéad Fhaoistin** i Séipéal an Chnoic.
- Ghlac Rang a 2 an **Chéad Chomaoineach** i Séipéal an Chnoic. Chuir Cór na Scoile go mór leis an ócáid.
- Bhí cóisir speisialta do ghasúir Rang a 2 i Halla na Scoile.
- Chuaigh Rang a 6 **Faoi Láimh Easpaig** i Séipéal an Chnoic. Chuir Cór na Scoile go mór leis an ócáid.
- Mar réiteach don ócáid eagraíodh trí ócáid do thuismitheoirí agus do ghasúir an ranga: **a)** Tráth na gCeisteanna Ranga; **b)** Aifreann Ranga; **c)** Aifreann i Séipéal an Chnoic.

Gradam Thomáis Uí Ráighne

- Bronnadh gradam speisialta ar ghasúr amháin as chuile rang in ómós don iarthríomhoide (RIP) Tomás Ó Ráighne. Beifear ag bronnadh an ghradaim seo chuile bhliain as seo amach i gcuimhne Thomáis. Bronnfar an gradam do "Cairdeas, Cineáltas agus Cneastacht."

Fearghais Mac Lochlainn

Ar Shlí na Fírinne

Bridie Mhic Chormaic



"Ar Shlí na Fírinne": Norita Ní Chartúir, Seosamh Ó Scanláin agus Bridie Mhic Chormaic

Tar éis seisiúin iontach tairbheacha den dráma *Ar Shlí na Fírinne* a léiriú i Seanscoil an Chnoic, i mBéal an Daingin, i dTír an Fhia, agus ar an gCeathrú Rua, thug Cumann Drámaíochta Chois Fharraige aghaidh ar Chicago Mheiriceá i mí na Samhna seo caite, áit ar chaith siad seacht lá san iomlán agus inar chuir siad trí léiriúchán den dráma ar stáitse.

Dé Luain, 24 Samhain '03

De bharr na deacrachtaí a bhain leis an seit a chur anonn go Chicago rinneadh an cinneadh an seit a thógáil as an nua thall agus d'fhág triúr den ghrúpa, Eilín Brennan, Danny Wallace agus Brighid Breathnach, Aerfort na Sionainne ar eitleán de chuid Aer Lingus le bheith thall roimh an bpríomhghrúpa. Thóg siadsan an seit san Amharclann.

Dé Céadaoin, 26 Samhain '03

D'fhág grúpa de 28 againn Aerfort na Sionainne ar eitleán de chuid Aer Lingus. Nuair a shroicheamar Aerfort O'Hare, i Chicago bhí Stiofán Ó Maoilchiaráin agus Agnes, agus an tAthair Seán Ó Conghaile romhainn chun fáilte a chuir romhainn. Thug siad cúnamh dúinn chuile rud a thabhairt ón Aerfort go dtí an óstán *Holiday Inn* ina raibh muid ag fanacht ar feadh na seachtaine.

Dé hAoine, 27 Samhain '03

Lá an chéad léiriúchán den dráma san *Irish American Heritage Centre* 46/36 North Knox St. Bhí muid ar fad ina suí leis an scairt mar bhí lá mór amach romhainn. Bhí an seit tógtha cheana féin ag Eilín Brennan, Danny Wallace agus Brighid Breathnach. d'oibrigh an chriú teicniúil go crua chun an soilsiú agus fuaim a réiteach don seó agus don chleachtadh a bhí ar siúl an chuid is mó den lá. Chuaigh muid ar an stáitse ag a 8.00 i.n. Bhí an amharclann beagnach lán, an chuid is mó acu as Conamara agus na Gaeltachtaí ar fad. Bhí Meiriceánaigh ann chomh maith agus thaithnigh an dráma thar cionn leo.

Dé Satharn 29 Samhain '03

Bhí muid in ann sos a thógáil an mhaidin seo. Bhí muid le bheith ar an stáitse ag a 8.00 i.n. san Irish American Heritage Centre arís. Thosaigh an dráma ag a 8.00. Bhí an halla lán den léiriúcháin seo. Thaispeáin sé seo go ndeachaigh an focal timpeall go raibh an dráma go maith. D'éirigh thar cionn leis an dráma ar an oíche. Bhí díocas orthu ag faire ar chuile fhocal a bhí le rá againn. Bhí beirt bhan san lucht féachana ag athrá ár bhfocal, sin é chomh báite agus a bhí siad san dráma. Tar éis an dráma tháinig go leor den lucht féachana go dtí muid ag déanamh comhghairdis linn agus ag rá gur bhain siad an-taitneamh as an oíche, go háirithe mar gheall ar chaighdeán agus nádúr na Gaeilge.

Thug muid uilig faoi deara go bhfuil pobal mór millteach de mhuintir Chonamara agus na Gaeltachta thar lear ar bís ag faire ar imeachtaí a bhaineann lena ndúchas agus a gcultúr. Ní amháin sin, bhí sé os cionn scór bliana ó fachtas dráma Gaeilge i Chicago. Bhí an oiread mórtais, bróid agus cumha ar an dream thall gur thóg go leor acu an t-am le fáilte gnaíúil a chur

romhainn. Bhí sé soiléir gurbh imeacht speisialta a bhí sa dráma dóibh.

Ag deireadh ha hoíche bhronn an Cumann Drámaíochta gradam ar Stiofán & Agnes Uí Mhaoilchiaráin as ucht cuireadh a thabhairt dúinn go Chicago lenár ndráma a léiriú. Bhronn siadsan gradam orainne chomh maith, agus dúirt Stiofán go mba cheart drámaí agus imeachtaí Gaeilge a thabhairt thar lear níos minicí. I ndiaidh an dráma bhí ceol agus amhráin Ghaelacha ar siúl go maidin.

Dé Domhnaigh, 30 Samhain '03

An lá tar éis an dráma bhí orainn an seit a thógáil anuas. Bhí go leor oibre ag baint leis sin – an stuif ar fad a chur i mboscaí agus an áit a fhágáil mar a fuair muid é. Tar éis na hoibre seo ar fad a bheith déanta againn fuair muid cuireadh ón gCumann Gaelach dinnéar a bheith againn leo. Bhain muid an-taitneamh as seo mar gur bhuail muid le cuid de na daoine a bhí ag an dráma an oíche roimhe sin.

Dé Luain, 1 Nollaig '03

Tá Stiofán Ó Maoilchiaráin tar éis an húicéir is mó ar domhan "An St. Barbara" a thógáil lena dhá láimh féin. Tá sé chun an bád seo a lainseáil ag féile Milwalkee i mbliana agus ina dhiaidh sin í a sheoladh go hÉirinn in 2005. Tugadh cuireadh dúinn breathnú ar an mbád ag "La Re Michigan".

Dé Máirt, 2 Nollaig '03

Lá saoire le haghaidh siopadóireachta agus breathnú thart ar an áit.

Dé Céadaoin, 3 Nollaig '03

Ag crochadh ár seolta le theacht ar ais abhaile.

Ina dhiaidh sin thug an Cumann an dráma go Ráth Cairn i gCo. na Mí agus go Ceathrú Thaidhg i Maigh Eo. Tá thrí dhráma nua roghnaithe don bhliain seo:-


Go nDéantar do Thoil, le Michael Carey; *Ar an Taobh Amuigh* le Tom Murphy; agus *Is Mar a Chéile Muid*, le Johnny Chóil Mhaidhc.

Thosaigh siad ag cleachtadh sa Márta seo caite agus tá siad ar ais arís anois, tar éis an tsamhraidh. Tá súil acu léiriúcháin a bheith ar siúl i mí na Nollag.

*Gach Cineál Clódóireachta
idir leabhair agus obair lándaite*

Is cuma muna bhfuil uait ach 10 gcóip lándaite is féidir linn é a dhéanamh ar *Digital Press* nó má tá na mílte cóipeanna uait tá inneall nua 4 dhath againn.

Glaigh orainn i gcóir meastachán



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-593251/593157. Fax: 593159.

Clólann na Gaeltachta agus na Gaeilge

Amharclann na nÓg

Tá i gceist ag Comharchumann Shailearna Amharclann na nÓg a chur ar fáil d'óige na Gaeltachta. Séard atá i gceist leis ná forbairt scileanna pearsanta na hóige trí mheán na Drámaíochta agus na hEalaíne Cruthaíche. Cuirtear béim ar scileanna ceannródaíochta, ar mheascadh le daoine óga eile atá ar aois dhifriúil leo ach, níos tábhachtaí fós, cuirfear béim ar pháirtíocht lárnach a bheith acu i bhforbairt phobal.

Táthar ag iarraidh a theacht ar bhealach ina gcuirfear béim ar cheannasaíocht agus ar mhórtas áitiúil agus Gaeltachta a chur sa ghlúin óg agus iad a spreagadh le bheith mórtasach agus dóchasach as a ndul chun cinn féin agus a bpobal agus ar an mbealach sin go mbeidh siad ábalta troid in aghaidh na ciniciúlachta agus an tsearbhaís a d'fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm orthu ó fhoinsí eile.

Creideann Comharchumann Shailearna gur bealach é seo inár féidir óige na Gaeltachta a chumasú mar iompróirí theanga agus chultúr na Gaeltachta le go mbeidh scileanna teanntáis acu a chuideoidh leo an teanga agus an cultúr a roinnt le daoine eile agus go mbeidh foireann oibre ar fáil sna blianta amach romhainn a chuideodh le hiompar agus buanú na Gaeilge mar acmhainn nádúrtha agus náisiúnta i measc ghlúine d'óige na Gaeltachta.

Club Óige Lurgan

Sara Uí Scanláin

Tagann déagóirí an cheantair le chéile chuile oíche Aoine ó Meán Fómhair go Bealtaine i gColáiste Lurgan. Tá os cionn seachtú baill cláraithe leis an gClub i mbliana. Is ar an gceantar ó Abhainn an Chnoic siar go dtí abhainn Chromhghlinne a fhreastalaíonn an Club Óige air ach de bharr easpa clubanna óige ó Ros a' Mhíl aniar tagann roinnt óna ceantair sin. Tá an Club ina bhall den eagraíocht Óige an Iarthair a bhíonn ag thabhairt tacaíochta agus comhairle ó thaobh árachais agus seirbhísí eile atá ar fáil do na clubanna óige.

Is iad tuismithoirí na ngasúr a dhéanann cinnireacht ar an gClub Óige le blianta beaga anuas agus cuirtear fáilte i gcónaí roimh cabhair bhreise. Tugann iarbhaill an chlub an cúnamh freisin le ceol agus drámaíocht agus damhsa a réiteach i gcomhair stáitse an Oireachtais agus seóanna eile.

Glacann an Club Óige páirt i go leor comórtas ach sílim gurb é féile an Oireachtais is mó a thaitíonn leo. Casann muid ar dhéagóirí clubanna eile agus déanann siad cairde nua. Glacann siad páirt sna comórtais agallamh beirte agus seó ardáin agus gan dearmad ar an spraoi agus an spóirt a bhíonn acu ag an mór shiúl a bhíonn eagraithe ag Scléip na hÓige.

Tá duaiseanna bainte amach acu ag comórtais drámaíochta a bhíonn á n-eagrú go bliantúil ag Óige an Iarthair. Glacann an Club páirt i gcomórtas a reáchtálann Club Óige na nOileán i dTír an Fhia agus faigheann siad seans bualadh le gasúir ó chuile cheard den tír agus Oileáin Árann ag na comórtais seo.

Eagraíonn an coiste roinnt comórtas taobh istigh sa gClub, mar shampla Trá na gCeist, agus anuraidh den chéad bhliain bhí comórtas grianghrafadóireachta acu. Déanann siad ranganna damhsa ar an sean-nós agus garchabhair agus roinnt ceardaíochta.

Aimsir na Nollag bíonn seisún cearúl ar siúl ag na gasúir taobh amuigh de Shiopa an Phobail agus bailíonn siad roinnt airgid do eagraíochtaí carthannachta sa gceantar.

Déanann muid comhghairdeas le gasúir an Chlub Óige a thug duaisanna abhaile aríst eile ó Oireachtas na bliana seo caite agus an oíche dheas ceoil a chuir siad ar siúl sa Seanscoil théis an Oireachtais.

An Cnoc-Spidéal, Tuaim

Is pobal fíorGhaeltachta an pobal seo, le 700 muirín, a shíneann idir droichead an Spidéil siar go droichead Chasla ach ceantar na Minna agus Ros a' Mhíl a fhágáil as. Bhí an ceantar i bparóiste Chill Ainnín, deoise Eannachdúin, fadó agus tugadh Cill Ainnín ó dheas agus Cois Fharraige air. Siad Naomh Ainnín as Co. na Mí, a bhfuil a lá féile ar 18ú Eanáir, agus Naomh Colmcille, a bhfuil a lá féile ar 9ú Meitheamh, Naomh-Phatrúin an Pharóiste. Tá dhá shéipéal sa bparóiste faoi láthair – Séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc a tógadh i 1844 agus séipéal Naomh Colmcille ar an Tulaigh a tógadh i 1964 – an chéad séipéal in Éirinn agus sa mBreatain a bhí cóirithe don sagart leis an Aifrinn a léamh iompaithé i dtreo an phobail.

De réir an tseanchais, bhí séipéal sa reilig sa gCloch Mhór agus foirgneamh eile sa gCoill Rua fadó. Bíonn Aifreann á léamh fós ar lá an Phatrúin sa gCloch Mhór ar fhéile Naomh Colmcille. Léitear an tAifreann faoi dhó sa mbliain i scór bailte ag na Faoistíneacha nó na Stáisiúin. Tá fothrach de sheanséipéal a tógadh sna Creagáin i 1780 agus ar ndóigh críochnaíodh seanséipéal na Tulaí i 1870 le freastal ar an dá Spidéal Deoise Thuama agus na Gaillimhe.

Faoin teideal Oideachas tá: Naíolann agus dhá Naíonra; Scoil Náisiúnta Sailearna le 200 gasúr; Scoil na Tulaí le 108 gasúr; Coláiste Cholmcille le 240 duine óg; Seanscoil Sailearna mar Ionad Oideachais 3ú leibhéal; Na Coláistí Gaeilge le freastal ar na céadta Gaeilgí.

Is é Cumann Mhicheál Breathnach an club áitiúil a eagraíonn cúrsaí spóirt; Comhar Chreidmheasa Cholmcille a eagraíonn cúrsaí airgid. Tá

Amharclann na nÓg ag eagrú cúrsaí drámaíochta is ceoil agus tá Comharchumann Shailearna ag freastal ar riachtanais an phobail. Tá monarchana againn le saothrú a chur ar fáil agus buíochas mór le Dia, tá seolta an Bháid Bháin stríoctha sa bpobal seo.

Tá meas mór againn ar a bhfuil sean sa bpobal – na daoine a d'fhág oidhreacht láidir chreidimh, chultúir agus teanga againn agus tá 40 tithe beaga chomh maith le hIonad Lae curtha ar fáil i dTearmann Ainnín agus i dTearmann Éanna le freastal ar a riachtanais.

'Dáiríre tá forbairt mhór déanta sa bpobal seo le blianta beaga anuas. Tá Aerfort áitiúil againn le freastal ar an té a bhfuil deifir go Gaillimh air agus slacht coinnithe ar an dá reilig le freastal ar dhaoine ón bpobal a bhfuil fonn orthu an tsíoraíocht a chaitheamh linn sa mbaile ar an gcladach abhus.

An tAth. Micheál Ó Flannabhra



Oscailt Grúpscéim Cnoc-Minna 8 Nollaig 1974. An bhfuil tú ann?

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Cé lena aghaidh é? An fiú a leithéid a bheith ann? Breathnaigh siar ar a bhfuil déanta aige sul a dtabharfaidh tú do bhreith agus coinnigh do shúilín draíochta ar oscailt leis na féidearthachtaí atá le baint amach fós ag a leithéid a chur san áireamh. Ansin, le cúnamh Dé nuair a bhéas an cás pléite is tomhaiste go maith agat beidh tú in ann freagra ciallmhar a thabhairt ar an gceist a cuireadh.

Is é an tAth. Seán De Bláca a ghlaigh an chéad chruinniú de Chumann Forbartha Chois Fharraige le chéile i Séipéal an Chnoic sna seascaidí ar iarratas ó roinnt as an bpobal. Ba cheannródaí mór sa bpobal seo é a bhí fadbhreathnaíoch lena shúilín draíochta ar oscailt. Bhí toradh mór ar an gcruinniú sin. An aidhm a bhí ag an gCumann a bunaíodh ná 'Forbairt an Phobail le nasc na Gaeilge'. Ba í cloch mhór an phaidrín ag an gcruinniú an oíche chéanna, Séipéal Naomh Ainnín a tógadh sa mbliain 1844 a fhorbairt as an nua. Tháinig meitheal ón bpobal le chéile agus críochnaíodh an obair go slachtmhar. D'éascair an próiseas forbartha atá i gceist fós as toradh na hoibre sin agus tá Cumann Forbartha Chois Fharraige ar an bhfód fós. Meastar an crann úll ar a thoradh agus tabharfaidh muid breith ar éifeacht an Chumainn Forbartha as a bhfuil déanta le dhá scór bliain ar aitheantas do bhaill an choiste a d'oibrigh go crua ar son an phobail. Rinne siad uilig gaisce ach de réir an tseanfhocail "Is fearr go mór an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar". Mar chúnamh le freagra a thabhairt ar an gceist a cuireadh faoi éifeacht an Chumainn Forbartha déanfaimid liosta de roinnt den ghaisce a bhí i gceist.

1. Bhuaigh Paróiste an Chnoic an chéad áit in Éirinn faoi dhó, i 1980 agus arís i 2000 i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael. Ní fhaigheann Paróiste ar bith aitheantas náisiúnta den tsórt sin gan an obair baile a bheith déanta go slachtmhar.
2. Bhí baint mhór ag Cumann Forbartha Chois Fharraige le Cearta Sibhialta na Gaeltachta a chur ar an bhfód den chéad uair agus le bunú Chomhchoiste na Gaeltachta. B'shin í an éacht is mó a rinneadh fós de réir shlat tomhais roinnt sa bpobal seo.
3. Thug deoise Thuama Seanscoil

Sailearna don Chumann Forbartha le forbairt ar mhaithe leis an bpobal tar éis oscailt na scoile nua. Ghlac an Cumann go fonnmhar leis an dúshlán agus nuair a dhíol siad é thugadar an £25,000 a fuair siad air mar spreagadh do CST do fhorbairt na háite. Bailíonn brobh beart, agus ón spreagadh sin tá Amharclann Chois Fharraige, Halla Mór, Naíonra, Seomra na hOllscoile agus oifig an Chomharchumainn le feiceáil ar an suíomh céanna inniu. In áit an bhunoideachais tá oideachas do naíonáin, daoine óga, aosach, an pobal agus fiú amháin Oideachas den tríú grád ar siúl ann inniu.

4. Ag caint ar oideachas, thug an Cumann Forbartha tacaíocht láidir le cúrsaí Ardteiste a fháil do Choláiste Cholmcille le freastal ar dhéagóirí an cheantair.
5. Bhí sé de mhisneach ag toscaireacht ó Chumann Forbartha dul ag Ardeaspag Thuama ag iarraidh air naoi n-acra de thalamh na deoise a chur ar fáil le freastal ar riachtanais sóisialta na n-óg. Bíonn talamh maith gann i gConamara ach tugadh an áit don chumann le forbairt agus is ar an suíomh céanna inniu tá Páirc Imeartha Mhicheál Breathnach, Páirc thraenála, Pinniúr Liathróid Láimhe, seomraí feistis agus is ann le cúnamh Dé a bhéas an Spórtlann nua!
6. Is é Cumann Forbartha Chois Fharraige a tharraing coistí pobail eile le chéile i gConamara, is a spreag iad le cúrsa oideachais tríú leibhéal i nGaeilge san nGaeltacht a éileamh. Bhí ceathrar ón gCumann Forbartha ag obair do deonach ar feadh bliana ag réiteach tuarascála, ag lorg tacaíochta don choincheap sin ón Roinn Oideachais, Ollscoil na

Gaillimhe, H.E.A., Airí, Teachtaí Dála, Seanadóirí. D'éirigh leis an bhfeachtas sin, buíochas le Dia, agus marach gur cuireadh na smaointe sin ag snámh trí intinn na nÚdarás agus an phobail an mbeadh cúrsaí tríú leibhéal ar siúl faoi láthair i nGaeilge i gCarna, An Cheathrú Rua nó Seanscoil Sailearna? Bailíonn brobh beart!

7. Níor lig an Cumann Forbartha a mhaidí le sruth ach oiread i gcúrsaí bunoidreachais. Bhí sé gníomhach le Scoil Sailearna a fháil ag tús na seachtóidí, arís le seomraí nua agus halla spóirt a chur leis an scoil sna nóchaidí agus arís le forbairt mhór sa scoil chéanna ar chostas €2,000,000 faoi láthair a chur chun cinn.
8. Is é Cumann Forbartha Chois Fharraige a d'eagraigh ollchruinniú de choistí pobail Chonamara le ceist stádas mí-bhuntaistiúil scoileanna na Gaeltachta a phlé agus an leatrom a bhí i gceist a leigheas. Ní raibh an stádas sin tugtha ach do scoil amháin sa nGaeltacht ag an am ach de réir a chéile tar éis cás an leatrom a throid leis an Roinn Oideachais, *Combat Poverty* agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach, tá an stádas sin faighte ag scoileanna uilig na Gaeltachta anois. Dá bharr sin faigheann chuile scoil thart ar €5,000 sa mbreis le caitheamh ar mhaithe le na gasúir scoile in aghaidh na bliana agus ní bhíonn ach a leath den sciar áitiúil a bhíodh le n-íoc acu do fhorbairt tógála le n-íoc anois.
9. Is é Cumann Forbartha Chois Fharraige a bhunaigh Comharchumann Chois Fharraige – Comharchumann Shailearna ina dhiadh sin, agus siad a

chríochnaigh an scéim uisce sa gCoill Rua agus sna hAille agus siad a chuir an t-uisce siar go ceantar na Tulai agus Ros a' Mhíl le freastal ar a n-éileamh.

10. D'íoc Cumann Forbartha Chois Fharraige thart ar €2,000 le hinnealtóir cáilithe le plan cuimsitheach don Cheantar a chur ar fáil le feabhas a chur ar bhóithre, cosáin, drochchastaí, soilse poiblí, scáthláin bus, spotáí contúirteacha ar an mbóthar ar nós Scoil Sailearna, Coláiste Colmcille, Coláiste Lurgan, ceann an bhóthair, teorainn luais don trácht. Tugann a leithéid sin do phlean ó innealtóir cáilithe seasamh is tacaíocht láidir do aighneachtaí ón gCumann Forbartha le innealtóirí an Chomhairle Contae.
11. Tá roinnt mhaith den Chumann Forbartha gníomhach ar choiste Thearmann Ainnín agus Thearmann Éanna le dhá scór tithe beaga a chur ar fáil do sheandaoine an cheantair chomh maith le hionad lae le freastal ar a riachtanais.
12. Tá an rud céanna i gceist le coiste CST agus na seirbhísí atá curtha ar fáil don phobal ar nós uisce as an tap le freastal ar tithe, monarchana, scoileanna agus coláistí Gaeilge nuair nach raibh an Chomhairle Contae sásta a leithéid do sheirbhís a chur ar fáil. Ba bhoichte ar fad an pobal seo d'uireasa na seirbhísí sin. Ní féidir le duine ar bith cead pleanála a fháil gan cead a bheith faighte acu ceangal leis an uisce.
13. Tá baill ón gCumann Forbartha gníomhach ar Bhord Bainistíochta Scoil Sailearna le díon nua, ar chostas €100,000, a chur ar an scoil agus an fhorbairt mhór ar chostas €2,000,000 a chur chun cinn.

14. Ní bheadh sé ceart ach oiread coiste an Chomhar Chreidmheasa a fhágáil as an áireamh agus an obair mhór atá déanta acu ag freastal ar phobal Chonamara ó dheas.
15. Molaim chomh maith a bhfuil ar siúl ag coiste Mhicheál Breathnach ag freastal ar riachtanais na n-óg agus ag freastal ar sheirbhísí don óige. B'fhiú dúinn cuimhniú ar an am agus ar an allas a chaith daoine go deonach le spórtlann agus Amharclann na n-Óg a chur ar fáil gan am traenála na bhfoireann uilig a chur san áireamh.
16. Ní ligeann coiste na reilige cead don laí, don tsluasaid ná don inneall gearrtha féir aon mheirg a dhéanamh nuair a fheiceann tú iad chuile thráthnóna Dé Máirt ag cur slacht ar Reilig an Chnoic. Tá sé i gceist ag an gCoiste anois leabhar eolais a fhoilsiú le mapa le ainm an té atá curtha i chuile uaigh luaite ann.
17. Bhí plé fada déanta ag an gCumann Forbartha le hÚdarás na Gaeltachta, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Roinn Comhshaoil le córas séarachais a fháil don cheantar ach tógadh cinneadh a leithéid a chur ar an méir fhada go mbeadh chuile shórt a bhaineann leis an Acht Teanga curtha tríd.
18. Ní bhíonn an Cumann Forbartha fágtha thiar ach oiread nuair a theastaíonn urraíocht ó ghrúpaí óga agus eile le himeachtaí sóisialta, cultúrtha agus teangan a chur chun cinn.

Obair an Phobail

Tá go leor déanta sa bpobal seo le blianta beaga anuas. Theastaigh guth láidir ón bpobal leis an méadú ar an bhforbairt a bhaint amach. Bhí ionadaí ó chuile bhaile beag ag feidhmiú le glór an phobail a

choinneáil láidir. Sé an trua anois go bhfuil macalla an ghlóir sin lagaithe is íslithe. Feictear dhom go bhfuil, agus 'sé an t-údar leis sin nach bhfuil ionadaí ó chuile bhaile sa gceantar ar choiste an chumainn faoi láthair. Mura mbíonn guth do bhaile dhúchais féin le cloisteáil go hard ag cruinnithe den Chumann Forbartha, nach tú féin agus do leathbhádóirí ar an mbaile atá ciontach gan ionadaí a chur ar an gcoiste.

Meileann muilt an stáit go mall is teastaíonn guth agus gualainn ó do bhaile féin le tuille siúil a bhaint as rotha an stáit. Is mór an cúnamh chomh maith a thugann An Cumann Forbartha do bhaill an chumainn le bheith múnlaith, cleachtaithe agus traenáilte sa bpróiseas forbartha i gcúrsaí an phobail. Bhí an t-ádh dearg orainn sa bpobal seo go dtáinig an oiread sin de dhaoine óga aníos trí Chlub Lurgan na nÓg múnlaith le himeachtaí na mblianta sa bpróiseas forbartha sin.

"Nuair a chruann an slat le haois is deacair é a shníomh ina ghad". Tá Pobal Chois Fharraige faoi chomaoín mhór ag na daoine a chaith am agus allas i mbun na hoibre sin.

Bhí toradh mór ar an gcéad chruinniú sin i Séipéal an Chnoic agus mar fhreagra ar an gceist a cuireadh – An fiú a leithéid do Chumann a bheith ann? – is fiú go mór ach an tsúilín draíochta a choinneáil ar oscailt dírithe ar na féidearthachtaí agus iad tomhaiste do réir an phróisis fhorbartha chéanna a d'oibrigh chomh maith le blianta beaga. Tomhaistear an crann úll ar a thoradh. Le cúnamh Dé, beidh toradh maith ar chrann an Chumainn Forbartha. Breathnaigh air agus tabhair do bhreith. 'Sé an t-ainm a baistíodh ar an gcrann – "Forbairt an Chnoic le nasc na Gaeilge".

An tAth. Micheál Ó Flannabhra



Comhar Creidmheasa Cholm Cille ar an gCnoc

Scríbhneoirí i bParóiste an Chnoic

Brian Ó Baoill

Is fada siar a théann draíocht na scéalaíochta agus na scríbhneoir-eachta san bparóiste seo. I dtosach, tagann an scéal, agus bhí scéalaithe riamh ann. Rugadh Peadar Mac Thuathaláin, an seanchaí, i mBaile an Tí Mhóir timpeall na bliana 1865. Mar a dúirt Seán Mac Giollarnáth ina leabhar faoi Pheadar, *'ba i dteach Mháirtín Bhreathnaigh, fíodóir, ar an Lochán Beag, a d'fhoghlaim Peadar an seanchas, an scéalaíocht agus an ghontacht Ghaeilge.'*

Bhíodh Micheál Breathnach, (Micheál Taeda), a raibh aithne agus meas mór aige ar Pheadar, ag éisteacht le Máirtín Breathnach chomh maith. Mar a dúirt Micheál Breathnach i léacht: *'is maith liom beirt d'ainmniú thar barr, agus tús áite a thabhairt dóibh le méid a n-eolas ar stair agus ar litríocht na tíre, iontacht an chruinnithe amhrán agus filíochta atá acu, nár thógadar is nach bhfuadar i leabhar ná i léinn; acht a chualadar is a thógadar le feabhas a gcuimhne. 'Siad seo sean-Mháirtín Breathnach, agus a mhac Pádhraic.'*

Má bhí Máirtín Breathnach agus Peadar Mac Thuathaláin ina seanchaithe anseo ar an Lochán Beag agus i mBaile an Tí Mhóir sa naoú céad déag, sheas Tom Phaidí Mac Diarmada agus Tom Bheartla Tom Ó Flatharta an fód sa bhfichiú céad agus san aonú céad ar fhichead.

Tá sé deacair a rá cén uair a thosaigh an scríbhneoireacht chruthaíoch sa bparóiste. Bhí Micheál Taeda Breathnach, a raibh cónaí air ar an Lochán Beag, ag scríobh ag tús na haoise atá caite agus a d'fhoilsigh *'Seilg i Measc na nAlp'*, altanna agus eile. Ansin tháinig *'An Bollsgaire'* Irisleabhar Chumann Díospóireachta Chois Fharraige, cumann a bunaíodh sa mbliain 1933.

An Bollsgaire

Foilsíodh an chéad eagrán den *Bhollsgaire* i Mí na Nollag 1937. Colm Ó Finneadha (Cóil Phádraig Sheáin Bhairbre) a bhí ina Eagarthóir air agus Pádhraic Ó Flaithbheartaigh (Pádhraic Phait na Learaíthe as an Lochán Beag) ina Bhainisteoir. Ábhar an-spéisiúil a bhí sa chéad eagrán sin. Dán, *'Cladach an Locháin'* leis an Dochtúir Pádhraic Ó Finneadha, An Lochán Beag; alt, *'Leighis agus Luibheanna'* le Tom Phaidí Mac Diarmada; dán *'An tAthair Micheál Ó Gríobhtha'* le Seosamh Mac Donnchadha (Joe Shéamuís Sheáin); alt, *'Gach Glún ag Athrú'* le Pádhraic Ó Cúláin, Teach Mór, (Pádhraic

Sheáinín Bheag); dán, *'Éagóir agus Leathtrom'* le Peaitín Tom Pheatsaí, Tulaigh Fhada, An Lochán Beag; scéal, *'An Fear a Bhí sa mBruighin'* a scríobh an

B'iontach an saothar é sin sa mbliain 1937. Nárbh iontach an saothar é a athfhoilsiú?

Dochtúir Pádhraic Ó Finneadha síos ó Sheán Ua Flaithbheartaigh (Seáinín Sheáin); dán, *'An Chúirt Bhréige'* le Pádhraic Ó Flaithbheartaigh, (Pádhraic Phait na Learaíthe); alt *'Ní Cainnt ach Gníomh'* le Máirtín Ó Flaithbheartaigh, Lochán Beag, (Máirtín Tom Pheatsaí); alt, *'I nÁrainn na Naomh'* le *'An Áithín'*; dán, *'An Imirce'* le Pádhraic Ó Flaithbheartaigh, An Lochán Beag; alt, *'Iasgach'* le

Máirtín Ó Tuairisg, (Máirtín Mór); agus bailiúchán, 'Sean-Rannta' a bhailigh Beartla Ó Flaithbheartaigh, An Tulaigh Fhada, (Máirtín Tom Pheatsaí), sa Lochán Beag. B'iontach an saothar é sin sa mbliain 1937. Nárbh iontach an saothar é a athfhoilsiú?

Bhí an páipéar 'Ar Aghaidh' á fhoilsiú ag an am sin chomh maith agus go leor tagairtí do Chois Fharraige ann. In eagrán 'Lughnasa, 1934,' mar shampla, tá alt faoin seanchlog a bhí i Scoil Shailearna. Tá alt, 'An Ghliomadóireacht' le Pádhraig Ó Cúláin, Teach Mór, agus tá grianghraf de na scoláirí a bhí ag freastal ar 'Árd-SGOIL MHICHÍL BHREATHNAIGH, AN CNOC' sa bhliain 1933.

Scríbhneoirí na linne seo

Anseo thíos tá scríbhneoirí a shaothraigh i bParóiste an Chnoic agus a bhfuil úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, leabhair léannta, filíocht, amhráin, aistí agus leabhair theagaisc foilsithe acu. Tá cuid acu ar shlí na fírinne anois *.

Ní féidir Cothrom na Féinne a thabhairt don ábhar seo in alt gairid. Céard is féidir a dhéanamh ach iad a ainmniú: *Máirtín Ó Cadhain, úrscéalta, gearrscéalta, Ciarán Ó Concheanainn, filíocht, Micheál Ó Conghaile, drámaí, gearrscéalta, filíocht, *Seán Ó Conghaile, aistí, Siobhán Uí Chonghaile (Júidín na mBreathnach), amhráin, Máirtín Davy Ó Coistealbha, scéalta agus filíocht, *Máirtín Ó Curraidhin, filíocht, Gearóid Denvir, leabhair agus aistí léirmheasa agus filíocht, *Tom Pheaidí Mac Diarmada, filíocht, *Joe Shéamuis Sheáin Ó Donnchadha, filíocht, *An Mon. Eric Mac Fhinn, beathaisnéis, béaloideas, *Pádhraig Learaí Ó Finneadha, filíocht, Cóil Learaí Ó Finneadha, filíocht agus scéalta, Pádraig Ó Héalaí, leabhair bhéaloideas, Máire Uí Mhainnín, drámaí agus amhráin do ghasúir, *Seán Ó Mainnín, drámaí, Clíodhna Ní Mhurchú, filíocht, Joe Steve Ó Neachtain, úrscéalta, gearrscéalta, drámaí, filíocht, Darach Ó Scolaí, scéalta, Ruaidhrí Ó Tuathail, filíocht, Ruairí Ó Tuairisg, aistí, Seán Ó Tuairisg, leabhair theagaisc.

Tá scríbhneoirí teilifíse anois ann, an tonn nua a chuireann sceitimíní ar lucht féachana TG4, agus RTÉ, Niamh Ní Bhaoill, Greg Ó Braonáin, Jemma Bhreathnach, MacDara Ó Curraoin, Joe Steve Ó Neachtain, agus Darach Ó Scolaí, scriptscríbhneoirí do

Ros na Rún agus do chláracha eile Gaeilge.

Agus ansin tá na daoine óga i gColáiste Cholmcille, daoine óga a fuair spreagadh i dtreo na scríbhneoireachta óna múinteoir, Gertrude Nic an Iomaire. Is féidir linn a bheith dóchasach, mar thoradh ar a cuid oibre, ach an margadh a bheith ann dóibh, go mbeidh glúin nua scríbhneoirí ar fáil sa Pharóiste. Ghnóthaigh na scríbhneoirí óga seo 30 duais liteartha eatarthu le cúig bliana anuas: Dáire Ó hAinmhire, Eoghainín Ó hAinmhire, Maria Ní Bheoláin, Diarmaid Ó Ceallaigh, Rónán Ó Coileáin, Ciarán Ó Coincheanainn, Rónán Ó Conghaile, Síle Denvir, Deirdre Ní Dhroighneáin, Máire-Treasa Ní Dhubhghaill, Gearóid Ó Dubhghaill, Pádhraigín Ní Fhátarta, Páidín Ó Griallais, Daithí Ó Loideáin agus Ciarán Ó Tuathail.

An mbeidh an margadh ann dóibh? Beidh, má bhíonn léitheoirí ann. Sin é an dúshlán mór. An féidir

linn léitheoirí a chothú? Tugann Bord na Leabhar Gaeilge cúnamh d'fhoilsitheoirí agus do scríbhneoirí, spreagann Oireachtas na Gaeilge agus Cló Iar-Chonnachta scríbhneoirí trí chomórtas a chur ar fáil, tá córas díolacháin ag Bord na Gaeilge, ach ní léir go bhfuil sé mar chúram ar aon eagrais ar leith léitheoirí a fhorbairt. Tá gá leis, agus ar scála náisiúnta.

B'fhéidir go bhféadfaí é a dhéanamh trí Ghlór na nGael. **Nárbh iontach an spreagadh don scríbhneoireacht, agus don fhoilsitheoireacht, dá mbeadh ciorcal léitheoirí i ngach ceantar ina bhfuil Glór na nGael ag feidhmiú?**

An focal crua a bhí ag Máirtín Ó Cadhain do na heagrais Ghaeilge go minic, mar gur mheas sé iad a bheith mí-éifeachtach. Ach, bhí meas aige ar Ghlór na nGael. Is é a dúirt sé faoi Ghlór na nGael sa mbliain 1969:

"Sé Glór na nGael an cineál iarracht i mbaile a chuirfeadh óg agus aosta, saibhir agus bocht, fiú Gaeilgeoir agus neamh-Ghaeilgeoir ag saotharú i gcomhar agus i mbun cineálachaí éagsúil saothair. 'Sé an cineál rud é a dhéanfaidh áit chéadúil aistí féin i ngeall ar an nGaeilge agus a rinne Cumann Lúthchleas Gael áiteachaí ar bhealaigh eile.'

Sin scríbhneoir clúiteach ag caint linn. B'as an bparóiste seo é. B'fhiú éisteacht leis. Céard faoi ciorcal léitheoirí i ngach ceantar ina bhfuil coiste de chuid Ghlór na nGael?

(Má tá aon ní míchruinn nó aon easnamh ar an eolas san alt seo bheadh an scríbhneoir fíor bhuíoch don té a chuirfeadh é sin in iúl dó).



Micheál Ó Conghaile

Reilig an Chnoic

Tá an obair chothabhála ag dul ar aghaidh i gcónaí. Baineadh an féar sa dá Reilig go rialta i rith an tSamhraidh agus tá cúram ar leith déanta do chothabháil na Seanreilge i mbliana. Faoi dheireadh thiar thall tá slacht anois air agus tá an féar coinnithe go slachtmhar. Buaileadh péint ar an ngeata. Bailíodh dhá ualach bruscar de chuile chineál sa Seanreilig i mbliana.



An reilig nua ar an gCnoc

Tá slacht maith ar an Reilig Nua freisin tar éis obair chothabhála na bliana seo. Cheannaigh muid bothán adhmaid le n-úsáid mar áit stórála do na deiseanna éagsúla a úsáidtear ar obair na Reilige. Tá obair breise ar an gclár oibre don Gheimhreadh seo, sé sin roinnt suiminte agus moirtéil a chuir idir uaigheanna áirithe le na fiailí a choinneáil faoi smacht.

Tá togra suimiúil ar bun ag an gCoiste i mbliana sa mhéid go bhfuil meitheal mná ag obair ar na huaigheanna sa Sean Reilig agus sa Reilig Nua. Tá sé í gceist acu chuile uaigh a mharcáil ar mhapa agus liosta a dhéanamh do na hainmneacha uilig atá ar chuile cheann. Tá sé i gceist againn leabhrán a chur le chéile agus é a fhoilsiú nuair a bheas an t-eolas uilig bailithe. Bheadh an-suim againn pictiúir, idir sean agus nua, a chur sa leabhrán agus beifear i dteagmháil libh arís faoi

seo amach anseo. Tá an togra faoi chúram na heagraíochta Gaeltacht i gCéin agus tá an ceannáras acu sin i dTír an Fhia. Fuair muid €1,430 mar shíntiúis ón bpobal don bhliain seo agus ar ndóigh tá muid mar Choiste thar a bheith buíoch don chúnamh seo. Cuirfear cuntas airgid ar fáil ag deireadh na bliana agus scaipfear eolas i nuachtlitir tríd na Scoileanna agus an Séipéal.

Ba bhreá leis an gCoiste sconsa de chloch na háite a thógáil mar éadan ar an mballa atá ag síneadh le bóthar agus tá súil againn tabhairt faoin jab seo an gheimhreadh seo romhainn. Ar son an Choiste, is mian liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn i rith na bliana go mór mhór iad san a thug síntiúis airgid dúinn agus iad san a rinne obair dheonach sna Reiligí.

An Brat Glas

Is fadhb domhanda í an dramhaíl – fadhb atá ag cur an-chuid brú ar an timpeallacht mar nach bhfuil muid ag déanamh aon bhainistíocht cheart air. I mbliana, i gColáiste Cholmcille, thug Rang 3A1 O.S.S.P. faoi thogra a dhéanamh leis an mBrat Glas a fháil don scoil agus a gcion féin a dhéanamh don timpeallacht le scoláirí, múinteoirí agus an pobal i gcoitinn a chur ar an airdeall. Siombal idirnáisiúnta is ea An Brat Glas agus tá 9,000 scoil san Eoraip agus san Aifric Theas páirteach ann. Glacann An Taisce agus na Comhairlí Contae áitiúla freagracht as anseo in Éirinn.

Ag tús na bliana, fuair muid Oifigeach Timpeallachta na Comhairle Contae, Sinéad Ní Mhainnín, amach chun labhairt linn agus tar éis Coiste Lárnach a bhunú, rinne muid suirbhé timpeallachta chun a fháil amach cén saghas agus cé mhéad bruscair a bhí ag dul amach ón scoil gach seachtain. De bharr thoradh an tsuirbhé, thosaigh muid scéim athchúrsála chun páipéar, plaisteach agus cannaí a athchúrsáil. Rinne Rang na hIdirbhliana boird éin don fhuilleach aráin agus chuir muid cón glas ag obair don fhuilleach torthaí agus málaí tae. D’eagraigh muid comórtais litríochta, ealaíne agus manaí agus rinne muid clár ar Raidió na Gaeltachta chun eolas a thabhairt do mhuintir na háite. Bhí “Lá Glas” againn freisin – lá gníomhúcháin agus – chuaigh chuile dhuine amach ag glanadh suas agus ag cur plandaí. Chuir siopadóir áitiúil crann, a ndearna sé urraíocht air, i rith Sheachtain Náisiúnta na gCrann.

Is iontach an togra é le freagracht phearsanta agus freagracht phoiblí a mhúineadh do na scoláirí agus dea-thaithí a chothú iontu a thiocfaidh chun a leas féin agus leas an tsochaí amach anseo. Ghlac na daltaí go fonnmhar leis an bhfreagracht seo i mbliana agus is creidiúint dóibh go bhfuil laghdú 50% tagtha ar an mbruscar atá ag dul sa líonadh talún anois.

Mar sin, is le bród agus le gliondar croí a ghlac siad leis an mBrat Glas ón Aire Stáit, Síle de Valera, ag searmanas a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 27ú Bealtaine.

Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Máirtín Ó Dubhghaill

(Rúnaí, Chumann Camógaíochta Chois Fharraige)

Tá 164 cailín as ceantar Chois Fharraige cláraithe leis an gCumann don bhliain 2004. Cailíní ó aois 7 mbliana suas. Bíonn foirne ón gCumann páirteach i gComórtais Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach, sna ranna seo a leanas: Faoi 10, Faoi 12, Faoi 13, Faoi 14, Faoi 16, agus Sóisear. Bíonn traenáil ar siúl ar Pháirc na mBreathnaigh chuile Shatharn óna 4.30pm go 7.00pm

Is iad na traenáilaithe a chuidíonn leis an obair seo ná, Martina Ní Ghabháin, Bríd agus Aindí Bleasdale, Caitríona Ní Chonchubhair Méabh agus Paddy ó hEadhra agus Máirtín Ó Dubhghaill. Is í an Ghaeilge an teanga caidrimh atá sa Chumann ar ndóigh. Is muid an t-aon Chumann Camógaíochta ón nGaeltacht agus tugann na himreoirí seo againne an teanga leo go dtí chuile choirnéal den chontae.

Reáchtáil an Cumann seo Campa Seachtaine Camógaíochta ón lú go dtí an 20ú de Lúnasa agus ar na teagascóirí a bhí againn bhí Cyril Lyons, (Iarbhainisteoir Cho. An Chláir), Eoin Ó Ceallaigh (Múinteoir ó Inis, Co. an Chláir) agus Cathal Moore, imreoir Chontae na Gaillimhe. Tá Gaeilge den scoth ag an triúr seo agus rinneadh an oiliúint ar fad trí Ghaeilge.

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre

“Tá moladh an-suntasach agus an-radacach anseo faoi Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a bhunú sa cheantar seo agus ceapaim go bhfuil sé fíorthábhachtach go dtiocfaidh muid uilig ar bord idir Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le deimhin a dhéanamh de go dtarlóidh sé seo. Téann sé seo go dtí croílár na ceiste maidir le buanú agus sealbhú na Gaeilge agus an Ghaeilge a thabhairt slán ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile ach go dtabharfaidh muid aghaidh ar phleanáil na teanga ag an leibhéal seo”, a dúirt Leas-Phríomhfheidhmeannach an Údaráis, Pádraic Ó hAoláin, ag ócáid seolta an staidpháipéir ar Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige.

Cé go bhfuil ceantar Chois Fharraige fós an-láidir ó thaobh labhairt na Gaeilge de aithnítear go forleathan go bhfuil brú an Bhéarla ina dhúshlán mór ag muintir na Gaeltachta i gcoitinne. Níl aon amhras ar Chomharchumann Shailearna ná ar Ghrúpa Oibre an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh ach go bhfuil an tIonad nua seo ar cheann de na beartais is tábhachtaí riamh ó thaobh na pleanála teanga de i gceantar Chois Fharraige.

- Cinnteoidh an tIonad nua seo go bhfuil seirbhísí comhtháite cúram leanaí trí Ghaeilge ar fáil do theaghlaigh Chois Fharraige ó aois na réamhscolaíochta go haois iarbhunscoile faoi aon díon amháin. Cruthóidh an tIonad seo nósmaireacht teanga (Gaeilge) i measc leanaí an cheantair ón aois go mbeidh siad ag freastal ar na seirbhísí luathoideachais go dtí go mbeidh an iarbhunscoil críochnaithe acu.
- Cabhróidh an tIonad seo chun dul i bhfeidhm ar an rogha teanga a dhéanann tuismitheoirí ag baile trí chúrsaí réamhbhreithe agus réamhphósta, a mbeidh modúl ar theanga an teaghlaigh mar chuid dóibh, a thairscint don phobal.
- Cuirfidh an tIonad seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teanga ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh teanga an teaghlaigh a iompú ó Bhéarla go Gaeilge, mar shampla do theaghlaigh atá tar éis filleadh ó thar lear.
- Cruthóidh an tIonad comhlúadar Gaeilge nua sa cheantar, áit ina bhféadfadh tuismitheoirí agus teaghlaigh an cheantair teacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge.
- Reáchtálfar cúrsa oiliúna i réimsí an luathoideachais agus na tacaíochta teaghlaigh trí Ghaeilge san Ionad. Ciallóidh sé seo go mbeidh deiseanna oiliúna agus fostaíochta den chéad scoth trí Ghaeilge ar fáil d’óige an cheantair.

Cé go bhfuil an-dul chun cinn sa cheantar ó thaobh deiseanna oideachais, traenála agus fostaíochta ó bunaíodh Comharchumann Shailearna, níl aon amhras ach go gcuirfeadh an tIonad nua seo leis na deiseanna sin.

- Beidh seirbhísí cúraim leanaí ar fáil do rannpháirtithe na scéimeanna CE agus na gcúrsaí a ritheann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i Seanscoil Sailearna.
- Beidh tacaíocht ar fáil do gach teaghlach sa cheantar atá á lorg agus beidh seirbhísí an Ionaid ábalta tacaíocht den scoth a thabhairt do ghasúir nó teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, do thuismitheoirí singile, agus do thuismitheoirí atá dífhostaithe.
- Ciallóidh an tIonad seo go mbeidh breis seirbhísí cúraim leanaí den scoth ar fáil do thuismitheoirí an cheantair ar phraghas réasúnta agus go mbeidh deis acu siúd nach bhfuil ag obair nó i mbun traenála faoi láthair, ach go dteastaíonn uathu a leithéid a dhéanamh, tabhairt faoi.
- De réir mar a fhorbraíonn an tIonad, beifear in ann cúrsaí oideachais agus traenála a rith ann a oilfidh daoine i réimsí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh.
- Faoi láthair tá ochtar fostaithe idir Naíonra Chois Fharraige agus Naíolann Sailearna. Meastar go mbeidh ar a laghad 20 duine fostaithe go lánaimseartha san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh.

Pleananna an Chomharchumainn

Luíonn an fhorbairt seo go huile agus go hiomlán le pleananna forbartha agus teanga Chomharchumann Shailearna, mar aon le pleananna forbartha na neagraíochtaí áitiúla pobail agus stáit eile atá sa cheantar. Níl aon amhras ach go rachaidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh seo ó neart go neart agus go

mbeidh sé mar eiseamláir ag pobail eile de bharr na pleanála, an chomhoibrithe pobail agus na fealsúnachta teanga atá á dtiomáint. An ghné is tábhachtaí ar fad a léiríonn go n-éireoidh thar cionn leis an Ionad nua seo ná gur ón bpobal féin a d'eascair an t-iarratas seo agus gur iadsan atá a bhrú chun cinn. Ní hamháin go mbeidh an tIonad mar dheashampla d'fhorbairt i measc an phobail, is cinnte go mbeidh sé mar áisitheoir ar go leor forbairtí teanga lárnaithe eile sa cheantar chomh maith.

Tá léaráidí an Ionaid curtha ar fáil do ghrúpa oibre Chomarchumann Shailearna Teo. ag an ailtire Aonghus Mac Anna. Mar gheall ar an tábhacht a fheiceann an Deoise leis an togra seo, ó thaobh bhuanú na Gaeilge agus ó thaobh bhuanú an phobail i gcoitinne de, bhronn siad suíomh ar Chomharchumann Shailearna don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh – suíomh atá taobh thiar de Shéipéal an Chnoic i gCois Fharraige. Tá cead iomlán pleanála faighte ó Chomhairle Contae na Gaillimhe. Is iad seo a leanas na spásanna a bheidh san Ionad nua:

- Seomra ar leith don Naíolann ina mbeidh spás do 36 gasúr (Aois 0-1 – seisear, Aois 1-2 – Deichniúr, Aois 3-6 – fiche gasúr)



An tAth. Colm Ó Conchubhair as Both Loiscthe ar an 3ú Lúnasa, 1962. Bhásaigh an tAth. Colm ar an 6ú Márta, 1996 agus tá sé curtha i Reilig an Chnoic.

- Spás ar leith don Naíonra ina mbeidh spás do dhá sheisiúin 20 gasúr ag aon am ar leith. Beidh an deis ann Naíonra maidine agus tráthnóna a reáchtáil de réir an éilimh.
- Spás do Sheirbhísí iarscoile. Beidh seomraí ar an dara hurlár san Ionad ar fáil do chlubanna spraoi, clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, ceoil agus clubanna obair bhaile. Bheadh spás ann do leabharlann ar leith do ghasúir chomh maith agus seomra comónta. Reáchtálfar seisiúin staidéir tar éis scoile agus gníomhachtaí do ghasúir dara leibhéal de réir éilimh.
- Spás Oifige agus Riaracháin.
- Spás do sheirbhísí Teiripeach Teanga agus seirbhísí eile de chuid an Bhoird Sláinte.

Ag seoladh an staidpháipéir, dúirt an tAire Éamon Ó Cuív, T.D., "gur i gceantar Gaeltachta Chois Fharraige mar atá Údarás na Gaeltachta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Oifig an Choimisinéir Teanga, TG4, agus Raidió na Gaeltachta gur féidir a rá anois go cinnte gurbh é an croílár nó an phríomhchathair ó thaobh seirbhísí Gaeilge na tíre é."

Amharclann Chois Fharraige

SEANSCOIL SAILEARNA

**Indreabhán,
Co. na Gaillimhe**

Fón: 091-593017

Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

ar lean ó lch. 10

Níor gheall Dia mórán achair d'Annie bhocht le só a bhaint as a cuid tógála agus tugadh isteach go dtí Ospidéal Pháirc Mheirlinne í, áit ar chaith sí laethanta fada ar a slatracha agus í tinn go maith. Aoine an Chéasta 1959 go doimhin san oíche agus í i leaba Annie, Tigh Mholly, chonaic mo mháthair laimpín an *Sacred Heart* ag éirí den bhord. Ghearr an laimpín fíor na croise ar an aer agus chuaigh amach glan thríd an bhfuinneog. Níor mhór a thuiscint nach raibh cúrsaí teileachumarsáide ná taistil mar atá anois. Go deimhin ní dóigh go dtuigfeadh ná go gcreidfeadh gasúir na linne seo an tsollúntacht a bhíodh ag baint le Aoine an Chéasta an uair sin ach oiread.

D'éirigh mó mháthair luath an mhaidin sin agus dúirt le Michael nár mhór tacsáí a fháil le dhul isteach chuig an ospidéal mar gur mheas sí, i bhfianaise a bhfaca sí, go bhfuair Annie bás i rith na hoíche. Bhí moill ar an tacsáí ach idir an dá linn tháinig sreangscéal aniar ó Tigh Ned, áit a raibh an Posta ag an am sin, gur bhásaigh Annie Mholly ag an am díreach a bhfaca mo mháthair laimpín an *Sacred Heart* ag éirí den bhord ina seomra. Dá bhfaigheadh Annie saol fada agus dá dtabharfaí cead a cinn di, níl aon amhras orm ná go mbeadh dreach eile ar fad ar Tigh Mholly anois. Ní mar a shíltear a bhítear. Fágadh réachtáil an tsiopa agus an 'phub' faoi Mhichael agus faoi Khathleen ina dhiaidh sin.

Cuimhní Cinn

An chuimhne is túisce atá agam féin ar Tigh Mholly agus mé i mo ghasúirín sna 50dí agus muid tagtha aniar ón gClochán ar saoire ná a bheith sa seomra codlata os cionn an bheáir ag éisteach leis an gcaic agus an deachaint na bhíodh ar siúl sa mbeár thíos fúm. Níorbh fhada gur thuig mé go raibh an spóirt is an chraic, an deachaint is an tráthúlacht, an uaisleacht is an laethúlacht, an carthanas agus an mhacántacht ag baint le húinéirí an tí agus leis na cuislíméirí a tháinig isteach chucu chomh maith.

Má bhí saibhreas teanga, cultúrtha agus creidimh acu uilig, ní shin le rá go raibh aon cheo farasbairr de mhaoín an tsaoil acu. Bhí an fheilméireacht ann agus bhí roinnt áirithe ag plé le farraige ach ní mórán de luach saothair a bhí le fáil astu sin ach an oiread. Bhí an imirce go láidir ann agus tharla sé go minic go mbeadh an té a bheadh ag scéalaíocht Tigh Mholly inniu ag cuimhniú ar an mBád Bán nó ar Mheiriceá an tseachtain dar gcionn.

Mura raibh súil le huaighe bhí súil, agus dhá shúil scaití, le muir mar ba ócáid mhór shóisialta a bhíodh Tigh Mholly nuair a d'fhillfeadh an té a d'imigh ar imirce. Mura mbeadh i gceist ach saoire féin, ba chuma. An t-aon mhúisiam a chuirfí ar dhaoine an t-am

sin ná dá mbeadh canúint an Yeainc nó Shasana róláidir ar a gcuid Gaeilge. Bhíodh an ghráin shaoilte ar *"I guess"* nó *"Really"* an Yeainc, nó *"Oh my word"* nó *"A pint of bitter"* ag fear John Bull. Bhí an *'dole'* freisin ann agus deontais de chineálacha áirithe ann agus ba mhinic an dream taobh amuigh den Ghaeltacht ag caitheamh anuas ar an dá ghné sin de shaol na háite ach le fírinne ba mhaith saothraithe a bhíodh an t-airgead céanna a d'fhaighidís.

Bhain sclábhaíocht leis an bportach agus le baint mhóna ach má bhí féin chuidigh an portach céanna le beatha a chur ar an mbord. Sheasadh tiománaithe na leoraithe móna agus lucht na móna Tigh Mholly ar an mbealach Gaillimh. Ba mhinic ceithre nó cúig leoraí móna a bheith tarraingthe isteach ar an tsráid agus gach aon dream spalptha leis an tart ag an dusta móna. Thart ar £12 a d'fhaigheadh fear na háite ar leoraí móna i 1959. Dhéantaí na 'row-anna' os cionn an chrib a chomhaireamh ar an gcúlraid agus bhí deis breathnú anuas ar na leoraithe ó na fuinneoga thuas staighre féachaint cé chomh maith agus a líontaí an leoraí. *"Watch the hole in the middle, lads"* an mana a bhíodh ag fear leoraí amháin nuair a bhíodh sé ag iarraidh a chinntiú go raibh an leoraí líonta faoi mar ba maith leis féin. Ba mhór i gceist Sonny Heavey, agus Johnny Brennan an t-am sin ach b'údar mór riméid ag na 'Mollies' é nuair a thosaigh daoine de bhunadh na háite, m.sh. Tommy Donoghue agus Clann Ruaidí Mór, ag plé le leoraithe móna.

Deiseanna

Ní raibh se chomh héasca pionta a líonadh an t-am sin i gcomparáid leis na bealaí nua-aimseartha atá anois ann. Bairillí adhmaid a bhíodh ag Guinness an uair údaí agus chaithfí bairille a 'tapáil' le hiarraidh de mháiléad mór adhmaid a bhualadh díreach ar an spota ceart ar an 'tap' lena chur go feirc isteach sa mbairille agus le go gcuirfí an corc isteach roimhe. Mura mbuailfí i gceart ar an gcéad iarraidh é bheadh leath bairille pórtair bailithe amach as ina chúir agus bheadh tú féin, an 'pub' agus leath de do chuid cuislíméirí báite aige. Bhíodh dhá 'jug' ann le piontaí a líonadh, ceann agus pórtar ard ann agus ceann eile agus an pórtar ann níos *'flat-aílte'*.

Dá dhonacht dá raibh rudaí sa ngeimhreadh bhí an diabhal ar an bpórtar sa samhradh de bharr a bheith ard ag an teas! Chaitheadh Michael agus Kathleen go leor leoraí ama ag 'tendáil' ar na piontaí le go mbeidís ar an gcaighdeán a theastaigh uathusan. Ba scéal é go raibh foighid ag na cuislíméirí an t-am sin ag fanacht lena bpiontaí. Bhí an t-an-cháil ar Tigh Mholly faoin bpionta maith a bhí le fáil ann agus ba iomaí píosa sacaidh a dhéantaí faoi chomh mall agus a bhí an bheirt ag

líonadh na bpiontaí.

Dhéantaí freastal maith ar éilimh na bhfeilméirí agus na mban tí sna 50dí sa siopa. Ó thaobh beatha de, dhíoltaí earraí éagsúla sa siopa sna 50dí ach ba éard a bhí sa gcuid ba mhó acu ná ábhar bunata ar nós 'Bexitartar', sóidí, plúr le cácaí gridill/baile nó 'tartanna' a dhéanamh sa mbaile Bhíodh éileamh an-mhór ag gasúir scoile ar na *'bon bons'*, bhí 'jam dearg' agus 'jelly' dearg ar an tseil le punt a chéile ann, bhí snaoisín, pluganna tobac agus feaigs gan aon 'tip' orthu agus atá imithe den mhargadh le fada, á ndíol. Bhíodh galaoireach *coal tar*, 'blade-anna 2d Mhac's Smile' agus 'Gillette' le fáil ag an té a bhí ag iarraidh smais a chur air féin. Don té a bheadh tinn ba í *'Mrs. Cullens Powder'*, *'castor oil'* agus *'linseed oil'* a leigheasadh gach uile ghalra.

An cuimhin le aon duine agaibh *"Reckitts Blue"*? Le pluideanna a thuaradh a cuireadh ar an margadh é ach bhíodh muintir Chonamara á chur thríd an *'whitewash'* le dath gorm a chur ar na tithe ceann tuí. An té a chuirfeadh an iomarca de thríd an dath b'amhlaidh a bhíodh teach corcra aige a bhainfeadh 'svae' de theach ar bith sna tíortha coimhthíocha. Os ag caint ar dhathanna é, níl a fhios cén chluain a chuirfí ar Ghaeilgeoirí nuair a d'iarraidís *'polish'* agus go gcuirfí ceist orthu *"An blackin' dubh nó blackin' buí atá uait?"*

Na Seascaidí

Saol sách athraitheach a bhí sna 60dí agus ba é a fhearacht sin ag muintir na háite agus ag Tigh Mholly é. D'fhéadfaí a rá go raibh ní ba mhó den rachmas á roinnt leis an bpobal sa taobh seo tíre sna 60dí. Bhí an-tóir ar oideachas agus ar na postanna sin a thiocfadh dá bharr. B'sheod é an t-am ar thosaigh na Gaeilgeoirí ag teacht ina ngeaingeanna. Bhí éileamh ar bheatha áirithe agus gam am ag na mná tí a bheith ag caitheamh ama ag réiteach rudaí a bhí le fáil go héasca sa siopa, earraí 'nua' ar nós builíní bána/donna (nó *'sliced pan'* mar a thugtaí orthu), im an 'chréamaráí', briosaí nó *'crackers'* mar a thugtaí orthu de gach uile chineál, Corn Flakes, tineanna agus boscaí a raibh gach uile chineál beatha iontu, crúscaí *'marmalade'*, 'jam' de chuile dhath, 'jelly green' ar thóg sé píosa ar dhaoine a dhul i gcleachtadh air.

Bhí dhá am sa ló nuair a bhíodh brú sa siopa: ag a trí a chlog nuair a bhíodh an scoil bheag dúnta agus ag a ceathair nuair a bhíodh lucht an 'Tech' anoir. Ba chomhartha dul chun cinn é nuair a cuireadh 'am brú' eile leis i. nuair a thosaigh an mhonarcha 'Hydro', bhíodh brú ag tosaí ag an haon a chlog. Bhíodh an-tóir ar mhílseáin, ar chríps nó *'crípes'* mar a déarfadh corrdhuine a raibh sé de mhisneach ann roinnt sacaidh a dhéanamh, ar tineanna Coke/Fanta, ar chuile chineál rud a bhí

thíos sa gcuisneoir a raibh ainmneacha aduaine orthu, ar 'shocolate' 3d agus ar 'shocolate' 6d.

Nuair a athraíodh an t-airgead bhí fadhb mhór ag baint leis an 'bPenny Bar'. Ní ba mheasa ná sin bhí roinnt den seandream a d'iarradh ar Kathleen a mbillí a dhéanamh amach sa seanairgead le go dtuigfidís cén praghas go barainneach a bhí ar gach uile shórt. Caithfear cuimhniú air nach raibh aon áireamhán nó 'calculator' ann ag an am leis an méid sin a oibriú amach agus nach raibh ann ach an peann, rud a d'fhágadh Kathleen fiachta.

Chuaigh tionchar na 60dí i bhfeidhm ar an mbeár freisin. Is cuimhin liom an chéad uair a tugadh cead Vodka a scaoileadh isteach sa 'bpub'. Bhí cineál beag cor agus cúiteamh ann faoi gur mná a d'ólfadh Vodka go hiondúil agus ba gheall le dhul i bhfoisceacht Ámén den 'decadence' a leithéid a dhíol. De réir a chéile bhí biotáillí eile ceadaithe agus buidéal eile beorach agus 'lager' le feiceáil ar na seilfeanna. Tharraing 'Lancer' caint mhór mar bhí sé in ainm's a bheith fíorláidir agus bhí teist air go mba iad na mná amháin a d'ólfadh é. Ní dheachaigh sé chomh fada le ceist choinsiasa, ach ba faoiseamh mór don bheirt gur imigh 'Lancer' den mhargadh gan tasc ná tuairisc. Tháinig 'Smithwicks' i mbairillí ar an bhfód agus bhí riar áirithe a d'iarradh pionta 'half and half' nó 'black and tan'. Bhíodh an oiread de mhéiseáil i gceist le pionta de sin a líonadh sa samhradh gur iomaí uair a bhit ag guimhe nach shin é a d'iarrfaí. Bhainfeadh 'Aspro' tinneas cinn agus daitheacha díot agus chuirfeadh 'Germoline' caoi ar chneá ar bith. Dóibh siúd a raibh spéis acu fear nó bean a fháil bhí 'Silvikrin' ann le caoi a chur ar do stuin agus galaoireach 'Lux' le boladh uaidh a mheallfadh Sarah Jessica Parker féin.

Bhí 'clár na meannaí' nó 'dart board' amuigh sa gcailleach agus b'iontach na himreoirí a bhí i gcuid de na cuisliméirí. Rud amháin a ndearna mé suntas de, go raibh go leor acu sin nach ndeachaigh thar an scoil bheag i bhfad ní ba sciobtha ag cur figiúirí le chéile ina gcloigeann ag dhéanamh amach cé mhéad 'meanna' a theastódh le go gcríochnófaí an cluiche ná an dream a raibh cáil an oideachais orthu. Mhéadaigh mo mheas go mór ar 'scoil an bhaile' i ngeall ar an 'dart board' céanna. Tá an clár fós ann agus cén fáth nach mbeadh? Nár chaith sé coicís mhór fhada tumtha i bpoitín shul má crochadh ar an mballa é mar gur creideadh gur faide a mhairfeadh sé de bharr an phoitín!

Má chuaigh cultúr na 60dí i bhfeidhm ar an saol mór bhí cuid mhór den spóirt is den chraic, den dea-chaint is den tráthúlacht, a bhain leis an seansaol, fós le n-aireachtáil sa 'bpub'. Seans gurb é an fáth a bhí leis seo ná nár cuireadh an teilifís isteach sa mbeár

riamh agus dá bhúthin sin nár ligeadh don teilifís tús áite a thógáil sa gcomhlúadar, rud a chuir fá ndeara do chuisliméirí agus do na húinéirí a spraoi féin a dhéanamh le go mbainfidís sásamh as a ndeoch. Cé go raibh teilifís thíos sa gcistineach, mhuchtaí í ar an toirt ach a dtagadh duine isteach ar cuairt agus chuireadh Kathleen binneog anuas air.

Bhíodh an chistineach lán nuair a bheadh cluiche ceannais nó rásaí iomráiteacha capall ar siúl. Thugtaí *Hill 16* ar an staighre ach ba é an t-iontas ba mhó faoi ná go raibh Kathleen i bhfad ní ba eolgaí faoi chúrsaí spóirt ná fear ar bith dá fheabhas. Bhíodh muintir an bhaile ag teacht isteach sa gcistineach ón gcéad rud ar maidin. Paddy Costelloe an chéad duine a thagadh isteach an doras ó thuaidh agus é ag feadaíl dó féin le teann lúcháire. Ba mhinic leis tine a bheith coigilte don bheirt nár éirigh fós. Tamaillín gearr ina dhiaidh sin thagadh Beartla Beag agus thagadh muintir an bhaile isteach ar cuairt ar an gcaoi sin ina nduine agus ina nduine le go ríomhfaí scéalta móra an lae nó go mbeadh an tráthnóna ann. Aisteach go leor ní bhíodh ann chúlchaint ann agus thug mé faoi deara nár cheadaigh Kathleen ná Michael aon bhéadán.

Ba gheall le halla damhsa an chistineach beagnach gach uile oíche, lán le daoine agus iad ar cuairt. Is cuimhin liom i ndeireadh na 60dí, nuair a bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta i réim, gur iomaí oíche sacaidh a bhí ann ag saghdadh faoi lucht leanúna Fhianna Fáil agus iadsan ag tabhairt dúshlán lucht leanúna na "gcearca".

"Beidh gach uile shórt ceart ach a dtaga na Cearta i gcumhacht," a deireadh ceann agus cáir air, "ní bheidh 'tax' ar bith le n-íoc ag duine ar bith as Conamara".

"Céard atá tú a' rá?" a d'abraíodh ceann eile agus cúthach air, "M'anam muise, a chloigis, gurb shin iad a bhfuil tóir acu ar 'tacks'. Fiafraigh de Jack Lynch bocht é!"

Bhí bua áirithe ag baint le Tigh Mholly gur airigh gach uile dhuine sa mbaile ann agus gur airigh siad iad féin ann mar dhuine den chlann seachas mar chuisliméir.

Na Seachtóidí

Bhí na 70dí fíorchosúil leis na 60dí ach amháin gur thosaigh Michael agus Kathleen ag tarraingt siar as cúrsaí gnó. Laghdaigh siad ar na huairéanta a mbíodh an siopa agus an beár oscailte. Ritheadh an gnó de réir a lámha, de mhaoil a mainge, ar bhealach. Ba shin an t-am a mbíodh na 'Mollies' a bhí thall i Meiriceá ag filleadh abhaile lena gclann leis an seanfhód a 'speáint dóibh.

Sna 70dí féin bhí rud éicint osnadúrtha fós ag baint le sagart nó le bean rialta a bheith sa gclann. Tháinig Delia Mholly abhaile lena hiníon Catherine a bhí ina bean rialta le Ord

San Doiminic thall ann. Bhí Comhairle na Vatacáine II gaibhte i bhfeidhm go mór i Meiriceá ach gan ach caint faoi in Éirinn agus dá bhrí sin ní raibh sí ag caitheamh éadach an 'nun'. Bhí sí sa 'bpub' maidin amháin nuair a thug Padda Bán caidéis don fháinne pósta a bhí ar a méir aici.

"Tá tú pósta théis chomh hóg leat, bail ó Dhia ort", a deir sé go laethúil léi.

D'aistrigh Micheal di. "Oh yes" a deir sí, "I am married but the man I am married to is in Heaven".

"Ó a dheirfiúirín, ní maith liom do thrioblóid, agus tú chomh hóg."

"Oh nó!," a deir sí agus na súile ag 'speáint na láiochta naofa sin a bheadh i súile naoimh, "I am married to God."

Agus é ag cuimilt a chorméir' dá shrón, faoi mar ba nós leis, deir sé, "Ó go sábhála Dia sinn, a Mhicheal, a mhaicín, ach nach gann a chuaigh fear uirthi?"

Ar éigean a bhí Michael in ann tada a rá de bharr gáirí ach pé ar bith céard dúirt sé ní raibh Gaeilge Phadda Bán agus aistriúchán Mhichael Mholly i bhfoisceacht 'mbeannaí Dia dá chéile. Tá scoláirí ollscoile ag baint céimeanna PhD amach de bharr taighde a bheith déanta ar an téama "An diamhasla sa bhFiannaíocht" agus seo é Padda Bán seo againne nach ndeachaigh thar an scoil bheag ag tíocht amach leis go nádúrtha glan oscartha.

Bhí feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta an cheantair sna 70dí, a bhuíochas sin a deir daoine do na 'Cearca' a chuir fá ndeara do Fhianna Fáil rud a chur ann do mhuintir Chonamara. Mar gheall air seo bhíodh go leor gníomhairí taistil ag teacht an bealach lena n-earraí féin a dhíol. Bhíodh Tierney, Melody, Maloney, Horan, Connaughton, Walsh, Dolan, Kenny, Quinn le n-áireamh ina measc. Aisteach go leor ba é an sloinneadh a d'úsáidí. Dá mbainfí úsáid as an ainm baiste chaithfí rud eicint a chur leis mar cháilíocht: Eugene an Bhainne, Tony na mBuilíní, Máirtín an Bhus a chaith nuachtán an lae, 'Scéala Éireann' amach den bhus agus isteach ar an tsráid chucu gach uile lá ar feadh na mblianta agus ar ndóigh, Ciarán an Bheainc. Mura n-úsáidí d'ainm ná do shloinneadh ní raibh buntáiste dá laghad ann dhuit. Thagadh 'Fear na Rátaí' uair amháin sa mbliain agus chaithfeadh gach uile úinéir tí sa toghcheantar a theacht Tigh Mholly agus a ghála féin de rátaí na bliana sin ar a theach a íoc leis. Ní dóigh liom go raibh a fhios ag aon duine cén t-ainm a bhí air ná ar an 'nGaugéara' a d'aireodh a chluasa an-te uaireanta i ngeall ar na comhráite a bhíodh faoi sa 'bpub'.

Féictheas dom gurb sheo é an tréimhe ar cailleadh cuid mhór den seandream a bhíodh ag teacht Tigh Mholly. Cailleadh cuid mhaith de na

comharsana ba ghaire dóibh, an Gabha Rua, Tom Khate, Cóil Phaddy, Paddy Costelloe, taobh thoir agus Seáinín Beag, Máirtín Mór, Pádraig Sheáinín, Jeaic Seoighe, Michael an Táilliúra, Mary Phadda Bán, Máire Bheartla Tom, Bid Bheartla taobh thiar. Cailleadh Michael é féin tar éis obráide ar 6 Meitheamh 1981. Ba rímhór an caillteamas do Tigh Mholly a bhás. Níl aon amhras orm ná go mbeadh deireadh le Tigh Mholly an uair sin murach pearsantacht láidir, Khathleen agus chomh maith agus a bhí na comharsana di, daoine muintearacha léi ina measc.

Ó shin

Choinnigh muintir na háite orthu ag teacht ar cuairt chuici go reigealálte agus bhí duine éicint i gcónaí istigh gach uile am den lá agus, go deimhin den oíche. Dhá bhliain thar éis do Mhichael bás a fháil dhúnadh Kathleen an beár ag timpeall's a seacht a chlog, théadh sí síos sa gcistineach ar a compóirt agus bhreathnaíodh ar chlár ar bith a mbeadh spéis aici féin ann, cláracha grinn, go háirithe. Duine ar bith a bheadh ag iarraidh pionta ina dhiaidh sin chaithfeadh sé a dhul isteach sa gcistineach áit a gcoinnítfí comhrá breá leis.

Ba iontach an cainteoir a bhí in Kathleen agus bhí stuaim agus gaois ag baint lena cuid cainte. Thagadh daoine óga chuici ag iarraidh comhairle uirthi, ruda a roinneadh sí orthu go fial. Bhí bua aici an dá thaobh a fheiceáil go gléineach agus leagadh sí amach an bealach ba réidhe as an ngábh don té a raibh comhairle uaidh. Dhéanadh sí sin ar bhealach áirithe le go dtabharfadh sí léi an t-éisteoir. Chaithfeadh síceolaí proifisiúnta blianta leis an gceird ag iarraidh an bealach sin a fhoghlaim. Ní raibh spalpas ar bith uirthi tabhairt faoi dhuine dá gceapadh sí i go raibh sé ag dul dó. Thagadh sí amach le ráiteas an-tráthúil a d'fhágfadh fir dá abartha ná dá dheisbhéalaí gan focal. Ní raibh sí in ann cur suas le sotal agus dá bhfeicfeadh sí an fhéith sin ionat d'fhéadfá a bheith ag súil le ropadh uaithi. Bhí féith an ghriinn go smior inti nár léirigh sí le mórán ach leo sin a thagadh ar cuairt chuici.

I rith an lae bhíodh na mná ag teacht isteach chuici agus nach acu a bhíodh na comhráite breátha, gealgháireacha thíos ag an tine. Nuair a thosaigh an Banc Taistil ag stopadh ar an tsráid taobh amuigh i 1968 ba éard a bhí in maidin Dé Mairt Tigh Mholly ná seisiún cartaíochta, nó *pantomine* mar a thug bean amháin air. Réitíodh Kathleen an tae agus ba ghearr go mbeadh an chistineach thar maoil le mná ag fanacht leis an mBanc. Dhéantaí siopadóireacht ag an am céanna ach ba shin i an ghné thánaisteach den ócáid. B'iondúil go ndéanadh duine de na comharsana 'tart' ullai nó sméara. Roinntí an 'tart', dhéantaí scéal mór faoi

chomh maith is a bhí sé bruite agus d'óltaí an tae. Ba gheall le cruinniú de Bhantracht na Tuaithe a bhíodh sa gcistineach, caint bheoúil, gach uile dhuine ag gairí, dea-chaint, sacadh faoina chéile, páistí óga ag screadach, Kathleen ag bagairt dá bhfeicfeadh sí máthair ag déanamh an iomarca 'pléasála', feaigs á gcaitheamh, agus ar ndóigh, an tae á ól.

Bhí sé de theist ar Khathleen nuair a bheadh sí ag caitheamh gail nach ligeadh sí oiread agus deatach an mheaits féin amú agus go slogfadh sí gach uile dheamaide den deatach nó go gcaithfeadh sí an *butt* sa ngríosach. Nuair a bheadh sí i mbun an chruinnithe, ina seasamh suas a bíodh sí agus a droim leis an tine agus, ar ndóigh, í ag cur dhi. Ba spésiúil an ní é, ach deir Ciaran an Bheainc go dtagadh Kathleen amach chucu ar an duine deireanach i gcónaí agus 'baranna chocolate' agus 'tineanna Coke nó 'Fanta' aici agus thugadh sí do lucht an bheainc iad ar an gcúlraíid.

Thagadh Tony na mBuilíní cúpla uair sa tseachtain, ach maidin Dé Máirt bheadh sé féin agus lucht an bheainc ag baint na sálta dá chéile ar an tsráid ó dheas. Chuireadh Kathleen fá ndeara do Tony bocht cáca milis a fháil do na mná a bheadh ar cuairt.

"Beag a aireos Lydon House é, muis!" an deilín a bhíodh ag na mná istigh.

Dhéantaí neart sacaidh faoi Tony nuair a dhéanadh sé roinnt na caillí mar is áil léi féin é ar an gcáca. Duine fíorstaidéarach a bhí in Kathleen agus do dhuine dá haois bhí smaointe fíornuaí aici faoi chúrsaí an tsaoil. Níor leas léi tabhairt faoi lucht ceannasaíochta ná faoi lucht eaglasta. Ó thaobh na polaitíochta agus cúrsaí sóisialta de, bhí Kathleen ina '*feminist*' i bhfad shul má bhí caint ar bith ar Germaine Greer. Bhí cáil an chantail uirthi agus ba í féin ba mhó a bhineadh spóirt as mar thug sí go rímhaith go raibh a fhios ag gach uile dhuine a raibh aithne cheart agus eolas acu uirthi nach raibh a leithéid ag baint léi.

Tráthnóna amháin tháinig 'seanfhear', mar a deir sí féin, ainneoin go raibh sí féin ní ba shine ná é, isteach sa mbeár díreach nuair a bhí sí ag dúnadh an bheáir. Bhí sé socraithe aici féin agus ag mo mháthair a dhul chuig an Aifreann gach uile thráthnóna ó tharla Mí na Marbh a bheith ann.

"Nach diabhalaí tráthúil atá tú ag tíocht chugam", a deir sí "agus mé díreach ag dúnadh suas."

"Tabhair dhom pionta, maith 'bhean" a deir mo dhuine.

"Ní thabharfad. Tabharfaidh mé *medium* dhuit."

Agus gothaí áirithe uirthi leag sí an *medium* ar an gcutar.

"Ná bí ag diúl air sin anois. Tá deifir ormsa, bíodh a fhios agat. Tá mé

féin agus Winnie ag gabháil soir chuig an Aifreann agus níl muid ag iarraidh a bheith deireanach mar gheall ortsa".

"Ó sin é é, ar ndóigh", a deir mo dhuine agus é ag breathnú sna frathacha agus ag caint ar an gcaoi go gceapfá uaidh nach raibh duine ar bith i láthair ach é féin. "Go sábhála Mac dílis Dé sinn ach tá daoine ag rítheacht soir chuig Aifreann Dé chuile thráthnóna agus b'fhearr dóibh go mór fada fanacht sa mbaile agus a bheith go deas leis na daoine."

Tháinig sí anuas ón mbeár agus í lagtha ag gairí agus chinn sé uirthi an méid a chaith mo dhuine a inseacht do Winnie de bharr gairí. Ach nuair a bhreathnaigh sí ar an gclog agus nuair a chonaic sí chomh deireanach is a bhí sí chuir sí uirthi an t-éadan poiblí agus le cáir mhór uirthi lig sí glamh aisti ó dhoras an bheáir. "Ná habair liom nach bhfuil an 'medium' sin críochnaithe fós agat!"

Nuair a bhásaigh Kathleen ar 11 Nollaig 1998 b'shin deireadh ré chomh fada agus a bhain sé le Tigh Mholly.

Anois

Ach má bhíonn deireadh ré ann ní shin le rá nach féidir ré nua a bheith ann ina diaidh. Choinnigh muid Tigh Mholly oscailte san oíche Dé Céadaoin agus maidin Dé Domhnaigh ó bhásaigh Kathleen in ómós don dream a chuaigh romhainn agus in ómós don dream a thagadh isteach Tigh Mholly agus dá gclann/muintir atá anois ann.

Ní hionann ré nua agus a rá go bhfuil snáth ceangail leis an tseanré briste. Is féidir a rá gan agó ar bith, go bhfuil an spóirt is an chraic, an dea-chaint is an tráthúlacht, an uaisleacht is an laethúlacht, an carthanas agus an mhacántacht ag baint leis na cuisliméirí a thagann isteach anois chugainn chomh maith céanna is a bhain na gnéithe sin uilig lena muintir a chuaigh rompu. Tá muid, faoi láthair, ag cur fairsinge le Tigh Mholly ar mhaithe lenar gcuisliméirí agus cé go mbeidh athruithe suntasacha thuas staighre i gceist beidh muid ag coinneáil dreach na seanáite díreach mar a bhí. Is iad na cuisliméirí a bhí ag comhairliú dúinn gan drannadh leis an tseanáit ach é a choinneáil díreach mar bhí sé mar ba shin é a b'fhearr leo féin é mar go raibh dáimh acu leis an tseanáit.

Is í an aidhm is mó atá curtha romhainn ná an tseanáit á réiteach sa gcaoi go mbeadh togha an phionta agus scoth an chomhludair le fáil Tigh Mholly i gcónaí agus go gcaithfear le gach uile dhuine a thiocfas faoi chaolacha Tigh Mholly ar an gcaoi go n-aireoidh siad go bhfuil meas orthu agus go n-aireoidh siad go bhfuil siad sa mbaile, faoi mar a tharla Tigh Mholly ariamh.

* * *

Go Maire Sibh Bhur Nuaíocht

09/10/03

**Micheál S. Ó Cualáin, Saile Chúna
Roisín Ní Loinsigh, Cor na Rón**

31/10/03

**Máirtín Ó Féinneadh, Cré Dhubh
Andrea Nic Lochlainn, Magh Chuilinn**

20/12/03

**William Francis Owen, Lackagh
Carmel Theresa Scally Breheny, Bealach a Doirín**

02/04/04

**Tony Ó Mistéil, An Cheathrú Rua
Máire Ní Neachtain, Seana Mhóinín**

12/04/04

**Damien Maguire
Gearóidín Ní Chonghaile, Both Chúna**

01/05/04

**Seán Ó Ráinne, Leitir Caladh
Máire Bhríd Ní Chonghaile, Caisleán**

19/06/04

**Robert McGrath, Gaillimh
Rebecca Knowles, Cré Dhubh**

03/07/04

**Tomás Ó Cualáin, Saile Chúna
Caroline Bhreathnach**

10/07/04

**Máirtín Ó Flátharta, Baile na mBrabhach
Caitlín Ní Chaisín, Minna**

31/07/04

**Beirtí Ó Flátharta, Lochán Beag
Marie Ní Chonghaile, Coill Rua**

06/08/04

**Rónán Ó Gríofa, Baile na hAbhann
Triona Bhreathnach, Indreabhán**

Fáilte Isteach

27/7/03

Cathal Ó Tuairsc, Cor na Rón

25/10/03

Keith Seosamh Ó Dugáin, Puirín

25/10/03

Seán Antaine Ó Céidigh, Bóthar Buí

31/10/03

Cillian Liam Ó Curraoin, An Cnocán Glas

2/11/03

Orlaith Bríd Ní Churraoin, An Cnocán Glas

16/11/03

Eabha Jane Ní Shuilleabháin, Coill Rua

3/12/03

Keith Seosamh Ó Flátharta, Lochán Beag

8/12/03

Marcus Ó Tuathail-Robinson, Coill Rua

13/12/03

Darach Eoin Flannery, Saile Chúna

17/12/03

Oisín Ó Flátharta, Lochán Beag

4/2/04

**Flann Patrick Walsh, Cor na Rún
Skylynn Angela Walsh (cúpla)**

11/2/04

Eoghan Pádraig Mac Donnchadha, Indreabhán

2/3/04

Oisín Seosamh Ó Coistealbha, Baile na mBrabhach

13/3/04

David Ó Tuathail, Leithrinn

20/4/04

Iarfhlaithe Seosamh Canny, Aille

7/5/04

Cormac de Bhailís, Lochán Beag

7/6/04

Jane Anne Ní Ghionnáin, Cor na Rón

18/6/04

Alan Joseph Mac Liam, Coill Rua

9/7/04

Clíodhna Róisín Ní Mháirta, Aille

Iúil 04

Oisín Liam Ó Cómhain, Aille

9/8/04

Owen Thomas Diviney, Coill Rua

22/8/04

Sadhb Ní Fhlátharta, Cré Dhubh

Slán Abhaile

19/11/03

Peigí B. Uí Chonghaile,
Caorán

29/12/03

Nan B. Uí Chonghaile,
Cré Dhubh

06/01/04

Manus Ó Coistealbha,
Aille

12/01/04

Máirtín S. Ó Neachtain,
Seana Mhóinín

25/01/04

Maidhc Ó Ceannabháin,
Aille

06/02/04

Mícheál Ó Féinneadha,
An Chloch Mhór

14/02/04

Seán Breathnach,
An Tulaigh

17/02/04

Máire Ní Chonghaile,
Aille

20/02/04

Pádraig Neilín Ó Neachtain,
An Cnoc

14/03/04

Máire B. Uí Chonghaile
(Chamaís), Aille

16/03/04

Dan Ó Cadhain,
Saile Chúna

12/04/04

Mairéad Ní Fhlátharta,
Cor na Rón Láir

19/04/04

Frank Mac Donnchadha,
Baile na hAbhann

01/05/04

Colm Ó Diollúin,
Coill Rua Thiar

06/05/04

Steve Rua Ó Féinneadha,
Cnocán Glas

13/05/04

Máire Chóil Bhille Uí Nuadhain,
Cor na Rón Láir

04/06/04

Pádraig Breathnach,
Leitir Fir

06/07/04

Máire Nic an Iomaire,
Doire Choill

09/07/04

Nan B. Uí Chadhain (Tailliúra),
Lochán Beag

21/08/04

Tommy Seoighe,
Tearmann Éanna

5/09/04

Nóra B. Uí Chualáin,
Teach Mór

11/09/04

Jimmy Ó Fátharta,
Teach Mór

17/09/04

Seán Ó Direáin,
Cor na Rón Thiar

17/09/04

Mícheál Ó Fatharta
Teach Mór

Foinse
Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge



Foinse

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 595520 Fón
091 595524 Faics
nuacht@foinse.ie r-phost

glac síntiús linn

Glacfar le fógraí pleanála i gceantar Chonamara

*Ar fáil sna siopaí
gach deireadh seachtaine*

